AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023
COM(2023) 309 final

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Scórchlár Ceartais AE 2023**

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Is fíor-riachtanach iad córais cheartais éifeachtacha chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú agus chun tacú leis an smacht reachta agus na luachanna eile ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus atá i gcoiteann ag na Ballstáit. Feidhmíonn na cúirteanna náisiúnta mar chúirteanna de chuid an Aontais agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm. Is iad na cúirteanna náisiúnta ar an gcéad ásc a áirithíonn go bhforfheidhmítear na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach i ndlí an Aontais ar bhealach éifeachtach (Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)).

Ina theannta sin, tá na córais cheartais éifeachtacha fíor-riachtanach freisin don iontaoibh fhrithpháirteach agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus ar inbhuanaitheacht an fháis fhadtéarmaigh. Sin é an fáth go bhfuil sé ar cheann de na tosaíochtaí ag an Seimeastar Eorpach – timthriall bliantúil an Aontais um chomhordú an bheartais eacnamaíoch – feabhas a chur le héifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais náisiúnta. Suirbhé bliantúil 2023 maidir le fás inbhuanaithe ([1]), ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais don bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta, ina ndeimhnítear an nasc atá ann idir córais cheartais éifeachtacha agus timpeallacht ghnó na mBallstát, agus geilleagar a fhóireann do dhaoine. Is féidir le córais cheartais atá ag feidhmiú go maith agus ag a bhfuil neamhspleáchas iomlán tionchar dearfach a imirt ar an infheistíocht, agus is ríthábhachtach iad chun an infheistíocht a chosaint, agus is amhlaidh dá réir a rannchuidíonn siad leis an táirgiúlacht agus leis an iomaíochas. Baineann tábhacht leo freisin chun a áirithiú go ndéantar forfheidhmiú trasteorann éifeachtach ar chonarthaí, ar chinntí riaracháin agus ar réiteach díospóidí, rud atá fíor-riachtanach d’fheidhmiú an mhargaidh aonair ([2]).

Sa chomhthéacs sin, is le Scórchlár Ceartais AE a thugtar forbhreathnú bliantúil ar tháscairí a dhírítear ar pharaiméadair fhíor-riachtanacha na gcóras ceartais éifeachtach:

- éifeachtúlacht;
- cáilíocht;
- neamhspleáchas.

Déantar tuilleadh forbartha i Scórchlár 2023 ar na táscairí le haghaidh na dtrí ghné uile, lena n-áirítear maidir le hinrochtaineacht ar cheartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe agus do dhaoine scothaosta, agus arís maidir le digitiú an cheartais, a d’imir ról ríthábhachtach chun na cúirteanna a choinneáil ag feidhmiú le linn phaindéim COVID-19 agus a thacaigh lena dtéarnamh ina diaidh, agus ar bhonn ginearálta chun córais cheartais éifeachtúla agus inrochtana a chur chun cinn ([3]). Leis an eagrán seo den Scórchlár Ceartais, neartaítear diminsean gnó gach ceann de na trí

---

[1] COM(2022) 780 final.

[2] Féach Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Identifying and addressing barriers to the Single Market [an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, lena sainaithnítear bacainní os comhair an Mhargaidh Aonair agus lena dtugtar aghaidh orthu], COM(2020)93, agus SWD(2020)54 a ghabhann leis.

[3] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities[Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020)710, agus SWD(2020)540 a ghabhann leis.

ghné trína bheith ag áireamh ann sonraí nua maidir le héifeachtúlacht i réimse an chomhraic i gcoinne an éillithe([4]) agus cairt nuashonraithe maidir leis na coimircí dlíthiúla i ndáil le cinntí riaracháin agus leantar de na sonraí maidir le muinín i gcosaint infheistíochta a chur i láthair. Ar deireadh, cuirtear in láthair i Scórchlár 2023 an chaoi ar thosaigh na córais cheartais á dtéarnamh ó na héifeachtaí a bhí ag paindéim COVID-19 ar éifeachtúlacht na gcóras sin.

[4] An 3 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach Pacáiste Frith-Éillithe, lena n-áirítear togra le haghaidh Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil. Togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac COM (2023) 234 agus Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe JOIN(2023) 12 final.

*– The Annual Rule of Law Cycle [Timthriall Bliantúil an Smachta Reachta] –*

Mar a fógraíodh i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen, bhunaigh an Coimisiún Timthriall cuimsitheach an Smachta Reachta chun a chuid faireacháin ar an gcás sna Ballstáit a dhoimhniú. Feidhmíonn Timthriall an Smachta Reachta mar uirlis choisctheach, lena ndoimhnítear an t-idirphlé agus an chomhfheasacht faoi cheisteanna i ndáil leis an smacht reachta. Ag croílár an timthrialla nua, tá an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta, ina dtugtar achoimre ar fhorbairtí suntasacha – idir fhorbairtí dearfacha agus diúltacha – i ngach aon Bhallstát agus san Aontas trí chéile. Sna Tuarascálacha, lena n-áirítear eagrán 2022 díobh, a foilsíodh an 13 Iúil 2022, tarraingítear ar éagsúlacht foinsí, lena n-áirítear Scórchlár Ceartais AE ([5]). Thairis sin, mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina hAitheasc ar Staid an Aontais 2021, áirítear le Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta moltaí chuig na Ballstáit. Táthar tar éis tuilleadh forbartha a dhéanamh freisin ar Scórchlár Ceartais AE 2023 chun an gá le haghaidh faisnéis chomparáideach bhreise a léiriú, mar a aithníodh le linn ullmhú Thuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta, chun tacú le Tuarascálacha amach anseo maidir leis an Smacht Reachta, lena n-áirítear i réimse an chomhraic i gcoinne an éillithe.

***Cad é Scórchlár Ceartais AE?***

Is uirlis bhliantúil d'fhaisnéis chomparáideach é Scórchlár Ceartais AE. Is é an cuspóir atá leis cúnamh a thabhairt don Aontas agus do na Ballstáit feabhas a chur ar éifeachtacht a gcóras ceartais náisiúnta trí bhíthin sonraí oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a chur ar fáil maidir le roinnt táscairí is ábhartha do mheasúnú ar (i) éifeachtúlacht, (ii) cáilíocht agus (iii) neamhspleáchas na gcóras ceartais i ngach Ballstát. Ní thugtar rangú aonair foriomlán ann. Tugtar forbhreathnú ann ina ionad sin ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gach córas ceartais de chuid na mBallstát, ar bhonn táscairí lena mbaineann leas coiteann agus ábharthacht do gach Ballstát.

Ní chuirtear aon chineál córais ceartais chun cinn sa Scórchlár féin, agus caitear le gach Ballstát ar bhonn cothrom.

Is paraiméadair fhíor-riachtanacha de chóras ceartais éifeachtach iad an éifeachtúlacht, an cháilíocht agus an neamhspleáchas, cibé samhail den chóras ceartais náisiúnta atá ann nó den traidisiún dlí ar a bhfuil sé bunaithe. Ba cheart na figiúirí i leith na bparaiméadar sin a léamh in éineacht, óir is minic a bhíonn na trí cinn uile idirnasctha le chéile (d'fhéadfadh tionscnaimh a bheadh dírithe ar cheann amháin acu difear a dhéanamh do cheann eile).

Is sa Scórchlár a thugtar táscairí den chuid is mó a bhaineann le cásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin, chomh maith le cásanna coiriúla áirithe (i.e. cásanna i dtaca leis an sciúradh airgid sna cúirteanna céadchéime), faoi réir infhaighteacht sonraí, d'fhonn cúnamh a thabhairt do Bhallstáit ina gcuid iarrachtaí timpeallacht a chruthú atá níos éifeachtúla, fabhrach d'infheistíochtaí agus don lucht gnó, agus do shaoránaigh. Is uirlis chomparáideach é an Scórchlár ar a dtagann athrú le linn idirphlé le Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa ([6]). Is é an cuspóir atá leis na paraiméadair fhíor-riachtanacha de chóras ceartais éifeachtach a shainaithint agus sonraí bliantúla ábhartha a sholáthar.

***Cad í an mhodheolaíocht a úsáidtear i Scórchlár Ceartais AE?***

Úsáidtear réimse foinsí faisnéise sa Scórchlár. Is ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa, ar chuir an Coimisiún conradh i gcrích leis chun staidéar bliantúil sonrach

[5] https://commission.europa.eu/publications/2022-rule-law-report-communication-and-country-chapters_en

[6] E.g. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Bealtaine 2018 maidir le Scórchlár Ceartais AE 2017 (P8_TA(2018)0216).

a dhéanamh, a sholáthraítear go leor de na sonraí cainníochtúla. Cumhdaítear na blianta 2012-2021 leis na sonraí, agus ba iad na Ballstáit a sholáthair iad i gcomhréir le modheolaíocht CEPEJ. Soláthraítear barúlacha mionsonraithe agus bileoga eolais tír-shonracha sa staidéar freisin lena dtugtar comhthéacs breise. Ba cheart iad a léamh in éineacht leis na figiúirí ([7]).

Taispeántar an 't-aga diúscartha' sna sonraí maidir le fad na n-imeachtaí a bhailigh CEPEJ – fad ríofa na n-imeachtaí cúirte (bunaithe ar chóimheas idir cásanna ar feitheamh agus cásanna fuascailte). Taispeántar sna sonraí maidir le héifeachtúlacht na gcúirteanna agus na n-údarás riaracháin chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i limistéir shonracha fad na n-imeachtaí a dhíorthaítear ó fhad iarbhír na gcásanna cúirte. Tabhair faoi deara go bhféadfadh fad na n-imeachtaí cúirte a bheith éagsúil go mór idir ceantair laistigh de Bhallstát, go háirithe sna lárionaid uirbeacha mar a bhféadfadh líon cásanna níos airde eascairt as gníomhaíochtaí tráchtála.

Is iad seo na foinsí sonraí eile, a chumhdaíonn an tréimhse idir 2012 agus 2022: an grúpa teagmhálaithe ar chórais cheartais náisiúnta ([8]), Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (ENCJ) ([9]), Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach (NPSJC) ([10]), Comhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas-Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh (ACA-Europe) ([11]), Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)([12]), an Gréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) ([13]), an Coiste Cumarsáide (COCOM)([14]), an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla ([15]), an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC) ([16]), an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid

---

7 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/eu-justice-scoreboard_en

8 Chun cuidiú le Scórchlár Ceartais AE a ullmhú agus idirmhalartú an dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le héifeachtacht na gcóras ceartais, d'iarr an Coimisiún ar Bhallstáit beirt teagmhálaithe a ainmniú, duine amháin ó na breithiúna agus duine eile ón aireacht ceartais. Buaileann an grúpa neamhfhoirmiúil sin le chéile go tráthrialta.

9 Tugtar le chéile in ENCJ institiúidí náisiúnta na mBallstát atá neamhspleách ar an bhfeidhmeannas agus ar an reachtas, agus atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do na breithiúna chun ceartas a sholáthar go neamhspleách: https://www.encj.eu/

10 Soláthraíonn NSPJC fóram ina dtugtar an deis d'institiúidí Eorpacha tuairimí na gcúirteanna uachtaracha a iarraidh, agus tugann sé níos gaire iad trí spreagadh a thabhairt do chomhphlé agus d'idirmhalartú smaointe: http://network-presidents.eu/

11 Tá ACA-Europe comhdhéanta de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus de na Comhairlí Stáit nó de dhlínsí riaracháin Uachtaracha gach Ballstáit den Aontas Eorpach: http://www.juradmin.eu/index.php/en/

12 Déanann CCBE ionadaíocht thar ceann bharraí agus chumainn dlí na hEorpa ina gcomhleasanna os comhair institiúidí Eorpacha agus institiúidí idirnáisiúnta eile. Feidhmíonn sé go tráthrialta mar idirchaidreamh idir a chomhaltaí agus na hinstitiúidí Eorpacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí dlí eile ar fud na cruinne: https://www.ccbe.eu/

13 Bunaíodh ECN mar fhóram do chomhphlé agus comhar idir údaráis iomaíochta na hEorpa i gcásanna ina gcuirtear Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i bhfeidhm. Is é ECN an creat le haghaidh sásraí dlúthchomhair de Rialachán (EC) Uimh. 1/2003 ón gComhairle. Trí ECN, téann an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta i ngach Ballstát AE i gcomhar a chéile: http://ec.europa.eu/competition/ecn/index_en.html

14 Tá COCOM comhdhéanta d'ionadaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Is é a phríomhról tuairim a thabhairt faoi na dréachtbhearta atá an Coimisiún ag beartú a ghlacadh maidir le fadhbanna sa mhargadh digiteach: https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/communications-committee

15 Is líonra saineolaithe agus sainpháirtithe leasmhara í an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla. Tá sí comhdhéanta d'ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, a chomhoibríonn le chéile i meithleacha gníomhacha: https://euipo.europa.eu/ohimportal/en/web/observatory/home

16 Is líonra é CPC d'údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais a fhorfheidhmiú i dtíortha an Aontais Eorpaigh agus LEE: http://ec.europa.eu/internal_market/scoreboard/performance_by_governance_tool/consumer_protection_cooperation_network/index_en.htm

agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (EGMLTF) ([17]), Eurostat ([18]), agus an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (EJTN)([19]), agus na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe ([20]).

Le himeacht na mblianta, táthar tar éis modheolaíocht an Scórchláir a fhorbairt agus a mhionchoigeartú i ndlúthchomhar le grúpa theagmhálaithe na mBallstát maidir le córais cheartais náisiúnta, go háirithe trí cheistneoir (arna nuashonrú ar bhonn bliantúil) agus trí shonraí a bhailiú maidir le gnéithe áirithe d'fheidhmiú na gcóras ceartais.

Tá feabhas á chur go leanúnach ar infhaighteacht na sonraí, go háirithe le haghaidh táscairí maidir le héifeachtúlacht na gcóras ceartais. Is é an fáth leis sin gur infheistigh go leor Ballstát ina n-acmhainneacht chun staidreamh breithiúnach níos fearr a tháirgeadh. I gcás inarb ann do dheacrachtaí le sonraí a bhailiú nó a sholáthar ar bhonn seasmhach, is de bharr acmhainneacht staidrimh uireasach é sin, nó toisc nach gcomhfhreagraíonn na catagóirí náisiúnta dá mbailítear sonraí go díreach do na catagóirí a úsáidtear le haghaidh an Scórchláir. Níl ach líon fíorbheag cásanna ann ina dtagann an t-easnamh sonraí ó easpa rannchuidithe ó údaráis náisiúnta. Coinníonn an Coimisiún air ag tabhairt spreagadh do Bhallstáit an t-easnamh sonraí sin a laghdú a thuilleadh.

***Cén chaoi a gcuireann Scórchlár Ceartais AE leis an Seimeastar Eorpach, agus cén chaoi a mbaineann sé leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)?***

Is leis an Scórchlár a sholáthraítear na heilimintí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais náisiúnta. Is le déanamh amhlaidh atá sé d'aidhm aige cuidiú le Ballstáit a gcórais cheartais náisiúnta a chur ar bhonn níos éifeachtaí. Trí chomparáid a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le córais cheartais na mBallstát, éascaíonn an Scórchlár do shainaithint an dea-chleachtais agus na laigí, agus do rian a choinneáil ar na dúshláin agus ar an dul chun cinn atá déanta. I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déantar measúnuithe a bhaineann go sonrach le tír trí idirphlé déthaobhach leis na húdaráis náisiúnta agus leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann. I gcás ina bhfuil tábhacht mhaicreacnamaíoch leis na heasnaimh a sainaithníodh, d'fhéadfadh an Coimisiún moladh a dhéanamh de thoradh na hanailíse ar an Seimeastar Eorpach maidir le moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a ghlacadh chun feabhas a chur ar na córais cheartais náisiúnta i mBallstáit aonair ([21]). Chuir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta níos mó ná EUR 737 mbilliún in iasachtaí agus i dtacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha ar fáil, agus ba ghá do gach Ballstát íosmhéid 20 % de sin a leithdháileadh ar an aistriú digiteach agus íosmhéid 37 % de sin a leithdháileadh ar bhearta a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide. Go dtí seo, tá na spriocanna sin sáraithe ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a mhol na Ballstáit, óir meastar 26 % de chaiteachas digiteach agus thart ar 40 % de chaiteachas aeráide a bheith ann. Tairgeann an tSaoráid

[17] Buaileann EGMLTF le chéile go tráthrialta chun tuairimí a chomhroinnt, agus chun cabhrú leis an gCoimisiún beartas a shainiú agus reachtaíocht nua frithsciúrtha airgid agus frithmhaoinithe sceimhlitheoireachta a dhréachtú: http://ec.europa.eu/justice/civil/financial-crime/index_en.htm

[18] Is í oifig staidrimh an Aontais í Eurostat: http://ec.europa.eu/eurostat/about/overview

[19] Is é EJTN an príomhardán agus an tionscnóir le haghaidh oiliúint a chur ar na breithiúna Eorpacha agus lena n-eolas a mhalartú: https://www.ejtn.eu/en/

[20] Coinníonn an Coimisiún grúpa neamhfhoirmiúil daoine teagmhála ar bun a bhíonn ag déileáil leis an gcomhrac in aghaidh éilliú. Féach freisin https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/internal-security/corruption/how-eu-helps-member-states-fight-corruption_ga.

[21] I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, sheol an Chomhairle, ar bhonn thogra an Choimisiúin, moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith maidir lena gcórais cheartais chuig seacht mBallstát in 2019 (HR, IT, CY, HU, MT, PT agus SK) agus chuig ocht mBallstát in 2020 (HR, IT, CY, HU, MT, PL, PT agus SK). Déanann an Coimisiún faireachán freisin ar athchóirithe breithiúnacha in BG agus RO faoin Sásra Comhair agus Fíorúcháin. Ní raibh aon mholadh a bhain go sonrach le tír faoi leith in 2021 i ngeall ar na próisis leanúnacha a bhain leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bhí dhá Bhallstát ann (PL agus HU) dá ndearnadh moltaí tírshonracha in 2022 maidir le neamhspleáchas breithiúnach.

Téarnaimh agus Athléimneachta deis chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith a bhaineann le córais cheartais náisiúnta agus chun dlús a chur faoi iarrachtaí náisiúnta chun aistriú digiteach na gcóras ceartais a chur i gcrích. Maidir le híocaíochtaí leis na Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneacha atá bunaithe ar fheidhmíocht, tá siad ag brath ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna. Go dtí seo, tugadh 6 000 garsprioc agus sprioc isteach, agus tá thart ar dhá thrian díobh ina n-infheistíochtaí agus aon trian díobh ina n-athchóirithe. Sa chomhthéacs sin, ní mór don Choimisiún dá bhrí sin measúnú a dhéanamh ar an meastar go rannchuideoidh pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar roinnt mhaith dúshlán a sainaithníodh sna moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith nó na dúshláin a sainaithníodh i ndoiciméid ábhartha eile de chuid an Choimisiúin a glacadh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([22]). Tar éis iarrataí na mBallstát ar íocaíocht agus measúnuithe dearfacha an Choimisiúin ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna faoi seach, rinneadh EUR 144.08 billiún de dheontais agus iasachtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a íoc amach leis na Ballstáit le blianta beaga anuas. Go dtí seo, áfach, níl measúnú déanta ag an gCoimisiún go fóill ar chomhlíonadh 92 % de na garspriocanna agus de na spriocanna.

***Cén fáth a bhfuil córais cheartais éifeachtacha tábhachtach do thimpeallacht ghnó atá fabhrach d'infheistíocht?***

Bíonn tionchar eacnamaíoch dearfach ag córais cheartais éifeachtacha a sheasann leis an smacht reachta, rud atá ábhartha go háirithe i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. I gcás ina ráthaíonn córais bhreithiúnacha forfheidhmiú cearta, agus nuair a ráthaíonn siad cearta, is mó an seans go dtabharfaidh creidiúnaithe iasachtaí, beidh muinín níos airde ag gnólachtaí agus díspreagtar iad ó bheith ag gabháil d'iompraíocht faille, laghdaítear costais idirbhirt agus is mó seans go ndéanfaidh gnólachtaí nuálacha infheistíochtaí. Go deimhin, tá córas ceartais éifeachtach fíor-riachtanach d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá sé in ann feabhas a chur ar chúinsí gnó, an nuálaíocht a chothú, infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, ioncaim chánach a fháil agus tacú le fás eacnamaíoch. Deimhnítear na tairbhí atá ag baint le córais cheartais náisiúnta a fheidhmíonn go maith le raon leathan staidéar agus litríocht acadúil, lena n-áirítear staidéir agus litríocht ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ([23]), ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ([24]), ó Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna ([25]), ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([26]), ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda ([27]), agus ón mBanc Domhanda ([28]).

---

22 Airteagal 19(3)(b) agus Airteagal 24(3) agus (5) de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

23 CAI, An Réamhaisnéis Eacnamaíoch Réigiúnach, Mí na Samhna 2017, *Europe: Europe Hitting its Stride*, lch. xviii, lgh. 40, 70: https://www.imf.org/~/media/Files/Publications/REO/EUR/2017/November/eur-booked-print.ashx?la=en

24 BCE, 'Structural policies in the euro area', Mí an Mheithimh 2018, Páipéar ócáideach le ECB, Sraith Uimh. 210: https://www.ecb.europa.eu/pub/pdf/scpops/ecb.op210.en.pdf?3db9355b1d1599799aa0e475e5624651

25 Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Lárionad Montaigne um an Smacht Reachta agus Riaradh an Cheartais in Ollscoil Utrecht, 'Economic value of the judiciary – A pilot study for five countries on volume, value and duration of large commercial cases', Mí an Mheithimh 2021: https://pgwrk-websitemedia.s3.eu-west-1.amazonaws.com/production/pwk-web-encj2017-p/Reports/Economic%20value%20of%20te%20judiciary%20-%20pilot%20study.pdf

26 Féach e.g. 'What makes civil justice effective?' OECD Economics Department Policy Notes, Uimh. 18, Mí an Mheithimh 2013 agus 'The Economics of Civil Justice: New Cross-Country Data and Empirics', Páipéir Oibre Rannán Eacnamaíochta ECFE, Uimh. 1060.

27 An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, 'The Global Competitiveness Report 2019', Mí Dheireadh Fómhair 2019: https://www.weforum.org/reports/global-competitiveness-report-2019

28 An Banc Domhanda, 'World Development Report 2017: Governance and the Law, Caibidil 3: The role of law', lgh. 83, 140: http://www.worldbank.org/en/publication/wdr2017

Fuarthas i staidéar go bhfuil comhghaol láidir idir laghdú ar fhad imeachtaí cúirte (arna dtomhas in aga diúscartha ([29])) agus méadú ar ráta fáis líon na gcuideachtaí ([30]), agus go bhfuil comhghaol idir céatadán níos airde – de 1 % – de chuideachtaí a fhéachann ar an gcóras ceartais mar chóras neamhspleách agus láimhdeachas níos airde gnólachtaí agus méadú táirgiúlachta níos mó ([31]).

Cuireadh i dtábhacht i roinnt suirbhéanna freisin an tábhacht atá le héifeachtacht na gcóras ceartais náisiúnta do chuideachtaí. I suirbhé amháin, d'fhreagair 93 % de chuideachtaí móra mar shampla go ndéanann siad athbhreithniú córasach agus leanúnach ar na coinníollacha maidir leis an smacht reachta (lena n-áirítear neamhspleáchas na cúirte) sna tíortha ina ndéanann siad infheistíocht ([32]). I suirbhé eile, d'fhreagair os cionn leath de na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go raibh an costas agus fad iomarcach na n-imeachtaí breithiúnacha, faoi seach, i measc na bpríomhchúiseanna nár tionscnaíodh imeachtaí cúirte mar gheall ar an sárú ar chearta maoine intleachtúla ([33]). I dTeachtaireacht an Choimisiúin maidir le *Bacainní ar an margadh aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu* ([34]) agus *Plean Gníomhaíochta um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair* ([35]) tugtar léargais freisin ar an tábhacht atá le córais cheartais éifeachtacha le haghaidh fheidhmiú an mhargaidh aonair, go háirithe do ghnólachtaí.

***Conas a thacaíonn an Coimisiún le cur chun feidhme na n-athchóirithe ceartais fónta trí thacaíocht theicniúil?***

Is féidir leis na Ballstáit tarraingt ar thacaíocht theicniúil an Choimisiúin atá ar fáil tríd an Ard-Stiúrthóireacht maidir le Tacaíocht um Athchóiriú Struchtúrach faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ([36]), ag a bhfuil buiséad iomlán EUR 864.4 milliún ó 2021 go 2027. Ó bhí 2021 ann, tá an Ionstraim ag tacú

29 Is éard atá san 'aga diúscartha' an líon cásanna gan réiteach arna roinnt ar an líon cásanna réitithe ag deireadh bliana arna iolrú faoi 365 (lá). Is táscaire caighdeánach é arna fhorbairt ag Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ): http://www.coe.int/t/dghl/cooperation/cepej/evaluation/default_en.asp

30 Vincenzo Bove agus Leandro Elia, 'The judicial system and economic development across EU Member States', JRC Technical Report, EUR 28440 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2017: http://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/bitstream/JRC104594/jrc104594__2017_the_judicial_system_and_economic_development_across_eu_member_states.pdf

31 *Idem.*

32 The Economist Intelligence Unit, 'Risk and Return – Foreign Direct Investment and the Rule of Law', 2015 http://www.biicl.org/documents/625_d4_fdi_main_report.pdf, lch. 22.

33 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Scórchlár FBM maidir le Maoin Intleachtúil (MI), 2016: https://euipo.europa.eu/tunnel-web/secure/webdav/guest/document_library/observatory/documents/sme_scoreboard_study_2016/Executive-summary_en.pdf

34 COM(2020)93 agus SWD(2020)54.

35 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions *Long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules*, [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean gníomhaíochta fadtéarmach le haghaidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr rialacha an mhargaidh aonair], COM(2020)94, go háirithe bearta 4, 6 agus 18.

36 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/funding-opportunities/funding-programmes/overview-funding-programmes/structural-reform-support-programme-srsp_en
Glacadh an rialachán don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil i mí an Mhárta 2021. De réir Airteagal 5 de, is é is aidhm dó tacaíocht a thabhairt maidir le: '…athchóiriú institiúideach agus feidhmiú éifeachtúil atá dírithe ar sheirbhís den riarachán poiblí agus de ríomhsheirbhísí an rialtais, simpliú a dhéanamh ar rialacha agus nósanna imeachta, iniúchóireacht, feabhas a chur ar acmhainn chun cistí an Aontais a ionsú, comhar riaracháin a chur chun cinn, **smacht reachta éifeachtach, athchóiriú na gcóras ceartais**, fothú acmhainneachta maidir le húdaráis iomaíochta agus údaráis in aghaidh trustaí, maoirseacht airgeadais a neartú, agus an comhrac i gcoinne na calaoise, an éillithe agus an sciúrtha airgid a atreisiú' (béim curtha leis).

le tionscadail atá nasctha go díreach le héifeachtacht an cheartais, amhail digitiú an cheartais, athchóirithe ar léarscáileanna breithiúnacha nó rochtain níos fearr ar an gceartas. Tá an ionstraim tacaíochta teicniúla ina comhlánú freisin ar ionstraimí eile, is é sin an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ó tharla gur féidir léi tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme. Áirítear leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta gníomhaíochtaí, i measc nithe eile, a bhaineann leis an gceartas a dhéanamh níos éifeachtaí: digitiú an ceartas, laghdú ar riaráistí, agus feabhas a chur ar bhainistíocht cúirteanna agus cásanna.

***Conas a thacaíonn an clár ceartais le héifeachtacht na gcóras ceartais?***

Le buiséad iomlán timpeall EUR 305 milliún don tréimhse 2021-2027, tacaíonn an clár Ceartais le forbairt bhreise an Limistéir Eorpaigh Ceartais bunaithe ar an smacht reachta, lena n-áirítear neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chórais ceartais, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus iontaoibh fhrithpháirteach, agus ar chomhar breithiúnach. In 2022, soláthraíodh thart ar EUR 42.5 milliún chun tionscadail agus gníomhaíochtaí eile a chistiú faoi thrí chuspóir shonracha an chláir:

- Soláthraíodh EUR 11.4 milliún chun an comhar breithiúnach a chur chun cinn in ábhair shibhialta agus choiriúla agus chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus le forfheidhmiú éifeachtach agus comhleanúnach ionstraimí an Aontais Eorpaigh chomh maith le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit de bharr an naisc atá acu leis an gcóras ECRIS-TCN,
- Soláthraíodh EUR 16.6 milliún mar thacaíocht chun oiliúint a chur ar ghairmithe ceartais maidir leis an dlí sibhialta agus coiriúil agus an dlí maidir le cearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus maidir le córais dlí na mBallstát agus an smacht reachta,
- Soláthraíodh EUR 14.5 milliún chun rochtain ar an gceartas (lena n-áirítear ríomhsheirbhísí dlí), cearta íospartach agus cearta daoine a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil coireacht curtha ina leith a chur chun cinn agus chun tacú le forbairt agus úsáid uirlisí digiteacha chomh maith le cothabháil agus síneadh na Tairsí Eorpaí don Cheartas (i gcomhlántacht leis an gclár don Eoraip Dhigiteach).

***Cén fáth a ndéanann an Coimisiún faireachán ar dhigitiú na gcóras ceartais náisiúnta?***

Is rud lárnach é digitiú an cheartais chun éifeachtacht na gcóras ceartais a mhéadú agus is uirlis fíor-éifeachtúil é chun rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus a éascú. Cuireadh béim le linn phaindéim COVID-19 ar an ngá atá ann do na Ballstáit dlús a chur faoi athchóirithe i gcomhair nuachóiriú sa réimse seo.

Ó bhí 2013 ann, d'áirigh Scórchlár Ceartais AE faisnéis chomparáideach áirithe maidir le digitiú an cheartais ó Bhallstát go chéile, mar shampla sna réimsí a bhaineann le rochtain ar líne ar bhreithiúnais nó éilimh ar líne a chur isteach agus bearta leantacha.

I dTeachtaireacht an Choimisiúin maidir le *Digitalisation of justice in the European Union – A toolbox of opportunities*([37]) [Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí deiseanna], a glacadh i mí na Nollag 2020, cuirtear straitéis i láthair arb é is aidhm di feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus ar éifeachtacht na gcóras ceartais ag úsáid na teicneolaíochta. Mar a leagadh amach sa Teachtaireacht, áiríodh roinnt táscairí breise i Scórchlár Ceartais AE ó 2021 ar aghaidh. Is é an aidhm a áirithiú go ndéanfar faireachán cuimsitheach agus caoithiúil ar réimsí dul chun cinn agus ar dhúshláin a bhí os comhair na mBallstát ina gcuid iarrachtaí i dtreo dhigitiú a gcórais cheartais.

## 2. COMHTHÉACS: FORBAIRTÍ IN ATHCHÓIRITHE CEARTAIS IN 2022

In 2022, lean líon mór Ballstát dá gcuid iarrachtaí tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht a gcórais cheartais. Cuirtear i láthair i bhFíor 1 forbhreathnú nuashonraithe de bhearta a glacadh agus de

[37] COM(2020) 710 final.

bhearta atá beartaithe i réimsí éagsúla córas ceartais i mBallstáit atá ag gabháil d'athchóiriú a gcórais cheartais.

**Fíor 1: Gníomhaíocht reachtach agus rialála maidir le córais cheartais in 2022** *(bearta/tionscnaimh a glacadh faoi chaibidlíocht i ngach Ballstát) (foinse: An Coimisiún Eorpach ([38]))*




---

[38] Bailíodh an fhaisnéis seo i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta do 26 Bhallstát. Mhínigh DE go raibh roinnt athchóirithe breithiúnacha ar siúl, ach go mbíonn éagsúlacht idir raon feidhme agus scála an phróisis athchóirithe laistigh de na 16 stát cónaidhme.

In 2022, díríodh go leanúnach ar an dlí nós imeachta mar réimse dar tugadh fócas ar leith i mórán Ballstát, le líon suntasach gníomhaíochta reachtaí leanúnaí nó beartaithe. Rinneadh obair shuntasach freisin ar athchóirithe a bhaineann le stádas breithiúna, ar na rialacha maidir le dlíodóirí, agus ar na rialacha maidir leis an tseirbhís ionchúisimh phoiblí. Tar éis an phróisis inar tugadh isteach reachtaíocht maidir le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) i roinnt Ballstát in 2021, glacadh cuid mhór den reachtaíocht bheartaithe in 2022. Leanadh den mhóiminteam ó bhlianta roimhe sin maidir le bearta a bhain le riar na gcúirteanna in 2022. Tá beartaithe ag ceithre Bhallstát úsáid a bhaint as an intleacht shaorga ina gcórais cheartais, ach níor glacadh aon reachtaíocht in 2022. Deimhnítear leis an bhforbhreathnú go dteastaíonn am – roinnt blianta uaireanta – ó athchóirithe ar an gceartas – ó fhógraítear iad, go dtí go nglactar na bearta reachtacha agus rialála agus go gcuirtear chun feidhme iad ar an talamh.

## 3. PRÍOMHTHORTHAÍ Ó SCÓRCHLÁR CEARTAIS AE 2023

Is iad éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na príomh-pharaiméadair i gcóras ceartais éifeachtach, a gcuireann an Scórchlár táscairí i láthair do na trí cinn acu.

### 3.1. Éifeachtúlacht na gcóras ceartais

Cuirtear táscairí i láthair sa Scórchlár maidir le héifeachtúlacht na n-imeachtaí i réimsí leathana mar chásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin agus i réimsí sonracha i gcás ina gcuireann údaráis agus cúirteanna riaracháin dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ([39]).

Na táscairí a bhain le héifeachtúlacht in 2021, go háirithe an líon cásanna a tháinig isteach, an ráta imréitigh agus an t-aga diúscartha, léirítear leo na chéad chomharthaí den téarnamh ón tionchar a d'imir paindéim COVID-19, rud a rinne difear do na Ballstáit ar bhealaí éagsúla (e.g. i dtéarmaí uainíochta nó tromchúise)([40]) .

#### 3.1.1. Forbairtí maidir leis an líon cásanna

Tháinig laghdú suntasach ar líon cásanna na gcóras ceartais náisiúnta i dtrí Bhallstát, i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus tháinig méadú air i gceithre Bhallstát nó d'fhan sé cobhsaí in 14 cinn eile. Go foriomlán, tá éagsúlacht mhór i gcónaí idir na Ballstáit (Fíor 2). Is léir é sin nuair a fheictear chomh tábhachtach atá sé a bheith airdeallach i gcónaí ar fhorbairtí ar an líon cásanna chun éifeachtacht na gcóras ceartais a áirithiú.

[39] Tá forfheidhmiú cinntí cúirte tábhachtach freisin d'éifeachtúlacht córais ceartais. Níl sonraí inchomparáide le fáil go forleathan, áfach.

[40] In IT, d'fhág an mhoill shealadach ar ghníomhaíocht bhreithiúnach i ngeall ar na bearta sriantacha diana a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 go ndearnadh difear don aga diúscartha. Cuirtear tuilleadh mionsonraí maidir le cás na mBallstát aonair i láthair i staidéar 2021 maidir le feidhmiú na gcóras breithiúnach i mBallstáit an Aontais Eorpaigh – próifílí tíre, a rinne Rúnaíocht CEPEJ don Choimisiún: https://ec.europa.eu/info/strategy/justice-and-fundamental-rights/effective-justice/eu-justice-scoreboard_en.

**Fíor 2: An líon cásanna <u>sibhialta, tráchtála, riaracháin isteach agus cásanna eile isteach in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ ([41]))*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, cásanna eile ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna dlí riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile.*

**Fíor 3: An líon cásanna <u>dlíthíocha sibhialta agus tráchtála isteach in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlíthíocha sibhialta/tráchtála le díospóidí idir páirtithe, e.g. díospóidí maidir le conarthaí. Baineann cásanna neamhdhlíthíocha sibhialta/tráchtála le himeachtaí nár*

[41] Staidéar 2021 maidir le feidhmiú na gcóras ceartais i mBallstáit an Aontais, a rinne Rúnaíocht CEPEJ don Choimisiún: https://ec.europa.eu/info/strategy/justice-and-fundamental-rights/effective-justice/eu-justice-scoreboard_en

*conspóideadh, e.g. orduithe íocaíochta nár conspóideadh. Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha sna sonraí le haghaidh **NL**.*

**Fíor 4: An líon <u>cásanna riaracháin isteach in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlí an riaracháin le díospóidí idir daoine aonair agus údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta. Ní dhéanann **DK** ná **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh. Baineadh roinnt nósanna imeachta riaracháin ón nós imeachta breithiúnach in **RO** in 2018. Athruithe modheolaíochta in **EL**, **SK** agus **SE**. In **SE**, áiríodh cásanna imirce faoi chásanna riaracháin (curtha i bhfeidhm go cúlghabhálach le haghaidh 2017).*

### 3.1.2. Sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht

Is iad seo a leanas na táscairí maidir le héifeachtúlacht imeachtaí sna réimsí leathana maidir le cásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin: (i) an t-achar measta a théann imeachtaí (aga diúscartha), (ii) an ráta imréitigh, agus (iii) an líon cásanna ar feitheamh.

*– An t-achar measta a théann imeachtaí –*

Léirítear leis an achar a théann imeachtaí an t-am measta (i laethanta) is gá chun cás a réiteach sa chúirt, rud a chiallaíonn an t-aga iarbhír a ghlacann an chúirt chun teacht ar chinneadh ag céadchéim. Is ionann an táscaire 'aga diúscartha' agus an líon cásanna gan réiteach arna roinnt ar líon na gcásanna réitithe ag deireadh bliana arna iolrú faoi 365 (lá) ([42]). Is cainníocht ríofa é a léiríonn an íostréimhse ama mheasta a theastódh ó chúirt chun cás a réiteach agus na dálaí oibre reatha a choinneáil ar bun ag an am céanna. Dá airde an luach, is amhail is airde an dóchúlacht go dtógfaidh sé níos faide ar an gcúirt teacht ar chinneadh. Baineann na figiúirí den chuid is mó le himeachtaí sna cúirteanna céadchéime agus déantar comparáid iontu, i gcás ina bhfuil fáil orthu, ar shonraí le haghaidh 2012, 2019, 2020 agus 2021 ([43]). Léirítear i bhfigiúirí 7 agus 9 an t-am diúscartha in 2021 i gcásanna sibhialta agus tráchtála, agus i gcásanna riaracháin ag gach cás cúirte.

**Fíor 5: An t-am a mheastar is gá chun <u>cásanna sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile a réiteach in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, seachas cásanna ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna de dhlí an riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh gach céim in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. **LV**: tharla an laghdú géar i ngeall ar an athchóiriú ar an gcóras cúirte, ar sheiceálacha earráidí agus ar ghlantacháin sonraí ar an gcóras faisnéise.*

[42] An t-achar a théann imeachtaí, an ráta imréitigh agus an líon cásanna ar feitheamh, ar gnáth-tháscairí iad arna sainmhíniú ag CEPEJ: http://www.coe.int/t/dghl/cooperation/cepej/evaluation/default_en.asp

[43] Roghnaíodh na blianta chun an pheirspictíocht 8 mbliana a choimeád le 2012 mar bhonnlíne, agus iarracht á déanamh an tráth céanna gan na figiúirí a phlódú rómhór. Tá sonraí le haghaidh 2010, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 agus 2018 ar fáil i dtuarascáil CEPEJ.

**Fíor 6: An t-achar measta ba ghá chun <u>cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála a réiteach ag an gcéadchéim in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, baineann cásanna dlíthíocha sibhialta/tráchtála le díospóidí idir páirtithe, e.g. díospóidí maidir le conarthaí. Baineann cásanna neamhdhlíthíocha sibhialta/tráchtála le himeachtaí nár conspóideadh, e.g. orduithe íocaíochta nár conspóideadh. Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh gach céim in **CZ** agus, suas go dtí 2016, in **SK**. **IT**: d'fhág an mhoill shealadach ar ghníomhaíocht bhreithiúnach i ngeall ar bhearta sriantacha diana chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 go ndearnadh difear don aga diúscartha. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh **NL**.*

**Fíor 7:** *staidéar CEPEJ)*




*(*) Cinntear an t-ordú leis an gcéim chúirte leis na himeachtaí is faide i ngach Ballstát. Níl aon sonra ar fáil le haghaidh na gcúirteanna céadchéime agus dara céime in **BE** agus **BG**, le haghaidh cúirteanna dara céime in **NL**, le haghaidh cúirteanna dara agus tríú céime in **AT** nó le haghaidh cúirteanna tríú céime in **DE** agus **HR**. Níl aon chúirt tríú céime in **DE** agus **MT**. **IT**: D'fhág an mhoill shealadach ar ghníomhaíocht bhreithiúnach i ngeall ar bhearta*

*sriantacha diana chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 go ndearnadh difear don aga diúscartha. D'fhéadfadh an rochtain ar chúirt tríú céime a bheith teoranta i roinnt Ballstát.*

**Fíor 8:** *staidéar CEPEJ)*




*(*) Baineann cásanna dlí riaracháin le díospóidí idir daoine aonair agus údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta, faoi mhodheolaíocht CEPEJ. Athruithe modheolaíochta in* ***EL*** *agus* ***SK****. I measc na gcásanna ar feitheamh tá cúirteanna gach céime in* ***CZ*** *agus, go dtí 2016, in* ***SK****. In* ***DK*** *agus* ***IE*** *ní thaifeadtar cásanna riaracháin ar leithligh.* ***CY****: in 2018, tháinig méadú ar an líon cásanna réitithe mar gheall gur trialladh cásanna le chéile, tarraingíodh 2 724 chás comhdhlúite siar agus bunaíodh cúirt riaracháin in 2015.*

**Fíor 9:** *staidéar CEPEJ)*




*(*) Cinntear an t-ordú leis an gcéim chúirte leis na himeachtaí is faide i ngach Ballstát. Níl aon sonra ar fáil le haghaidh cúirteanna dara céime in* ***BE****,* ***CZ****,* ***HU****,* ***MT****,* ***AT****,* ***RO****,* ***SI****,* ***SK*** *agus* ***FI****, le haghaidh cúirteanna tríú céime in* ***CY****,* ***LT****,* ***LU****,* ***MT*** *agus* ***PL****. Is í an chúirt uachtarach, nó cúirt eile is airde, an t-aon chéim achomhairc in* ***CZ****,* ***IT****,* ***CY****,* ***AT****,* ***SI*** *agus* ***FI****. Níl aon chúirt tríú céime le haghaidh na gcineálacha seo cásanna in* ***LT****,* ***LU*** *agus* ***MT****. Is í an Chúirt Achomhairc is airde an chéadchéim agus an t-aon chéim amháin le haghaidh cásanna áirithe in* ***BE****. D'fhéadfadh an*

*rochtain ar chúirteanna tríú céime a bheith teoranta i roinnt Ballstát. Ní dhéanann **DK** ná **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh.*

*– Ráta imréitigh –*

Is é an ráta imréitigh an cóimheas den líon cásanna réitithe thar an líon cásanna isteach. Tomhaistear leis an ráta an bhfuil cúirt ag coimeád suas lena líon cásanna isteach nó nach bhfuil. Nuair a bhíonn an ráta imréitigh ag thart ar 100 % nó níos airde, ciallaíonn sé sin go bhfuil an córas breithiúnach in ann ar a laghad an oiread cásanna a thagann isteach a réiteach. Nuair a bhíonn an ráta imréitigh faoi bhun 100 %, ciallaíonn sé sin go bhfuil níos lú cásanna ná an líon cásanna atá ag teacht isteach á réiteach ag na cúirteanna.

**Fíor 10:** *staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, seachas cásanna ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna de dhlí an riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in **SK**. **IE:** tá coinne leis go ndéanfar tearcthuairisciú ar an líon cásanna réitithe i ngeall ar an modheolaíocht. **IT**: aicmiú difriúil ar chásanna sibhialta a tugadh isteach in 2013.*

**Fíor 11:** *staidéar CEPEJ)*




*Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. **IE:** tá coinne leis go ndéanfar tearcthuairisciú ar an líon cásanna réitithe i ngeall ar an modheolaíocht. **IT**: aicmiú difriúil ar chásanna sibhialta a tugadh isteach in 2013. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh **NL**.*

**Figiúr 12: An ráta maidir le <u>cásanna riaracháin a réiteach in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/i %) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Laghdaíodh luachanna roimhe seo le haghaidh roinnt Ballstát ar mhaithe le cur i láthair (**CY** in 2018 = 219 %; **IT** in 2012=279.8 %); Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Ní dhéanann **DK** agus **IE** taifead ar chásanna riaracháin ar leithligh. In **CY**, tháinig méadú ar an líon cásanna réitithe mar gheall gur trialladh cásanna le chéile, tarraingíodh 2 724 chás comhdhlúite siar agus bunaíodh cúirt riaracháin in 2015.*

*– Cásanna ar feitheamh –*

Léirítear leis an líon cásanna ar feitheamh an líon cásanna nach mór a láimhseáil go fóill ag deireadh na bliana i gceist. Déanann sé difear freisin don aga diúscartha.

**Fíor 13: An líon <u>cásanna sibhialta, tráchtála, riaracháin agus cásanna eile ar feitheamh in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Faoi mhodheolaíocht CEPEJ, áirítear leis an gcatagóir seo gach cás dlíthíoch agus neamhdhlíthíoch sibhialta agus tráchtála, gach cás neamhdhlíthíoch talún agus gnó ón gclárlann, seachas cásanna ón gclárlann, cásanna neamhdhlíthíocha eile, cásanna de dhlí an riaracháin agus cásanna neamhchoiriúla eile. Athruithe modheolaíochta in **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh atá os comhair na gcúirteanna céime uile in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. **IT**: aicmiú difriúil ar chásanna sibhialta a tugadh isteach in 2013.*

**Fíor 14:** *staidéar CEPEJ)*




*(*) Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. Áirítear leis na cásanna ar feitheamh atá os comhair na gcúirteanna céime uile in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. **IT**: aicmiú difriúil ar chásanna sibhialta a tugadh isteach in 2013. Áirítear cásanna neamhdhlíthíocha leis na sonraí le haghaidh **NL**.*

**Fíor 15: An líon cásanna <u>riaracháin ar feitheamh in 2012, 2019 – 2021</u>** (*) *(1ú céim/in aghaidh 100 áitritheoir) (foinse: staidéar CEPEJ)*




*(*) Laghdaíodh luachanna roimhe seo le haghaidh roinnt Ballstát ar mhaithe le cur i láthair (**EL** in 2012 = 3.5). Athruithe modheolaíochta in **EL** agus **SK**. I measc na gcásanna ar feitheamh atá os comhair na gcúirteanna céime uile in **CZ** agus, go dtí 2016, in **SK**. In **DK** agus **IE** ní thaifeadtar cásanna riaracháin ar leithligh.*

### 3.1.3. Éifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais

Comhlánaítear sa roinn seo na sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht na gcóras ceartais agus cuirtear i láthair an t-achar ar an meán a théann imeachtaí ([44]) i réimsí sonracha de dhlí an Aontais. Tógann Scórchlár 2023 ar shonraí roimhe seo maidir le hiomaíocht, cumarsáid leictreonach, trádmharc an Aontais, dlí tomhaltóirí agus frithsciúradh airgid. Cuirtear an séú réimse leis, chun sonraí maidir le himeachtaí frith-éillithe a chur san áireamh, i bhfianaise an togra a rinneadh le déanaí maidir leis an ábhar seo([45]) . Roghnaíodh na réimsí, a bhfuil sé cinn acu anois ann, mar gheall ar a ábhartha atá siad don mhargadh aonair agus do thimpeallacht an ghnó. Leis an eagrán seo, leantar den fhorbhreathnú ar éifeachtúlacht údarás riaracháin agus tá figiúirí cothrom le dáta ann maidir le réimsí na hiomaíochta agus na cosanta tomhaltóirí. Go ginearálta, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha a bheith ag moill fhada in imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin ar chearta a eascraíonn ó dlí an Aontais, e.g. nuair nach bhfuil fáil ar leigheasanna iomchuí a thuilleadh nó nuair nach féidir damáistí airgeadais tromchúiseacha a aisghabháil. I gcás gnó go háirithe,

---

[44] Déantar an t-achar a théann imeachtaí i réimsí sonracha a ríomh i laethanta féilire, ag comhaireamh ón lá a lóisteáladh gníomhaíocht nó achomharc os comhair na cúirte (nó ón uair a d'éirigh an bille díotála chun bheith críochnaitheach) go dtí an lá a ghlac an chúirt lena cinneadh (Fíoracha 16-23). Déantar luachanna a chur i gcéim tosaíochta bunaithe ar mheán ualaithe sonraí le haghaidh 2013 agus 2019-2021 le haghaidh Fíoracha 16, 18, 19 agus 20, le haghaidh 2013, agus le haghaidh 2019-2021 le haghaidh Fíor 20, le haghaidh 2014 agus 2019-2021 le haghaidh Fíor 21. Le haghaidh Fíor 17, cumhdaíonn na sonraí 2020 agus 2021. Le haghaidh Fíor 23, ní chumhdaíonn na sonraí ach 2021. I gcás nach raibh sonraí ar fáil le haghaidh na mblianta uile, léirítear leis an meán na sonraí atá ar fáil a chuirtear i láthair sa chairt, arna ríomh bunaithe ar na cásanna uile, ar shampla cásanna nó, i bhfíorbheagán tíortha, ar mheastacháin.

[45] Togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac COM (2023) 234 agus Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe JOIN(2023) 12 final.

cruthaítear costais shuntasacha de bharr moilleanna riaracháin agus éiginnteachta i roinnt cásanna agus déanann sé sin dochar d'infheistíochtaí beartaithe nó d'infheistíochtaí atá ann cheana ([46]).

*– Iomaíocht –*

Tá forfheidhmiú éifeachtach dhlí na hiomaíochta fíor-riachtanach le haghaidh timpeallacht ghnó tharraingteach toisc go n-áirithítear leis go bhfaighidh gnólachtaí cothroime iomaíochta. Spreagann sé fiontraíocht agus éifeachtúlacht, cruthaíonn sé rogha níos leithne do thomhaltóirí agus cuidíonn sé chun praghsanna a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht. Cuirtear i láthair i bhFíor 17 an t-achar ar an meán a théann cásanna in aghaidh na gcinntí a dhéanann údaráis iomaíochta náisiúnta le linn dóibh Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chur i bhfeidhm ([47]). Cuirtear i láthair i bhFíor 18 an t-achar ar an meán a théann imeachtaí os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta le linn dóibh Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

**Fíor 16: Iomaíocht: an t-achar ar an meán a chuaigh athbhreithniú breithiúnach in 2013, 2019 – 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta)*




*(*) **IE** agus **AT**: níl an cás infheidhme toisc nach bhfuil na cumhachtaí ag na húdaráis chun cinntí faoi seach a ghlacadh. **AT**: áirítear leis na sonraí cásanna arna gcinneadh ag an gCúirt Chairtéil lenar bhain sárú ar Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ach nach bhfuil bunaithe ar achomhairc*

[46] Fíor 18 de Retention and Expansion of Foreign Direct Investment, Political Risk and Policy Responses, 2019 the World Bank Group [Grúpa an Bhainc Dhomhanda].

[47] Féach Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 1, 4.1.2003, lgh. 1–25, go háirithe Airteagail 3 agus 5.

*in aghaidh an údaráis iomaíochta náisiúnta. Baineadh úsáid as meastachán ar an achar le haghaidh **IT**. Is féidir a léiriú le colún folamh nár thuairiscigh an Ballstát aon chás don bhliain i gceist. Tá an líon cásanna íseal (faoi bhun cúig cinn sa bhliain) i mórán Ballstát. Fágann sé sin go mbítear ag brath sna sonraí bliantúla ar chás a bhí fada nó gearr d'eisceacht (e.g. **MT** áit nach raibh ach aon chás amháin ann).*

**Fíor 17: <u>Iomaíocht</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh imeachtaí os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta in 2020-2021** (*) *(i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta)*




*(*) Tá an líon cásanna teoranta in 10 mBallstát. Ní mór a chur san áireamh go gcomhaireann roinnt Ballstát na laethanta le haghaidh an achair a théann imeachtaí ó thúsphointí difriúla. Cé is moite de roinnt eisceachtaí thíos, measann formhór na mBallstát go bhfuil cás oscailte nuair atá an t-imscrúdú oscailte. In **NL**, meastar go bhfuil an cás ar oscailt nuair a sheoltar an Ráiteas Agóide, agus in **CZ** agus **SK** meastar go bhfuil cás ar oscailt nuair a osclaítear na himeachtaí riaracháin. Sa chás deiridh, is céim idirmheánach é sin ón uair a osclaítear an t-imscrúdú go dtí go seoltar an Ráiteas Agóide. Tá roinnt tosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don achar a théann imeachtaí os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta. Áirítear orthu sin cineál agus castacht an cháis, an t-am a thógann sé na sonraí eacnamaíocha a bhailiú agus an anailís eacnamaíoch a chur i gcrích, na síntí ar an sprioc-am ar iarrataí ó na páirtithe, agus athdhéanamh na n-éisteachtaí agus na gcaingne cúirte. Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar fhad na n-imeachtaí freisin.*

*– Cumarsáid leictreonach –*

Is é is cuspóir don reachtaíocht maidir le cumarsáid leictreonach an Aontais Eorpaigh iomaíocht a ardú, rannchuidiú le forbairt an mhargaidh aonair, agus infheistíocht, nuálaíocht agus fás a ghiniúint. Is féidir na héifeachtaí dearfacha do thomhaltóirí a bhaint amach trí fhorfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta sin agus as sin d'fhéadfaí praghsanna níos ísle a chruthú d'úsáideoirí deiridh agus seirbhísí de cháilíocht níos fearr. Cuirtear i láthair i bhFíor 18 an t-achar ar an meán a théann cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh na gcinntí a dhéanann údaráis rialála náisiúnta le linn dóibh dlí an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach a chur i bhfeidhm ([48]).

[48] Rinneadh an ríomh bunaithe ar achar na gcásanna achomhairc in aghaidh cinntí údaráis rialála náisiúnta le linn dóibh dlíthe náisiúnta a chur i bhfeidhm lena gcuirtear chun feidhme creat rialála an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach (Treoracha 2002/19/CE (Treoir na Rochtana), Treoir 2002/20/CE (Treoir an Údaraithe), Treoir 2002/21/CE (Treoir Réime), Treoir 2002/22/CE (An Treoir um Sheirbhís Uilíoch), chomh maith le dlí ábhartha eile an Aontais amhail an clár beartais um an speictream raidió agus cinntí speictrim ón gCoimisiún, gan Treoir 2002/58/CE maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach a áireamh.

Cumhdaítear raon leathan cásanna leis, ó na hathbhreithnithe níos casta maidir le ‘hanailís mhargaidh’ go dtí saincheisteanna níos simplí ina mbítear dírithe ar an tomhaltóir.

**Fíor 18: <u>Cumarsáid leictreonach</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh athbhreithniú breithiúnach in 2013, 2019 – 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an gCoiste Cumarsáide)*




(*) *Tá éagsúlacht sa líon cásanna ó Bhallstát amháin go chéile. Léirítear le colún folamh nár thuairiscigh an Ballstát aon chás don bhliain (cé is moite de* ***PT*** *le haghaidh 2019-20, agus* ***RO*** *gan sonraí). I roinnt cásanna, fágann an líon teoranta cásanna ábhartha (****BG****,* ***CY, MT****,* ***NL****,* ***SK****,* ***FI, SE****) go mbítear ag brath sna sonraí bliantúla ar chás amháin atá fada nó gearr d'eisceacht agus go mbíonn éagsúlachtaí leathana ann dá bharr sin ó bhliain go chéile.* ***DK****: údarás garbhreithiúnach i gceannas ar achomhairc céadchéime.* ***EE:*** *Ba é 18 lá achar na gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an meán in 2013.* ***ES****,* ***AT****, agus* ***PL****: cúirteanna difriúla i gceannas ag brath ar an ábhar.*

*– Trádmharc de chuid AE –*

Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceart maoine intleachtúla fíor-riachtanach chun infheistíocht sa nuálaíocht a spreagadh. Tugann reachtaíocht AE maidir le trádmharcanna de chuid AE ([49]) ról suntasach do na cúirteanna náisiúnta, chun gníomhú mar chúirteanna de chuid an Aontais agus chun cinntí dhéanann difear don mhargadh aonair a ghlacadh. Taispeántar i bhFíor 19 an t-achar ar an meán a bhíonn cásanna um shárú ar thrádmharc de chuid AE i ndlíthíocht idir páirtithe príobháideacha.

**Fíor 19: <u>Trádmharc de chuid AE</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh cásanna um shárú ar thrádmharc de chuid AE in 2013, 2019 – 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an bhFaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla)*

[49] Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1-99).




*(*) **FR**, **IT**, **LT**, **LU**: sampla cásanna a úsáideadh i gcomhair sonraí le haghaidh blianta áirithe. **DK**: sonraí ó gach cás trádmhairc (ní hamháin san Aontas) in Ard-Chúirteanna Tráchtála agus Muirí; le haghaidh 2018 agus 2019, níl sonraí ann ar an achar ar an meán i ngeall ar athruithe ar an gcóras bailithe sonraí. **EL:** sonraí bunaithe ar an meán-achar ualaithe ó dhá chúirt. **ES**: tá cásanna a bhaineann le teidil IP eile de chuid AE áirithe sa ríomh ar an achar ar an meán.*

*– Cosaint tomhaltóirí –*

Ach an dlí tomhaltóirí a fhorfheidhmiú go héifeachtach áirithítear go mbaineann tomhaltóirí tairbhe as a gcuid cearta agus nach bhfaigheann cuideachtaí a bhíonn ag sárú dlíthe tomhaltóirí buntáiste míchothrom. Bíonn ról lárnach ag údaráis cosanta tomhaltóirí agus ag na cúirteanna ó thaobh dlí tomhaltóirí an Aontais ([50]) a fhorfheidhmiú laistigh de na córais forfheidhmithe náisiúnta éagsúla. Léirítear i bhFíor 20 an t-achar ar an meán a théann cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh cinntí na n-údarás cosanta tomhaltóirí le linn dlí an Aontais a chur i bhfeidhm.

Maidir le tomhaltóirí nó cuideachtaí, d'fhéadfadh slabhra gníomhairí a bheith ag gabháil d'fhorfheidhmiú éifeachtach, ní hamháin na cúirteanna ach údaráis riaracháin freisin. Chun tuilleadh eolais a thabhairt maidir leis an slabhra forfheidhmiúcháin sin, cuirtear i láthair an t-achar a théann imeachtaí ag údaráis tomhaltóirí. Taispeántar i bhFíor 21 an t-achar ar an meán a thóg sé ar údaráis náisiúnta cosanta tomhaltóirí cinntí riaracháin a dhéanamh in 2014, 2019-2021 ón bpointe ar osclaíodh cás. I measc cinntí ábhartha tá sáruithe ar rialacha substainteacha a dhearbhú, bearta idirlinne, orduithe stop agus scoir, tionscnamh imeachtaí cúirte nó clabhsúr a chur le cás.

**Fíor 20: <u>Cosaint tomhaltóirí</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh <u>athbhreithniú breithiúnach</u> in 2013, 2019 – 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí)*

[50] Baineann Fíoracha 20 agus 21 le forfheidhmiú na Treorach maidir le Téarmaí Éagóracha (93/13/CEE), na Treorach maidir le Díolacháin agus Ráthaíochtaí do Thomhaltóirí (1999/44/CE), na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha (2005/29/CE) agus na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí (2011/83/CE), agus a bhforálacha náisiúnta cur chun feidhme.




*(*) **DE**, **LU, AT**: níl an cás infheidhme toisc nach bhfuil sé de chumhacht ag údaráis tomhaltóirí cinneadh a ghlacadh maidir le sáruithe ar rialacha ábhartha tomhaltóirí. Tá an líon cásanna ábhartha le haghaidh 2020 íseal (níos lú ná cúig cinn) in **IE** agus **FI**. Sholáthair **EL** agus **RO** meastachán maidir leis an achar ar an meán le haghaidh blianta áirithe.*

**Fíor 21: <u>Cosaint tomhaltóirí</u>: an t-achar ar an meán <u>a thóg cinntí riaracháin</u> a rinne údaráis cosanta tomhaltóirí in 2014, 2019 – 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis an nGréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí)*




*(*) **DE**, **LU**, **AT**: níl an cás infheidhme toisc nach bhfuil sé de chumhacht ag údaráis tomhaltóirí cinneadh a ghlacadh maidir le sáruithe ar rialacha ábhartha tomhaltóirí. Sholáthair **DK**, **EL**, **FR**, **RO** agus **FI** meastachán ar an achar ar an meán le haghaidh blianta áirithe.*

*– Sciúradh airgid –*

Mar aon le hacmhainní a bhaint de choirpigh as a ngníomhartha aindleathacha, tá an comhrac in aghaidh sciúradh airgid ríthábhachtach ar mhaithe le fóntacht, sláine agus cobhsaíocht na hearnála airgeadais, muinín sa chóras airgeadais agus iomaíocht chóir sa mhargadh aonair ([51]). Is féidir le sciúradh airgid an infheistíocht choigríche a dhíspreagadh, sreafaí caipitil idirnáisiúnta a shaobhadh agus difear diúltach a dhéanamh d'fheidhmíocht mhaicreacnamaíoch tíre, rud as a dtagann caillteanais leasa, rud a fhágann go n-ídítear acmhainní ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha níos bisiúla ([52]). Ceanglaíonn an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid ar Bhallstáit staidreamh a choinneáil maidir le héifeachtacht a gcuid gcórais chun sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ([53]). I gcomhar leis na Ballstáit, úsáideadh ceistneoir nuashonraithe chun sonraí a bhailiú ar na céimeanna breithiúnacha i gcórais náisiúnta frithsciúrtha airgid. Taispeántar i bhFíor 22 an t-achar ar an meán a thóg cásanna cúirte céadchéime a bhí ag déileáil le cionta coiriúla sciúrtha airgid.

---

51 Aithris 2 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.

52 Bileog eolais CAI, 8 Márta, 2018: https://www.imf.org/en/About/Factsheets/Sheets/2016/08/01/16/31/Fight-Against-Money-Laundering-the-Financing-of-Terrorism

53 Airteagal 44(1) de Threoir (AE) 2015/849. Féach freisin leagan athbhreithnithe d'Airteagal 44 de Threoir (AE) 2018/843, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2018 agus arbh éigean do na Ballstáit é a chur chun feidhme faoi mhí Eanáir 2020.

**Fíor 22: <u>Sciúradh airgid</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh cásanna cúirte in 2014, 2019 – 2021**(*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac)*




*(*) Níl sonraí ann le haghaidh 2021:* ***BE, DE, FR, HR, IT*** *agus* ***RO***. ***BG****: Déantar an t-achar ar an meán a théann cásanna a ríomh ón lá a chuirtear tús leis an gcás cúirte go dtí an lá a dhéantar cinneadh na cúirte i míonna.* ***PT****: rinneadh an bunachar sonraí a scagadh, i gcás gach aon chontae breithiúnach, de réir na gcritéar ábhartha chun teacht ar an bhfaisnéis a bhaineann le comhaid sciúrtha airgid; maidir leis an meánlíon laethanta, breithníodh dátaí an tsáraithe agus dáta an chinnidh chríochnaithigh nó an chlabhsúir.* ***CY****: Cásanna tromchúiseacha, os comhair na Cúirte Seisiúin, déantar iad a thriail laistigh de bhliain amháin ar an meán. Cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, os comhair na gCúirteanna Dúiche, tógann sé níos faide iad a thriail.* ***SK****: comhfhreagraíonn na sonraí don achar ar an meán a théann na himeachtaí iomlána, lena n-áirítear ag an gcúirt achomhairc.*

*– Frithéilliú –*

Is bac é an t-éilliú ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, toisc go n-atreoraíonn sé acmhainní ó thorthaí táirgiúla, go mbaineann sé an bonn d'éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí agus go ndoimhníonn sé éagothromaíochtaí sóisialta. Cuireann sé bac ar fheidhmiú éifeachtach rianúil an mhargaidh aonair, cruthaíonn sé éiginnteachtaí maidir le gnó a dhéanamh agus cuireann sé bac ar infheistíocht. Tá sé an-chasta dul i ngleic leis an éilliú ó tharla, murab ionann agus an chuid is mó de choireanna, go bhfuil leas ag an dá pháirtí a bhfuil baint acu le cás éillithe é a choimeád faoi rún, rud a fhágann, go ginearálta, go mbíonn sé deacair an líon cásanna éillithe in aon tír a chainníochtú. Is coir thar a bheith tromchúiseach é an t-éilliú a bhfuil gné thrasteorann aige ar a dtugtar aghaidh in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus ní féidir dul i ngleic go héifeachtach leis ach trí íosrialacha coiteanna ar fud an Aontais Eorpaigh. An 3 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil agus teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe([54]) . Leis an togra le haghaidh treorach déantar nuashonrú agus comhchuibhiú ar rialacha an Aontais maidir leis na sainmhínithe ar chionta éillithe agus na pionóis ina leith, chun ardchaighdeáin a áirithiú i gcoinne réimse iomlán na gcionta éillithe (i.e. breabaireacht, ach freisin maidir le míleithreasú, trádáil i

[54] Togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac COM (2023) 234 agus Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe JOIN(2023) 12 final.

dtionchar, mí-úsáid feidhmeanna, chomh maith le bac a chur ar cheartas agus saibhriú aindleathach a bhaineann le cion éillithe) chun éilliú a chosc ar bhealach níos fearr agus chun forfheidhmiú a fheabhsú. I gcomhar leis na Ballstáit, forbraíodh ceistneoir nua chun sonraí a bhailiú maidir le fad cásanna cúirte a dhéileálann le himeachtaí cúirte os comhair cúirteanna céadchéime i gcásanna breabaireachta, a chuirtear i láthair i bhFíor 23 thíos([55]) .

**Fíor 23: <u>Éilliú (breabaireacht)</u>: an t-achar ar an meán a chuaigh cásanna cúirte in 2021** (*) *(1ú céim/i laethanta) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta Frith-Éillithe)*




*(*) Ní bhfuarthas freagra ar an gceist sin ó **MT** agus **C**Y. I gcás **BE**, **EE**, **DE**, **IE**, EL, **ES**, agus IT, níl an líon beacht laethanta ar fáil. **NL**: Is é an meán-am próiseála do na 27 gcás 443 lá. Mar sin féin, níl an díotáil/subpoena ag an túsphointe seo críochnaitheach go fóill, agus is minic nach bhfuil an cás réidh le haghaidh trialach, mar sin tógann sé roinnt ama sula gcuirtear in éisteacht é. Más é an túsphointe an chéad éisteacht agus gurb é an críochphointe dáta an fhíoraisc chríochnaithigh (ag breitheamh céadchéime), ansin is é 100 lá an meán-am próiseála do na cásanna thuasluaite.*

[55] Dhírigh an chéad bhailiú sonraí sin ar chúirteanna coiriúla céadchéime, arb iad is mó a chuireann le fad foriomlán na n-imeachtaí coiriúla go dtí go mbeidh an breithiúnas críochnaitheach.

### 3.1.4. Achoimre ar éifeachtúlacht na gcóras ceartais

Déanann córas ceartais éifeachtúil bainistiú ar a líon cásanna agus ar an riaráiste cásanna, agus soláthraíonn sé a chinntí gan moill mhíchuí. Ar na príomhtháscairí a úsáideann an Scórchlár Ceartais AE chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcóras ceartais dá bhrí sin tá **an t-achar a théann imeachtaí** (measta nó an t-am ar an meán i laethanta a theastaíonn chun cás a réiteach), an **ráta imréitigh** (an cóimheas de líon na gcásanna réitithe le líon na gcásanna isteach) agus líon na **gcásanna ar feitheamh** (atá le láimhseáil fós ag deireadh na bliana).

*Sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht*

Tá sonraí i Scórchlár Ceartais AE 2023 maidir le héifeachtúlacht a théann siar 10 mbliana (2012-2021). Is féidir treochtaí áirithe a shainaithint leis an tréimhse ama sin, á chur san áireamh go dtógann sé am go minic éifeacht na n-athchóirithe ceartais a bhrath.

Léiríonn na sonraí ó 2012 go 2021, i gcásanna sibhialta, tráchtála agus riaracháin, go raibh na treochtaí dearfach i bhformhór na gcásanna. Tar éis an laghdaithe a tháinig ar éifeachtúlacht in 2020, mar gheall ar phaindéim COVID-19 b'fhéidir, filltear in 2021 ar na leibhéil éifeachtúlachta a bhí ann in 2019. Léiríonn sé sin éifeacht na mbeart a rinne na Ballstáit chun cineálacha éagsúla socruithe i ndáil le hobair hibrideach agus obair ar líne a thabhairt isteach, chun na cúirteanna a choimeád ag feidhmiú d'ainneoin go raibh paindéim COVID-19 ag leanúint uirthi in 2021.

Chonacthas roinnt forbairtí dearfacha sna Ballstáit ar measadh, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go raibh dúshláin shonracha os a gcomhair ([56]).

- Ó bhí 2012 ann, bunaithe ar na sonraí atá ann cheana maidir leis na Ballstáit sin, agus d'ainneoin phaindéim COVID-19, in 12 Bhallstát, bhí **an t-achar a chuaigh imeachtaí cúirte céadchéime** sa chatagóir leathan 'gach cás' (Fíor 5) agus sa chatagóir 'cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála' (Fíor 6) fós ag laghdú nó d'fhan sé cobhsaí. Léiríonn Fíoracha 5 agus 6 gur tháinig laghdú ar an achar a théann imeachtaí i gcás 10 mBallstát, faoi bhun leibhéil 2019 i roinnt cásanna. I gcásanna riaracháin (Fíor 8), tháinig laghdú ar an achar a théann imeachtaí ó bhí 2012 ann nó d'fhan siad cobhsaí in thart ar seacht gcinn de na Ballstáit sin. Ar an iomlán, tháinig laghdú in 15 Bhallstát ar an achar a chuaigh imeachtaí i gcásanna riaracháin in 2021.
- Cuirtear i láthair sonraí sa Scórchlár ar **an achar a théann imeachtaí i ngach céim chúirte** le haghaidh cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála (Fíor 7) agus le haghaidh

[56] HR, IT, CY, HU, MT, PL, PT agus SK a fuair moltaí tírshonracha ó Sheimeastar Eorpach 2020, agus BE, BG, IE, EL, ES, RO, agus SI, inar léiríodh dúshláin sna haithrisí maidir lena moltaí tírshonracha in 2020 agus i dtuarascálacha tíre.
D'fhéadfaí difríochtaí sna torthaí thar na 10 mbliana a bhí faoi anailís a mhíniú le tosca comhthéacsúla (ní rud neamhghnách iad na difríochtaí de bhreis is 10 % ar an líon cásanna isteach) nó easnaimh chórasacha (easpa solúbthachta agus freagrúlachta nó neamhréireachtaí sa phróiseas athchóirithe).

cásanna riaracháin (Fíor 9). Léiríonn na sonraí, i gcás cúig cinn de na Ballstáit a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh dúshláin rompu ó thaobh an achair a théann imeachtaí i gcúirteanna céadchéime, go bhfeidhmíonn cúirteanna faoi chéimeanna níos airde ar bhealach níos éifeachtúla. I gcás cúig Bhallstát eile a bhfuil dúshláin le sárú acu áfach, bhí an t-achar ar an meán a théann imeachtaí i gcúirteanna faoi chéimeanna níos airde níos faide fiú ná i gcúirteanna céadchéime.

- Sa chatagóir leathan ‘gach cás’ agus sa chatagóir ‘cásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála’ (Fíoracha 10 agus 11), tháinig méadú ó anuraidh ar an líon foriomlán Ballstát a bhfuil a **ráta imréitigh** os cionn 100 %, rud atá feabhsaithe go mór ó bhí 2020 ann. Thuairiscigh 21 Bhallstát, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil dúshláin rompu, ráta ard imréitigh (níos mó ná 97 %) in 2021. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cúirteanna ábalta go ginearálta déileáil leis na cásanna isteach sna catagóirí sin. I gcásanna riaracháin (Fíor 12), in 2021, d’fhan an ráta imréitigh mórán mar a chéile in 10 mBallstát leis an ráta a bhí ann in 2020. Cé go bhfuil an ráta imréitigh riaracháin níos ísle go ginearálta ná i gcatagóirí eile cásanna, leanann cúig Bhallstát de dhul chun cinn maith a dhéanamh. Go sonrach, tuairiscíonn seacht gcinn de na Ballstáit a bhfuil dúshláin rompu méadú ar an ráta imréitigh i gcásanna riaracháin ó bhí 2012 ann.
- Ó bhí 2012 ann, d’fhan an cás cobhsaí nó lean air ag feabhsú i gcúig cinn de na Ballstáit a bhfuil na dúshláin is substaintiúla rompu lena gcuid **riaráistí**, gan beann ar an gcatagóir cásanna. D’ainneoin an mhéadaithe, in 2021, ar an líon cásanna ar feitheamh, d’fhan an líon cásanna ar feitheamh i gcásanna dlíthíocha sibhialta agus tráchtála (Fíor 14) agus i gcásanna riaracháin (Fíor 15) cobhsaí sna Ballstáit. Tá difríochtaí suntasacha ann fós áfach idir Ballstáit agus is féidir comparáid a dhéanamh idir iad sin ina bhfuil níos lú cásanna ar feitheamh agus iad sin ina bhfuil líon ard cásanna ar feitheamh.

*Éifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais*

Soláthraítear sna sonraí maidir leis an achar ar an meán a théann imeachtaí i réimsí sonracha de dhlí an Aontais (Fíoracha 16-23) léargas maidir le feidhmiú na gcóras ceartais sna cineálacha coincréiteacha de dhíospóidí a bhaineann le gnó.

Déantar sonraí maidir le héifeachtúlacht i réimsí sonracha de dhlí an Aontais a bhailiú bunaithe ar chásanna a shainítear go beacht, agus dá bharr sin d’fhéadfadh an líon cásanna ábhartha a bheith íseal. I gcomparáid leis an achar ríofa a théann imeachtaí, áfach, a chuirtear i láthair sna sonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht, tá foráil sna figiúirí sin maidir leis an achar iarbhír ar an meán a théann gach cás ábhartha i réimsí sonracha i mbliain. Is fiú a thabhairt ar aird go dtuairiscíonn Ballstáit, nach ndealraíonn sé go bhfuil dúshláin rompu bunaithe ar shonraí ginearálta maidir le héifeachtúlacht, go mbíonn an meán-achar a théann cásanna i réimsí sonracha de dhlí an Aontais i bhfad níos faide. An tráth céanna, d’fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith san achar a théann imeachtaí i réimsí sonracha difriúla sa Bhallstát céanna.

Le fíor eile a tugadh isteach i mbliana dírítear ar an achar a théann imeachtaí coiriúla, go háirithe iad siúd a bhaineann le breabaireacht, rud a léiríonn an leibhéal éifeachtúlachta sa réimse sin de dhlí an Aontais.

Ar deireadh, cuireann Scórchlár 2023 le héifeachtúlacht an tslabhra forfheidhmiúcháin fhoriomláin. Mar shampla, i gcásanna dlí iomaíochta, tá cairt ann ina ndírítear ar fhad na n-imeachtaí atá os comhair an Údaráis Náisiúnta Iomaíochta agus ar an athbhreithniú breithiúnach

ar chinntí an údaráis sin. Tá sé sin tábhachtach le haghaidh timpeallacht dhearfach ghnó agus infheistíochta, trína áirithiú go réiteofar cásanna go tráthúil agus go bhforfheidhmeofar cearta

Taispeántar na treochtaí a leanas sna figiúirí le haghaidh na réimsí sonracha de dhlí an Aontais.

- Maidir le **hathbhreithniú breithiúnach ar chásanna iomaíochta** (Fíor 16), de réir mar a tháinig méadú ar an líon cásanna foriomlán a bhí os comhair na gcúirteanna ar fud an Aontais, tháinig laghdú ar an achar a chuaigh athbhreithniú breithiúnach i gceithre Bhallstát nó d'fhan sé cobhsaí iontu, agus tháinig méadú i seacht gcinn eile air. D'ainneoin na treochta réasúnta dearfach, thuairiscigh sé Bhallstát meán-achar ab fhaide ná 1 000 lá in 2021. I gcás **imeachtaí a bhí os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta**, thuairiscigh seacht mBallstát gur ghlac na himeachtaí níos lú ná 1 000 lá. I measc na Ballstáit a luaitear deacrachtaí a bheith acu le héifeachtúlacht san athbhreithniú breithiúnach ar chásanna iomaíochta, tá trí cinn díobh ar na Ballstáit is éifeachtúla a mhéid a bhaineann le himeachtaí os comhair na n-údarás iomaíochta náisiúnta.

- Maidir le **cumarsáid leictreonach** (Fíor 18), tháinig laghdú ar an líon cásanna a bhí os comhair na gcúirteanna i gcomparáid le blianta roimhe sin, ag leanúint na treochta dearfaí céanna maidir leis an laghdú ar an achar a théann imeachtaí a chonacthas in 2020. In 2021 thuairiscigh 13 Bhallstát gur tháinig laghdú ar na meán-achair a théann imeachtaí nó gur fhan na figiúirí cobhsaí, i gcomparáid le 2020, agus níor tháinig méadú ach in dhá cheann díobh.

- Maidir le **cásanna um shárú ar thrádmharc an Aontais Eorpaigh** (Fíor 19), lean an líon foriomlán cásanna de bheith ag laghdú in 2021. Cé gur éirigh le naoi mBallstát a líon cásanna a láimhseáil níos fearr, áfach, agus achair imeachtaí laghdaithe nó chobhsaí á dtuairisciú acu, tháinig méadú soiléir in dhá cheann ar an meán-achar a théann imeachtaí.

- I réimse **dhlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí**, feictear an éifeacht chomhcheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag an slabhra forfheidhmiúcháin ina gcuimsítear imeachtaí athbhreithnithe riaracháin agus bhreithiúnaigh araon (Fíoracha 20 agus 21). In 2021, thuairiscigh cúig Bhallstát gur ghlac sé níos lú ná 3 mhí ar an meán ar a n-údaráis cosanta tomhaltóirí chun cinneadh a eisiúint i gcás a cumhdaíodh i ndlí tomhaltóirí an Aontais, agus gur ghlac sé níos mó ná 6 mhí i naoi mBallstát eile. I gcás ina ndearnadh agóid in aghaidh chinntí na n-údarás cosanta tomhaltóirí sa chúirt, bhí treochtaí éagsúla ann in 2021 maidir leis an achar a chuaigh an t-athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh riaracháin, óir bhí méaduithe i seacht mBallstát, agus laghduithe i sé cinn eile, i gcomparáid le 2020. Tá an meán-achar a théann athbhreithniú breithiúnach fós os cionn 1 000 lá in dhá Bhallstát.

- Tá bearta éifeachtacha chun **sciúradh airgid** a chomhrac ríthábhachtach chun an córas airgeadais a chosaint, iomaíocht chóir a áirithiú agus iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha a chosc. D'fhéadfadh imeachtaí cúirte atá rófhada cur isteach ar chumas an Aontais dul i ngleic le sciúradh airgid/éifeachtúlacht na n-iarrachtaí sa réimse sin a laghdú. Cuirtear i láthair i bhFíor 22 na sonraí atá tugtha cothrom le dáta maidir leis an achar a théann imeachtaí breithiúnacha nuair a bhítear ag plé le cionta sciúrtha airgid. Cé go dtógann imeachtaí cúirte céadchéime suas le bliain amháin ar an meán in 15 Bhallstát, léirítear

ann go dtógann siad suas le 2 bhliain ar an meán i seacht mBallstát agus suas le 3.5 bliana ar an meán in dhá Bhallstát ([57]).

- Is coir thar a bheith tromchúiseach é **an t-éilliú** a bhfuil gné thrasteorann aige. Tá iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha aige agus ní féidir dul i ngleic go héifeachtach leis ach trí íosrialacha coiteanna ar fud an Aontais. Cuirtear i láthair i Scórchlár na bliana seo an chéad tacar figiúirí maidir leis an achar a théann imeachtaí breithiúnacha ina bpléitear cásanna breabaireachta. Le Fíor 23 léirítear leibhéil éagsúla infhaighteachta sonraí i measc na mBallstát, agus difríochtaí sa mheán-achar a théann imeachtaí os comhair cúirteanna céadchéime. Tugtar na himeachtaí i gcrích laistigh de bhliain amháin in 12 Bhallstát, ach d'fhéadfadh na himeachtaí dul ar aghaidh ar feadh suas le thart ar 4 bliana sna cúig Bhallstát eile a bhfuil sonraí le fáil ina leith. Ar an iomlán, is léiriú ar chineál tromchúiseach na coire é a chasta atá sé cionta breabaireachta a ionchúiseamh agus a bhreithniú, agus léirítear sin freisin san achar a théann imeachtaí.

## 3.2. Cáilíocht na gcóras ceartais

Níl aon bhealach amháin ann chun cáilíocht na gcóras ceartais a thomhas. Le Scórchlár Ceartais AE 2023, leantar de scrúdú a dhéanamh ar thosca a nglactar leo go ginearálta mar thosca ábhartha chun cáilíocht an cheartais a fheabhsú. Titeann siad isteach i gceithre chatagóir:

1) inrochtaineacht an cheartais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;

2) dóthain acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna;

3) uirlisí measúnúcháin a chur i bhfeidhm;

4) digitiú.

### 3.2.1. Inrochtaineacht

Ceanglaítear inrochtaineacht ar fud an tslabhra ceartais iomláin chun a chur ar a gcumas do dhaoine faisnéis ábhartha a fháil – faisnéis maidir leis an gcóras ceartais faoi conas éileamh a thionscnamh agus na gnéithe airgeadais gaolmhara, faoi staid na n-imeachtaí suas go dtí go dtugtar i gcrích iad – agus maidir leis an mbreithiúnas a rochtain ar líne.

*– Cúnamh dlíthiúil, táillí cúirte agus táillí dlí –*

Príomhthoisc lena gcinntear rochtain ar an gceartas is ea costas na dlíthíochta. D'fhéadfadh ardchostais dlíthíochta, lena n-áirítear táillí cúirte ([58]) agus táillí dlí ([59]), bac a chur ar rochtain ar an gceartas. Ní dhéantar costais dlíthíochta in ábhair shibhialta agus thráchtála a chomhchuibhiú

[57] Le Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil, cuirfear deireadh le bacainní dlíthiúla a d'fhéadfadh moill a chur ar ionchúiseamh, amhail riail a leagann síos nach féidir ionchúiseamh de bharr sciúradh airgid a thionscnamh ach amháin nuair atá na himeachtaí maidir leis an mbun-choir phreideacáide tugtha i gcrích. Bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí faoin 8 Nollaig 2020.

[58] Tuigtear gurb ionann táillí cúirte agus méid a bheidh le híoc chun imeachtaí breithiúnacha neamhchoiriúla a thionscnamh i gcúirt nó i mbinse fiosraithe.

[59] Is iad na táillí dlí an bille i gcomhair seirbhísí arna soláthar ag dlíodóirí dá gcliaint.

ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Agus iad á rialú ag an reachtaíocht náisiúnta, bíonn siad éagsúil ó Bhallstát go chéile.

Is ceart bunúsach é rochtain ar chúnamh dlíthiúil arna chumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([60]). Tugann sé rochtain ar an gceartas do dhaoine nach mbeadh sé ar a gcumas murach sin na costais dlíthíochta a iompar ná a réamhíoc. Deonaíonn formhór na mBallstát cúnamh dlíthiúil bunaithe ar ioncam an iarratasóra ([61]).

Taispeántar i bhFíor 24 an fháil atá ar chúnamh dlíthiúil iomlán nó i bpáirt i gcás sonrach tomhaltóra lena mbaineann éileamh de EUR 6 000. Déantar comparáid ann ar na tairseacha ioncaim chun cúnamh dlíthiúil a dheonú, arna sloinneadh mar chéatadán de thairseach bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit ([62]). Má dhealraítear go bhfuil an tairseach le haghaidh cúnamh dlíthiúil ag 20 % mar shampla, ciallaíonn sé go mbeidh iarratasóir a bhfuil ioncam aige atá 20 % níos airde ná tairseach bochtaineachta Eurostat dá mBallstát fós incháilithe do chúnamh dlíthiúil. Má dhealraíonn sé go bhfuil an tairseach le haghaidh cúnamh dlíthiúil faoi bhun 0 áfach, ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé nach mbeadh duine ag a bhfuil ioncam faoi bhun thairseach na bochtaineachta incháilithe do chúnamh dlíthiúil.

Feidhmíonn naoi mBallstát córas cúnaimh dhlíthiúil lena ndéantar foráil maidir le cumhdach 100 % de na costais atá nasctha le dlíthíocht (cúnamh dlíthiúil iomlán), arna chomhlánú le córas lena gcumhdaítear costais i bpáirt (cúnamh dlíthiúil i bpáirt), agus cuireann an córas sin critéir incháilitheachta i bhfeidhm atá difriúil leo siúd atá i gceist leis na costais iomlána. Tá deich mBallstát ann nach bhfeidhmíonn ach córas iomlán cúnaimh dhlíthiúil nó córas cúnaimh dhlíthiúil i bpáirt. I dtrí Bhallstát, tá discréid ag na cúirteanna maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú.

**Fíor 24: Tairseach ioncaim le haghaidh cúnamh dlíthiúil i gcás sonrach tomhaltóra, 2022** (*) *(difríochtaí in % ó thairseach bochtaineachta Eurostat) (foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE)) ([63]))*

[60] Airteagal 47(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[61] Baineann na Ballstáit úsáid as modhanna difriúla chun an tairseach incháilitheachta a shuí, e.g. tréimhsí tagartha difriúla (ioncam míosúil/bliantúil). Tá tairseach in 14 Bhallstát freisin atá ceangailte le caipiteal pearsanta an iarratasóra. Ní chuirtear é sin san áireamh le haghaidh na fíorach seo. In BE, BG, IE, ES, FR, HR, HU, LT, LU, NL agus PT, tá grúpaí áirithe daoine (e.g. daoine aonair a fhaigheann sochair ar leith) i dteideal cúnamh dlíthiúil a fháil go huathoibríoch i ndíospóidí sibhialta/tráchtála. Ní léirítear na critéir bhreise a d'fhéadfadh Ballstáit a úsáid, amhail fiúntas an cháis, san fhíor seo. Cé nach mbaineann sé go díreach leis an bhfíor seo, i roinnt Ballstát (AT, CZ, DE, DK, IT, NL, PL, SI) níl an cúnamh dlíthiúil teoranta do dhaoine nádúrtha.

[62] Chun sonraí inchomparáide a bhailiú, tiontaíodh tairseach bochtaineachta Eurostat de chuid gach Ballstáit go hioncam míosúil. Tá an tairseach ráta riosca na bochtaineachta (AROP) socraithe ag 60 % den ioncam náisiúnta indiúscartha coibhéisithe airmheánach teaghlach. European Survey on Income and Living Conditions [Suirbhé Eorpach ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála], Eurostat tábla ilc_li01, https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_li01/default/table?lang=en

[63] Bailíodh sonraí 2022 ag úsáid freagraí ó chomhaltaí Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ar cheistneoir bunaithe ar an gcás sonrach seo a leanas: díospóid tomhaltóra le cuideachta (léirítear dhá luach éilimh dhifriúla: EUR 6 000 agus tairseach riosca bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit). Ag glacadh leis go mbraitheann na coinníollacha le haghaidh cúnamh dlíthiúil ar chás an iarratasóra, baineadh úsáid as an gcás seo a leanas: iarratasóir singil 35 bliain d'aois gan aon chleithiúnaí ná árachas costas dlí, ag a bhfuil ioncam tráthrialta agus árasán ar cíos.




*(*) Tá ríomhanna bunaithe ar luachanna tairsí ráta riosca na bochtaineachta le haghaidh 2021.* ***BE, DE, ES, FR, HR, IE, IT, LT, LU, NL, SI, SK, FI:*** *ní mór sócmhainní indiúscartha an iarratasóra a chur san áireamh freisin le cúnamh dlíthiúil.* ***EE:*** *níl an cinneadh chun cúnamh dlíthiúil a dheonú bunaithe ar leibhéal acmhainní airgeadais an iarratasóra.* ***EL****: Is é is tairbhí de chúnamh dlíthiúil ann an duine nach mó a ioncam bliantúil ná 2/3 de na tuarastail bhliantúla is ísle dá bhforáiltear leis an reachtaíocht atá ann cheana.*

Cuireann 21 Bhallstát páirtithe faoi cheangal táille cúirte a íoc nuair a chuireann siad tús le himeachtaí breithiúnacha. Is minic le daoine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil a bheith díolmhaithe ó tháillí cúirte a íoc. Ní fhaigheann ach sé Bhallstát (am Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSlóivéin) cúnamh dlíthiúil nach bhfuil díolmhaithe go huathoibríoch ó tháillí cúirte a íoc. Sa tSeicia, cinneann an chúirt ar bhonn cás ar chás cé acu duine a fhaigheann cúnamh dlíthiúil a dhíolmhú ó tháillí cúirte a íoc nó gan a dhíolmhú. I Lucsamburg, dlíthithe a thairbhíonn de chúnamh dlíthiúil, ní gá dóibh táillí báille a íoc. Déantar comparáid i bhFíor 25, le haghaidh dhá chás, ar mhéid na táille cúirte arna cur i láthair mar chion de luach an éilimh. Má tharlaíonn sé, mar shampla, san fhíor thíos go bhfuil an táille cúirte cothrom le 10 % d'éileamh EUR 6 000, beidh gá don tomhaltóir táille cúirte EUR 600 a íoc chun imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh. Tá an t-éileamh luacha íseal bunaithe ar thairseach riosca bochtaineachta Eurostat (AROP) le haghaidh gach Ballstáit.

**Fíor 25: Táille cúirte chun imeachtaí breithiúnacha a thionscnamh i gcás sonrach a bhaineann le tomhaltóir, 2022** (*) (*méid na táille cúirte mar chion de luach an éilimh*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE))* *([64]))*




*(*) Tá ríomhanna bunaithe ar luachanna tairsí ráta riosca na bochtaineachta le haghaidh 2021. Is éard atá i gceist le 'éileamh ar luach íseal' éileamh a chomhfhreagraíonn do thairseach bochtaineachta Eurostat le haghaidh duine aonair i ngach Ballstát, arna thiontú go hioncam míosúil (e.g. in 2021 bhí an luach sin idir EUR 242 in* ***RO*** *agus EUR 2 124 in* ***LU****).EE, PT: Gan sonraí maidir leis an táille chúirte i gcás éileamh ar luach íseal. NL: Comhfhreagraíonn luachanna táillí cúirte do dhlíthí ar lú a ioncam bliantúil ná EUR 29 400.*

64 Bailíodh na sonraí, ina dtagraítear do na tairseacha ioncaim a bhí bailí in 2022, ag úsáid freagraí ó chomhaltaí Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) ar cheistneoir bunaithe ar an gcás seo a leanas: díospóid tomhaltóra idir duine aonair agus cuideachta (tugtar dhá luach éilimh dhifriúla: EUR 6 000 agus tairseach riosca bochtaineachta Eurostat le haghaidh gach Ballstáit).

*– Rochtain a fháil ar mhodhanna um réiteach malartach díospóidí –*

Léirítear i bhFíor 26 iarrachtaí na mBallstát chun úsáid dheonach modhanna um réiteach malartach díospóidí (RMD) a chur chun cinn trí dhreasachtaí sonracha. D’fhéadfaidís athrú ag brath ar an réimse dlí ([65]).

**Fíor 26: Modhanna RMD a chur chun cinn agus dreasachtaí lena n-úsáid, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([66]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 68 bpointe. Táscairí comhiomlánaithe bunaithe ar na táscairí a leanas: 1) suíomh gréasáin ar a soláthraítear faisnéis ar RMD; 2) feachtais feasachta sna meáin; 3) bróisiúir le haghaidh an phobail i gcoitinne; 4) cuireann an chúirt seisiúin faisnéise sonraí faoi RMD ar fáil ar iarraidh; 5) comhordaitheoir RMD/idirghabhála; 6) foilsiú meastóireachtaí ar úsáid RMD; 7) foilsiú staidrimh ar úsáid RMD; 8) cumhdach páirteach nó iomlán ag cúnamh dlí le haghaidh costais RMD a thabhaítear; 9) aisíocaíocht iomlán nó pháirteach táillí cúirte, lena n-áirítear dleachtanna stampála; má éiríonn le RMD; 10) níl aon cheanglas le haghaidh dlíodóir i nósanna imeachta RMD; 11) féadfaidh breitheamh gníomhú mar idirghabhálaí; 12) bíonn comhaontú a thugann na páirtithe i gcrích infhorfheidhmithe ag an gcúirt; 13) féidearthacht chun imeachtaí a thionscnamh/éileamh a chomhdú agus fianaise dhoiciméadach a chur isteach ar líne; 14) féadfar na páirtithe a chur ar an eolas faoin tionscnamh agus céimeanna éagsúla na nósanna imeachta go leictreonach; 15) féidearthacht chun na táillí is infheidhme a íoc ar líne; 16) úsáid teicneolaíochta (feidhmchláir intleachta saorga, róbat comhrá) chun cur isteach agus réiteach díospóidí a éascú; agus 17) aon mhodh eile. Maidir le gach ceann de na 17 dtáscaire sin, bronnadh pointe amháin le haghaidh gach réimse dlí. **IE**: tagann cásanna riaracháin faoin gcatagóir a bhaineann le cásanna sibhialta agus tráchtála. **EL**: Tá RMD ann i nósanna imeachta soláthair poiblí sula dtéitear chuig na cúirteanna achomhairc. **ES**: Tá RMD éigeantach i gcásanna a bhaineann le dlí an tsaothair. **PT**: maidir le cásanna sibhialta/tráchtála, ní aisíoctar táillí cúirte ach i gcás ceartas ar son na síochána. **SK**: ní thacaíonn ord dlíthiúil na Slóvaice le RMD a úsáid chun críoch riaracháin. **FI**: meastar díospóidí tomhaltóirí agus saothair a bheith ina gcásanna sibhialta freisin. **SE**: tá discréid nós imeachta ag breithimh faoi RMD. Is cúram éigeantach atá ar an mbreitheamh féachaint le réiteach cairdiúil díospóide a bhaint amach ach amháin má tá sé míchuí mar gheall ar chineál an cháis.*

---

[65] Ní chumhdaíonn na modhanna chun úsáid ADR a chur chun cinn agus a dhreasú ceanglais éigeantacha ADR a úsáid sula dtéann siad chun na cúirte. D’fhéadfadh na ceanglais sin a bheith ina n-ábhair imní maidir lena gcomhoiriúnacht leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[66] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*– Socruithe sonracha maidir le rochtain ar an gceartas –*

I Scórchlár Ceartais AE 2022 cuireadh fíor i láthair a bhí tiomnaithe do shocruithe sonracha maidir le rochtain chomhionann ar an gceartas do dhaoine faoi mhíchumais a éascú. Leis an eagrán seo, leantar de scrúdú níos doimhne ar shocruithe sonracha roghnaithe lena n-éascaítear rochtain chomhionann ar an gceartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe ar an iomlán agus do dhá ghrúpa shonracha: daoine scothaosta agus íospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh.

Léirítear leis an dá fhíor thíos na céimeanna a rinne gach Ballstát chun rochtain ar an gceartas do na grúpaí sin faoi seach a éascú. Léirítear le Fíor 27 socruithe sonracha roghnaithe maidir le daoine atá i mbaol idirdhealaithe, chomh maith le daoine scothaosta. Orthu sin, agus i measc nithe eile, tá faisnéis a bheith le fáil i bhformáidí inrochtana, rochtain fhisiceach ar fhoirgnimh chúirte agus seomraí cúirte a áirithiú, nó rannpháirtíocht in imeachtaí breithiúnacha thar ceann an íospartaigh (na n-íospartach) nó mar thacaíocht leis (leo) a chur ar a gcumas d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí comhionannais.

**Fíor 27: Socruithe sonracha maidir le rochtain ar an gceartas do dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe agus do dhaoine scothaosta, 2022** *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([67]))*

[67] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta agus ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.




Léirítear le Fíor 28 iarracht na mBallstát cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh[68] agus a rochtain ar an gceartas a éascú. Tá ról tábhachtach

[68] Ciallóidh foréigean in aghaidh ban foréigean inscne, atá dírithe i gcoinne mná nó cailín toisc gur bean nó cailín í nó a dhéanann difear díréireach do mhná nó do chailíní, lena n-áirítear gach gníomh foréigin den sórt sin a mbíonn, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, dochar nó fulaingt fhisiceach, gnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfaí gníomhartha den sórt sin, comhéigean nó cailleadh treallach saoirse, bíodh sin sa saol poiblí nó sa saol príobháideach. Ciallaíonn foréigean baile gach gníomh foréigin a mbíonn de thoradh air, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, díobháil fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, a tharlaíonn

ag an gceartas ó thaobh foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Freagairt cheartais atá comhordaithe comhtháite, rannchuidíonn sí le sábháilteacht agus dea-bhail íospartach agus leis an athíospairt a chosc.

**Fíor 28 Socruithe sonracha maidir le híospartaigh foréigin in aghaidh na mban/foréigin teaghlaigh, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([69]) )*

sa teaghlach nó san aonad baile, beag beann ar cheangail bhitheolaíocha nó dhlíthiúla teaghlaigh, nó idir iarchéilí nó céilí reatha nó idir iarchéilí nó páirtithe reatha, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cónaí roinnte ag an gciontóir leis an íospartach.

[69] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta agus ón nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.




*- Cumhachtaí roghnaithe atá ag comhlachtaí comhionannais chun cuidiú le híospartaigh idirdhealaithe rochtain a fháil ar an gceartas -*

Den chéad uair, soláthraítear le Scórchlár Ceartais AE 2023 forbhreathnú ar chumhachtaí sonracha roghnaithe atá ag comhlachtaí comhionannais chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh idirdhealaithe rochtain a fháil ar an gceartas. Léirítear le Fíor 29 thíos cé na cumhachtaí atá ag an gcomhlacht (na comhlachtaí) comhionannais – nó ag comhlachtaí sonracha eile i gcásanna áirithe – i ngach Ballstát chun cásanna idirdhealaithe a réiteach. Orthu sin, i measc nithe eile, tá deis a thabhairt do na páirtithe réiteach malartach ar a ndíospóid a lorg (nósanna imeachta idirghabhála nó idir-réitigh, mar shampla), cinntí ceangailteacha a eisiúint i gcásanna idirdhealaithe, gníomhú in imeachtaí cúirte i gcásanna idirdhealaithe thar ceann íospartach nó ina ainm féin, nó barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte mar *amicus curiae* nó mar shaineolaí i gcásanna idirdhealaithe. Ní hionann feidhmiú na gcumhachtaí sin sa chleachtas ag brath ar an mBallstát.

**Fíor 29: Cumhachtaí roghnaithe atá ag comhlachtaí comhionannais chun cuidiú le híospartaigh idirdhealaithe rochtain a fháil ar an gceartas** (*) *(foinse: faisnéis arna tiomsú bunaithe ar shonraí arna mbailiú ó Equinet (líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais), comhlachtaí comhionannais náisiúnta agus Líonra Eorpach na saineolaithe dlí)*

| Ballstát | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuireann sé réiteach malartach díospóidí ar fáil do na páirtithe | ● | ● | | | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Eisíonn sé cinintí atá ceangailteach ó thaobh dlí de | | ● | | | | | | | | | | | ● | | ● | | ● | | | | | ● | ● | ● | | | |
| Gníomhaíonn sé in imeachtaí cúirte | ● | ● | | ● | | | ● | | ● | | ● | ● | | ● | | | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| Cuireann sé barúlacha faoi bhráid na cúirte | ● | ● | ● | ● | | | ● | | ● | ● | | | | ● | ● | | ● | | ● | | ● | ● | ● | | ● | ● | |

*(*) Léiríonn ponc go bhfuil an chumhacht ábhartha ag comhlacht comhionannais amháin ar a laghad sa Bhallstát. I roinnt Ballstát, is eintiteas eile seachas an comhlacht comhionannais a fheidhmíonn na cumhachtaí a ndéantar staidéar orthu, agus sa chás sin níl ponc sa tábla.* ***BG****: De réir Acht 15/2022, arna ghlacadh an 12 Iúil 2022.* ***CZ:*** *Tá sé de chumhacht ag Cosantóir na gCeart Poiblí gníomhú mar amicus curiae ach amháin os comhair na cúirte bunreachtúla. It is not formaly empowered to submit observation before courts deciding on discrimination cases.* ***ES:*** *De réir Ley 15/2022, a glacadh an 12 Iúil 2022, ach nár cuireadh chun feidhme go hiomlán fós.*

*– Rialú breithiúnach ar riarachán poiblí i gcásanna a bhaineann le gnó –*

Le Scórchlár Ceartais AE 2023 déantar tuilleadh forbartha ar an bhforbhreathnú ar choimircí dlíthiúla roghnaithe maidir le gníomhartha nó neamhghníomhartha údarás riaracháin i gcásanna a bhaineann le gnó[70], rud ar cuireadh tús leis in eagrán 2022 den Scórchlár. I measc na gcosaintí

[70] Sa chéad chás samplach, le linn na n-imeachtaí cúirte a bhaineann le díshealbhú, ordaíonn na húdaráis ar chuideachta mianadóireachta an mhianadóireacht a stopadh láithreach; braitheann siad ar ghearáin a rinneadh na húinéirí tí sa sráidbhaile máguaird roimhe sin, ar réitigh an chuideachta mhianadóireachta iad cheana féin. Thabhódh an chuideachta caillteanas brabúis laethúil de EUR 8 000 dá gcomhlíonfadh sí an cinneadh riaracháin. Déanann an chuideachta agóid i gcoinne an chinnidh riaracháin sa chúirt, agus cealaíonn an chúirt an cinneadh faoi dheireadh mar mheasann sí nach bhfuil bunús leis. Sa dara cás, comhdaíonn cuideachta atá bunaithe i mBallstát 'B' iarraidh leis an údarás inniúil i mBallstát 'A' chun cead a fháil le stór miondíola atá 800 méadar cearnach a thógáil i bpríomhchathair Bhallstát 'A'. Ní fhaigheann an chuideachta aon fhreagra ón údarás i gceist laistigh den teorainn ama reachtúil/laistigh de thréimhse a mheastar a bheith réasúnta le freagra a thabhairt

dlíthiúla tá athbhreithniú na cúirte ar chinntí riaracháin agus bearta idirlinne, nó an fhéidearthacht maidir le cúiteamh airgeadais i gcás tost riaracháin nó cinneadh gan bhunús. Cuireann siad sin uile le cáilíocht an chóras cheartais, agus tá siad ábhartha don timpeallacht ghnó agus infheistíochta agus feidhmiú an mhargaidh aonair go háirithe**.**

**Fíor 30: Cosaintí dlíthiúla a bhaineann le cinntí nó neamhghníomh údarás riaracháin, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([71]))*




(*) *'●': Go n-aithnítear foirm shonrach an dliteanais stáit faoi chóras dlí an Bhallstáit agus gur cuireadh i bhfeidhm é go praiticiúil i gcás cúirte amháin ar a laghad le deich mbliana anuas. '○': Go n-aithnítear foirm shonrach an dliteanais stáit faoi chóras dlí an Bhallstáit ach nár cuireadh i bhfeidhm é go praiticiúil i gcás cúirte amháin ar a laghad le deich mbliana anuas. Níor cheart a thuiscint gur ráiteas a bhaineann le ceanglais faoi dhlí an Aontais atá i gceist le cill bhán.* ***FR:*** *Cé gur formheas intuigthe an rud is brí le tost riaracháin go ginearálta, diúltú intuigthe an rud is brí leis i gcásanna eisceachtúla áirithe a liostaítear le dlí.* ***SK****: Féadfaidh an chúirt bac a chur ar fhorfheidhmiú cinnidh riaracháin ar bhonn togra i bhformhór na gcásanna. Tagairtí náisiúnta do chásanna lena suitear dliteanas stáit i gcás sárú ar dhlí an Aontais ag cinneadh ón gcúirt a bhreithníonn sa chéim deiridh (Köbler):* ***CZ****: D'fhéadfadh sé go bhfuil cásanna ann lena suitear dliteanas stáit den sórt sin. I roinnt cásanna a bhaineann le dliteanas stáit den sórt sin, chuir an Chúirt Uachtarach an cás ar ais chuig an gcúirt ghinearálta le haghaidh éisteacht nua, ach níl torthaí an imeachta nua ar fáil go poiblí go fóill (féach, mar shampla, breithiúnas ón gCúirt Uachtarach an 26 Iúil 2019, Uimh. 30 Cdo 3856/2017, ECLI:CZ:NS:2019:30.CDO.3856.2017.1);* ***DK****: Níor mhór teacht ar an*

---

(tréimhse tosta riaracháin). Ar deireadh, scrúdaítear san fhíor cé acu an féidir leis an gcuideachta cúiteamh airgeadais a lorg as na caillteanais a thabhaigh sí mar gheall ar an moill (an tréimhse tosta riaracháin) maidir le deonú an cheada tógála (ag glacadh leis go ndeonaítear an cead tógála sa deireadh thiar) ón údarás inniúil.

[71] Sonraí ó 2021 agus 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*mbunús dlí d'éilimh ar chúiteamh airgeadais i ngnáthphrionsabail dlí na Danmhairge, eadhon ar phrionsabal 'culpa', lena gceanglaítear ar an gcuideachta, inter alia, cruthúnas dliteanais a sholáthar. In certain exceptional cases of administrative silence where the failure to act is deemed to be an illegal omission, an authority within the State Administration may order municipalities to act.* ***EE****: Cúirt Uachtarach na hEastóine (20.05.2022) breithiúnas Sheomra Riaracháin na Cúirte Uachtaraí i gcás riaracháin Uimh. 3-20-1684;* ***EL****: Cinntí sheisiún iomlánach na Comhairle Stáit 799-803/2021;* ***ES****: Breithiúnas na hÉisteachta Náisiúnta 415/2009 - Sentencia de la Audiencia Nacional AN 415/2009 - ECLI:ES:AN:2009:415, Audiencia Nacional. Sala de lo Contencioso. Sección:3 10/02/2009, Nº de Recurso:553/2007;* ***FR****: Tribunal administratif de Paris, 21 Aibreán 2021, n° 1823994 ;* ***HU*** *: Kúria, Pfv. III. 22.112/2012/13. (prionsabal deimhnithe, maíomh diúltaithe) Kúria, Pfv.III.21.591/2013/5 ;* ***NL****: ECLI:NL:HR:2018:2396, ECLI:NL:RBDHA:2021:15447, ECLI:NL:HR:2018:2396;* ***FI*** *: KKO2013:58 ; Dliteanas stáit i gcás sárú ar dhlí an Aontais ag gníomhartha reachtacha nó riaracháin (Brasserie du Pêcheur):* ***BE:*** *Civ. Fr. Brussels (4ème ch.) 17 Meitheamh 2021. Cinneadh ó Chúirt Achomhairc na Bruiséile an 09.03.2021 (Fernand Ullens de Schooten v Stát na Beilge);* ***BG****: Breithiúnas Uimh. 16 ó SCC an 2.03.2021 i gCás Uimh. 1914/2020;* ***CZ:*** *D'fhéadfadh sé go bhfuil cásanna ann lena suitear dliteanas stáit den sórt sin. I roinnt cásanna a bhaineann le dliteanas stáit den sórt sin, mar shampla, chuir an Chúirt Uachtarach an cás ar ais chuig an gcúirt ghinearálta le haghaidh éisteacht nua, ach níl torthaí an imeachta nua ar fáil go poiblí go fóill (féach, mar shampla, breithiúnas ón gCúirt Uachtarach an 25 Aibreán 2018, Uimh. 30 Cdo 1945/2016, ECLI:CZ:NS:2018:30.CDO.1945.2016.1).;* ***EE****: Breithiúnas ó Chúirt Chuarda Thaillinn an 31.10.2017 i gcás riaracháin Uimh. 3-13-366;* ***IE:*** *Ogieriakhi v MJE agus eile (Cás C-244/13);* ***EL****: Cinntí 607/2016, 4403/2015 ón gComhairle Stáit;* ***ES****: An Chúirt Uachtarach, Roinn Riaracháin, breithiúnas an 26 Bealtaine 2021, iarratas nº 352/2019, ECLI:ES:TS:2021: 2143; An Chúirt Uachtarach, Roinn Riaracháin, breithiúnas an 29 Deireadh Fómhair 2021, iarratas nº 3409/2016, ECLI:ES:TS: 2021:4019;* ***FR:*** *TA Rouen, 28 Meitheamh 2022 n°2001360; TA Clermont-Ferrand, 14 Nollaig 2021, n°2000090 (cúig chás dhifriúla) ; TA Poitiers, 26 Samhain 2020, n°1901176 ; CAA Versailles, 24 Samhain 2020, IP Celimo SAS, n° 15VE02812);* ***IT****: Cúirt Uachtarach na hIodáile (an Chúirt Achomhairc), Roinn III, 24.11.2020 n. 26757 agus an Chúirt Achomhairc, 29.9. 2021 n. 26302; An Chúirt Achomhairc, Ranna Aontaithe, 23.6.2022, n. 20278; An Chúirt Achomhairc, Roinn III, 13.5.2020 n. 8889, an Chúirt Achomhairc, Roinn I, 30.10.2018, n. 27690; An Chúirt Achomhairc, Roinn III, 16.10.2020 n. 22631;* ***HU****: Fővárosi Ítélőtábla, 3. Pf. 20.182/2014/2. Fővárosi Ítélőtábla, 5.Pf.21.081/2016/6. Fővárosi Ítélőtábla Pf. 21.340/2017/5.3. Fővárosi Ítélőtábla Pf.20.602/2017/5/II;* ***MT:*** *Daniel James Cassar vs. Direttur tas-Sahha Istituzzjonali et;* ***NL:*** *ECLI:NL:GHDHA:2013:3791 (cassatieberoep: ECLI:NL:HR:2015:2722 en ECLI:NL:HR:2015:2723); ECLI:NL:RVS:2020:898, ECLI:NL:RVS:2020:899, ECLI:NL:RVS:2020:900 agus ECLI: NL:RVS:2020:901; ECLI:NL:HR:2018:1973; ECLI:NL:GHDHA:2013:3791.*

*– Ceartas lena dtacaítear le leanaí –*

Le Scórchlár Ceartais AE 2023 leantar den anailís ar cheartas lena dtacaítear le leanaí. I bhFíor 31 féachtar ar shocruithe sonracha atá ar fáil i gcás ina bhfuil leanbh rannpháirteach i gcás mar íospartach nó mar dhuine atá faoi dhrochamhras/mar dhuine cúisithe.

**Fíor 31: Socruithe sonracha le haghaidh imeachtaí lena dtacaítear le leanaí atá rannpháirteach mar íospartaigh nó mar dhaoine atá faoi dhrochamhras nó mar dhaoine cúisithe, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([72]))*




*(*) Leanaí: daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.*

[72] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

### 3.2.2. Acmhainní

Tá gá le hacmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí is gá i mbonneagar fisiciúil agus teicniúil, chomh maith le foireann de gach cineál atá cáilithe, oilte agus a íoctar ar bhealach leordhóthanach, ionas go bhfeidhmeoidh an córas ceartais i gceart. In éagmais saoráidí, uirlisí ná foireann leordhóthanach ag a bhfuil na cáilíochtaí agus scileanna is gá chomh maith le rochtain ar oiliúint leanúnach, déantar dochar do cháilíocht na n-imeachtaí agus na gcinntí.

*– Acmhainní airgeadais –*

Léirítear sna fíoracha thíos caiteachas iarbhír an rialtais ar fheidhmiú an chórais ceartais (gan príosúin san áireamh), in aghaidh an áitritheora (Fíor 32) agus mar sciar d'olltáirgeacht intíre (OTI) (Fíor 33) araon.

**Fíor 32: Caiteachas iomlán ginearálta rialtais ar chúirteanna dlí in EUR in aghaidh an áitritheora, 2012, 2019 – 2021** (*) *(foinse: Eurostat)*




*(*) Cuireadh na Ballstáit in eagar de réir a gcaiteachais in 2021 (ón méid is airde chuig an méid is ísle). Cé go ndearnadh iarracht shuntasach an taifeadadh ar bhearta rialtais a chomhchuibhiú chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú, níor baineadh amach comhchuibhiú iomlán sonraí do na blianta tagartha 2020 agus 2021 go fóill. Dá bhrí sin, tá an dóchúlacht go ndéanfar athbhreithnithe amach anseo níos airde ná mar is gnách agus tá sonraí an Aontais agus an limistéir euro sealadach le haghaidh 2021. Ina theannta sin, tá sonraí do bhlianta eile sealadach le haghaidh DE, ES, FR agus PT.*

**Fíor 33: Caiteachas iomlán ginearálta rialtais ar chúirteanna dlí mar chéatadán de OTI, 2012, 2019 – 2021** (*) *(foinse: Eurostat)*




*(*) Cuireadh na Ballstáit in eagar de réir a gcaiteachais in 2020 (ón méid is airde chuig an méid is ísle). Cé go ndearnadh iarracht shuntasach an taifeadadh ar bhearta rialtais a chomhchuibhiú chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú, níor baineadh amach comhchuibhiú iomlán sonraí do na blianta tagartha 2020 agus 2021 go fóill. Dá bhrí sin, tá an dóchúlacht go ndéanfar athbhreithnithe amach anseo níos airde ná mar is gnách agus tá sonraí an Aontais agus an limistéir euro sealadach le haghaidh 2021. Ina theannta sin, tá sonraí do bhlianta eile sealadach le haghaidh DE, ES, FR agus PT.*

Cuirtear i láthair le Fíor 34 an cóimheas idir tuarastail bhliantúla breithiúna agus ionchúisitheoirí agus an meántuarastal bliantúil sa tír. I gcás gach tíre, cuirtear i láthair sa chéad dá cholún tuarastail breithiúna agus ionchúisitheoirí ag tús a ngairmréimeanna faoi seach, agus ag a mbuaic. De bhua Airteagal 19(1) CAE, tá ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a gcúirteanna ar an iomlán agus na breithiúna aonair araon neamhspleách sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais. Cé nár breithníodh laghdú sealadach ar luach saothair i gcomhthéacs bearta déine de shárú ar an bhforáil seo, tá sé ráite ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur ráthaíocht bhunriachtanach ar neamhspleáchas breithiúnach é leibhéal luacha saothair a fhaigheann comhaltaí na mbreithiúna agus tábhacht na bhfeidhmeanna a chuirtear i gcrích ([73]) .

[73] Cás C-64/16, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, mír 45, Like the protection against removal from office of the members of the body concerned (see, in particular, judgment of 19 September 2006, Wilson, C-506/04, EU:C:2006:587, paragraph 51), the receipt by those members of a level of remuneration commensurate with the importance of the functions they carry out constitutes a guarantee essential to judicial independence [Amhail an chosaint do chomhaltaí an chomhlachta lena mbaineann in aghaidh a gcur as oifig (féach, go háirithe, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2006, Wilson, C-506/04, EU:C:2006:587, mír 51), ráthaíocht fhíor-riachtanach don neamhspleáchas breithiúnas is ea na comhaltaí sin a bheith ag fáil leibhéal luacha saothair atá ar cóimhéid le tábhacht na bhfeidhmeanna a dhéanann siad].

**Fíor 34: An cóimheas idir tuarastail bhliantúla breithiúna agus ionchúisitheoirí agus an meántuarastal comhlán bliantúil sa tír in 2021** (*) *(in aghaidh 100 000 áitritheoir) (foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




– *Acmhainní daonna* –

Tá acmhainní daonna leordhóthanacha fíor-riachtanach le haghaidh cáilíocht córais ceartais. Cuireann éagsúlacht i measc breithiúnacha, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, le heolas, scileanna agus taithí chomhlántach agus léirítear fíorstádas na sochaí léi.

**Fíor 35: An líon breithiúnacha, 2012, 2019 – 2021** (*) *(in aghaidh 100 000 áitritheoir) (foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




*(*) Is éard atá sa chatagóir sin breithiúnacha a oibríonn go lánaimseartha, i gcomhréir le modheolaíocht CEPEJ. Ní áirítear léi na Rechtspfleger/cléirigh chúirte atá i roinnt Ballstát.* ***AT****: tá sonraí maidir le ceartas riaracháin mar*

*chuid de na sonraí ó bhí 2016 ann. **EL**: ó bhí 2016 ann, áirithítear i sonraí maidir le líon na mbreithiúna gairmiúla gach aicme le haghaidh ceartas coiriúil agus sibhialta chomh maith le breithiúna riaracháin. **IT**: Ní chuirtear coimisiúin iniúchta réigiúnacha, coimisiúin cánach áitiúla ná cúirteanna míleata san áireamh. Cuirtear ceartas riaracháin san áireamh ó bhí 2018 ann.*

**Fíor 36: Sciar de bhreithiúnacha gairmiúla is mná ar an gCúirt Uachtarach 2020 – 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([74]))*




*(*) Cuireadh na sonraí in eagar de réir luachanna 2022, ón luach is airde chuig an luach is ísle. **MT**: Ní raibh aon bhean ar an gcúirt is uachtaraí in 2020.*

**Fíor 37: An líon dlíodóirí, 2012, 2019 – 2021** (*) *(in aghaidh 100 000 áitritheoir) (foinse: Staidéar ón gCoimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa (CEPEJ))*




*(*) I gcomhréir le modheolaíocht CEPEJ, is éard atá i gceist le dlíodóir duine cáilithe agus údaraithe ag an dlí náisiúnta chun pléadáil agus gníomhú thar cheann a chliant; chun bheith rannpháirteach i gcleachtas an dlí; chun teacht os comhair na gcúirteanna nó comhairle a chur ar fáil dá chliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a chliaint i gcúrsaí dlí (Moladh Rec (2000)21 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le saoirse chun gairm bheatha an dlíodóra a fheidhmiú). **DE**: ní dhéantar aon idirdhealú idir grúpaí dlíodóirí sa Ghearmáin, amhail an t-idirdhealú a*

[74] An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Bunachar Staidrimh Inscne: https://eige.europa.eu/gender-statistics/dgs/indicator/wmidm_jud_natcrt__wmid_natcrt_supcrt/datatable

*dhéantar idir dlíodóirí agus abhcóidí.* ***FI****: ó 2015, áirithítear sa líon dlíodóirí an líon dlíodóirí a oibríonn san earnáil phríobháideach chomh maith leis an líon dlíodóirí a oibríonn san earnáil phoiblí.*

*– Oiliúint –*

Is rannchuidiú tábhachtach í oiliúint bhreithiúnach le cáilíocht cinntí breithiúnacha agus leis an tseirbhís ceartais a sheachadtar do shaoránaigh. Leis na sonraí a leagtar amach thíos cumhdaítear oiliúint bhreithiúnach sa chumarsáid le páirtithe agus ar na meáin shóisialta.

**Fíor 38: Infhaighteacht oiliúna ar chumarsáid le haghaidh breithiúnacha, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([75]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 12 phointe. Tugadh 1 phointe amháin do Bhallstáit má tá oiliúint tosaigh acu agus 1 phointe amháin má tá oiliúint leantach acu (agus 2 phointe ar a mhéad le haghaidh gach cineáil oiliúna) sna hábhair a thaispeántar thuas.*

[75] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.

### 3.2.3. Uirlisí measúnúcháin

Le meastóireacht thráthrialta, d’fhéadfaí an córas ceartais a dhéanamh níos freagraí ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí, rud a chuirfeadh feabhas ar a cháilíocht. Tá suirbhéanna (Fíor 39) fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach ina bhfeidhmíonn córais cheartais ó pheirspictíocht dlíodóirí agus úsáideoirí cúirte.

**Fíor 39: Ábhair i suirbhé staidrimh a rinneadh ar úsáideoirí cúirte nó dlíodóirí, 2021** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([76]))*




*(*) Tugadh aon phointe amháin do Bhallstáit in aghaidh an ábhair suirbhé a sonraíodh gan beann an ndearnadh an suirbhé ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó cúirte. Ar ‘ábhair eile’ bhí tionchar COVID-19, conas suaitheadh i ngníomhaíocht na cúirte a íoslaghdú agus úsáid níos fairsinge a bhaint as naisc físe mar réiteach (**IE**), sásamh íospartach coireanna coiriúla a bhaineann leas as oifigí na gcúirteanna breithiúnacha um chúnamh d’íospartaigh (**FR**), príomh-shaincheisteanna ar cheart aghaidh a thabhairt orthu ionas go mbeidh rochtain níos fearr ag*

[76] Sonraí ó 2021 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*íospartaigh foréigin teaghlaigh ar an gceartas (**MT**), úsáid smachtbhannaí malartacha agus a n-éifeachtacht, agus muinín sa chóras lena gcoisctear foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear idirghabháil (**PL**), gnéithe ginearálta de na cúirteanna; rochtain ar fhaisnéis maidir leis na cúirteanna; saoráidí cúirte; feidhmiú na gcúirteanna; an breitheamh atá freagrach as an gcás; acmhainní atá ar fáil; agus dílseacht (**PT**). In (**SE**), chruthaigh Riarachán Cúirteanna Náisiúnta na Sualainne (SNCA) ceistneoir digiteach ina bhfuil sraith de chineálacha éagsúla ceisteanna ar féidir leis na cúirteanna a úsáid nuair a dhéanann siad a suirbhéanna féin. I dteannta na gceisteanna thuasluaite, tá ceisteanna sa teimpléad freisin an bhfuil teach na cúirte agus na seomraí cúirte ann éasca a aimsiú. Tagraíonn tacar eile ceisteanna don chaoi a n-airíonn úsáideoirí na cúirte go bhfuil sábháilteacht agus slándáil phearsanta acu laistigh agus lasmuigh den seomra cúirte agus lasmuigh d'áitreabh theach na cúirte féin.*

### 3.2.4. Digitiú

Féadfaidh úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) córas cheartais na mBallstát a neartú agus iad a dhéanamh níos inrochtana, níos éifeachtaí, níos seasmhaí agus réidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí. Chuir paindéim COVID-19 roinnt dúshlán a dhéanann difear d'fheidhmiú na breithiúnachta i dtábhacht freisin agus léirigh sí gur gá do na córais cheartais náisiúnta tuilleadh feabhais a chur ar a ndigitiú.

I leaganacha níos luaithe de Scórchlár Ceartais AE, soláthraíodh sonraí comparáideacha ar ghnéithe áirithe a bhaineann le TFC i gcórais cheartais. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le digitiú ceartais san Aontas, an 2 Nollaig 2020([77]), cuireadh leis an Scórchlár ar bhealach substaintiúil le sonraí breise ar dhigitiú sna Ballstáit. Ba cheart don fheabhas sin ceadú do mhonatóireacht níos doimhne a dhéanamh ar réimsí dul chun cinn agus ar dhúshláin atá ann fós.

Éilítear le ceartas lena dtacaítear le saoránaigh go bhfuil faisnéis faoi chórais cheartais náisiúnta inrochtana go héasca, agus ní hamháin sin ach go bhfuil sí oiriúnaithe do ghrúpaí sonracha den tsochaí a mbeadh deacrachtaí acu murach an fhaisnéis inrochtana sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis. Léirítear i bhFíor 41 infhaighteacht faisnéise ar líne agus seirbhísí poiblí sonracha a chuidíonn le daoine rochtain a fháil ar an gceartas.

**Fíor 40**: **Infhaighteacht faisnéise ar líne faoin gcóras ceartais le haghaidh an phobail i gcoitinne, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([78]))*

[77] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities' ' [Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020)710, agus SWD(2020)540 a ghabhann leis.

[78] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) **DE**: Déanann gach stát cónaidhme chomh maith le gach leibhéal feidearálach cinneadh faoin bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ar líne.*

*– Rialacha le bheith in oiriúint don saol digiteach –*

Is minic a éilítear rialú iomchuí i rialacha nós imeachta le haghaidh úsáid réiteach digiteach i gcásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla. Léirítear le Fíor 41 na féidearthachtaí a leagtar amach leis an dlí do ghníomhaithe éagsúla úsáid a bhaint as teicneolaíocht chianchumarsáide (amhail físchomhdháil) le haghaidh nósanna imeachta cúirte agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcúirt, agus léirítear leis an bhFíor sin an staid reatha maidir le hinghlacthacht fianaise leictreonaí.

**Fíor 41: Rialacha nós imeachta a cheadaíonn an teicneolaíocht dhigiteach i gcúirteanna i gcásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([79]))*




*(*) Maidir le gach Ballstát, léirítear na rialacha nós imeachta le haghaidh cásanna sibhialta/tráchtála sa chéad cholún, agus na cásanna riaracháin sa dara colún agus cásanna coiriúla sa tríú colún. Uasmhéid féideartha: 12 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 2 phointe má tá an fhéidearthacht ann i ngach cás sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, faoi seach (i gcásanna coiriúla, roinneadh an fhéidearthacht maidir le páirtithe a éisteacht chun na cosantóirí agus na híospartaigh a chumhdach). Roinneadh na pointí sin faoi dhó áit nach bhfuil an fhéidearthacht ann i ngach uile chás. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse* ***CY, LU****: níor tugadh aon phointe le haghaidh cásanna riaracháin.*

[79] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*– Úsáid uirlisí digiteacha –*

Thar rialacha nós imeachta le bheith in oiriúint don saol digiteach, ní mór do chúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh na huirlisí agus an bonneagar iomchuí a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh na cianchumarsáide agus cianrochtain shábháilte ar an aonad oibre (Fíor 42). Tá gá le bonneagar agus trealamh leordhóthanach freisin le haghaidh cumarsáid leictreonach shábháilte idir cúirteanna/seirbhísí ionchúisimh agus dlíodóirí agus institiúidí (Fíoracha 43 agus 44).

Tá ról tábhachtach ag TFC, lena n-áirítear teicneolaíocht nuálach, chun tacú leis an obair a dhéanann údaráis bhreithiúnacha. Dá bhrí sin, cuireann sé le cáilíocht na gcóras ceartais ar bhealach suntasach. Féadfaidh infhaighteacht uirlisí digiteacha éagsúla do bhreithiúnacha, cúisitheoirí agus foireann bhreithiúnach próisis oibre a chuíchóiriú, leithdháileadh cóir ualach oibre a áirithiú agus an méid ama a chaitear a laghdú go suntasach.

**Fíor 42: Úsáid teicneolaíochta digití ag cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([80]))*

[80] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.




*(*) Uasmhéid féideartha: 7 bpointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin do na cúirteanna agus do na seirbhísí ionchúisimh, faoi seach, má úsáideann siad teicneolaíocht áirithe agus bronnadh 0.5 pointe i gcás nár bhain siad úsáid as an teicneolaíocht i gcónaí.*

Féadfaidh cumarsáid leictreonach shábháilte cur le cáilíocht córas ceartais a fheabhsú. Bheifí in ann próisis a chomhchuibhiú agus an gá atá le cumarsáid pháipéar-bhunaithe agus láithreacht fhisiciúil a laghdú dá mbeadh féidearthacht ag na cúirteanna cumarsáid a dhéanamh lena chéile go leictreonach, chomh maith le cumarsáid a dhéanamh le dlíodóirí agus institiúidí eile agus dá bhrí sin laghdófaí an tréimhse a chaitear ar ghníomhaíochtaí réamhthrialacha agus imeachtaí cúirte.

**Fíor 43: Na Cúirteanna: uirlisí ríomhchumarsáide, 2022** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach* (81))




*(*) Uasmhéid féideartha: 5 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh cumarsáid leictreonach ar fáil do na cúirteanna. Bronnadh 0.5 i gcás nach raibh an fhéidearthacht ann i ngach uile chás.* ***FI****: ní bhaineann cúraimí nótairí leis na cúirteanna. Dá bhrí sin, níl aon chúis le nasc slán a sholáthar dóibh.*

Tá seirbhísí ionchúisimh fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú an chórais ceartais choiriúil. Is dócha go mbainfidís tairbhe as rochtain ar chainéal cumarsáide leictreonach slán, rud a d'éascódh an obair a dhéanann siad agus dá bhrí sin a fheabhsódh cáilíocht na n-imeachtaí cúirte. Chumasódh féidearthacht le haghaidh cumarsáid leictreonach shlán idir na seirbhísí ionchúisimh agus na húdaráis imscrúdaithe, dlíodóirí cosanta agus na cúirteanna ullmhú níos tapa agus níos éifeachtúla na n-imeachtaí roimh an gcúirt.

[81] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

**Fíor 44: An tSeirbhís Ionchúisimh: uirlisí ríomhchumarsáide, 2022**(*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([82]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 5 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh cumarsáid leictreonach ar fáil do seirbhísí ionchúisimh. Bronnadh 0.5 nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás. Áirithítear cumarsáid le dlíodóirí atá fostaithe ag an tseirbhís ionchúisimh le hinfhaighteacht uirlisí cumarsáide leictreonaí laistigh den tseirbhís ionchúisimh.*

[82] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*– Rochtain ar líne ar na cúirteanna –*

Is gné thábhachtach de cháilíocht na gcóras ceartais í a bheith in ann céimeanna sonracha i nós imeachta breithiúnach a dhéanamh go leictreonach. Trí éilimh a chur isteach go leictreonach, an fhéidearthacht le faireachán a dhéanamh ar imeacht ar líne agus é a bhogadh ar aghaidh nó doiciméid a sheirbheáil go leictreonach, d’fhéadfaí rochtain ar an gceartas le haghaidh saoránach agus gnólachtaí (nó a n-ionadaithe dlíthiúla) a éascú ar bhealach inbhraite agus moilleanna agus costais a laghdú. Bheadh na cúirteanna céim amháin ní ba chóngaraí do shaoránaigh agus gnólachtaí dá mbeadh na seirbhísí digiteacha poiblí sin ar fáil, agus dá réir sin, mhéadófaí iontaoibh an phobail sa chóras.

**Fíor 45: Réitigh dhigiteacha chun imeachtaí cúirte a thionscnamh agus a leanúint i gcásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, 2022**(*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([83]))*




[83] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*(*) Uasmhéid féideartha: 9 bpointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh an fhéidearthacht ann i ngach cás sibhialta/tráchtála agus riaracháin, faoi seach. Bronnadh 0.5 pointe nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse.*

Féadfaidh úsáid uirlisí digiteacha chun imeachtaí cúirte i gcásanna coiriúla a reáchtáil agus a leanúint cuidiú le cearta íospartach agus cosantóirí a ráthú. Féadfaidh réitigh dhigiteacha an chianchumarsáid rúnda idir cosantóirí agus a ndlíodóirí a éascú, ceadú do chosantóirí atá faoi choinneáil ullmhú dá n-éisteacht agus cuidiú le híospartaigh na coireachta an íospairt thánaisteach a sheachaint, mar shampla.

**Fíor 46: Réitigh digiteacha chun imeachtaí cúirte a reáchtáil agus a leanúint i gcásanna coiriúla, 2022**(*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach ([84]))*




*(*) Uasmhéid féideartha: 6 phointe. Maidir le gach critéar, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh an fhéidearthacht ann i ngach cás coiriúil. Bronnadh 0.5 pointe nuair nach ann don fhéidearthacht i ngach cás.*

*– Rochtain ar bhreithiúnais –*

Trí rochtain ar líne ar bhreithiúnais a áirithiú, méadaítear trédhearcacht na gcóras ceartais, cuidítear le saoránaigh agus gnólachtaí a gcearta a thuiscint agus féadfar cur leis an gcomhsheasmhacht i gcásdlí freisin. Tá socruithe iomchuí chun cinntí breithiúnacha a fhoilsiú ar líne fíor-riachtanach chun saoráidí cuardaigh so-úsáidte a chruthú lena ndéantar cásdlí níos inrochtana le haghaidh dlíodóirí agus le haghaidh an phobail i gcoitinne ([85]). De bharr rochtain gan uaim ar chásdlí agus athúsáid éasca cásdlí, bíonn an córas ceartais fabhrach d'algartam, rud a chumasaíonn feidhmchláir 'teicneolaíochta dlíthiúla' a thacaíonn le cleachtóirí.

Agus cinntí cúirte a fhoilsiú ar líne ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir raon leasanna éagsúla, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i gcreataí dlíthiúla agus beartais. Tá feidhm iomlán ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí([86]) maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag na cúirteanna. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cad iad na sonraí ar cheart a chur ar fáil go poiblí, ní mór cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an ceart ar chosaint sonraí agus an

[84] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

[85] Féach *Treoraíocht maidir le dea-chleachtas chun na Cúirteanna Uachtaracha a bhainistiú*, faoin tionscadal ar Chúirteanna Uachtaracha mar ráthaíocht ar éifeachtúlacht córas ceartais, lch. 29.

[86] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

oibleagáid chun cinntí cúirte a fhógairt go poiblí chun trédhearcacht an chórais ceartais a áirithiú. Baineann sé sin go háirithe le cás a bhfuil suim mhór ag an bpobal ann agus údar le nochtadh na sonraí mar gheall ar an tsuim sin. I neart tíortha, éilítear anaithnidiú nó bréagainmniú ([87]) cinntí breithiúnacha sula bhfoilseofar iad, go córasach nó ar iarraidh, faoin dlí nó faoin gcleachtas. Tá sonraí a tháirgeann an bhreithiúnacht faoi réir reachtaíocht an Aontais ar shonraí oscailte agus faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ([88]).

Cinntí breithiúnacha a bheith le fáil i bhformáid mheaisín-inléite ([89]), mar a thaispeántar i bhFíor 49, éascaíonn sé córas ceartais atá oiriúnach d'algartaim ([90]).

**Fíor 47: Rochtain ar líne ag an bpobal i gcoitinne ar bhreithiúnais fhoilsithe, 2022** (*) *(cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, gach cás) (foinse: An Coimisiún Eorpach ([91]))*




[87] Tá an t-anaithnidiú/an bréagainmniú níos éifeachtaí má bhíonn algartam ag gabháil leis. Mar sin féin, tá gá le maoirseacht dhaonna ós rud é nach dtuigeann na halgartaim comhthéacs.

[88] Treoir 2003/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 345, 31.12.2003, lch. 90) agus Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

[89] Tá breithiúnais a múnlaíodh de réir caighdeán (e.g. Akoma Ntoso) agus na meiteashonraí a bhaineann leo ar fáil le híoslódáil saor in aisce i bhfoirm bunachar sonraí nó modh uathoibrithe eile (e.g. Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchlár).

[90] Féach freisin, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – A European strategy for data [Straitéis Eorpach maidir le sonraí], COM(2020) 66 final, Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir le hIntleacht Shaorga – A European approach to excellence and trust [Cur chuige Eorpach i leith feabhais agus iontaobhais] COM(2020) 65 final, agus Conclúidí ón gcruinniú den Chomhairle agus d'ionadaithe Rialtas na mBallstát a tháinig le chéile laistigh den Chomhairle maidir le Dea-Chleachtais i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhoilsiú ar Líne (IO C 362, 8.10.2018, lch. 2).

[91] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*(*) Uasmhéid féideartha: 9 bpointe. Maidir le gach céim cúirte, tugadh 1 phointe amháin i gcás ina raibh na breithiúnais uile ar fáil le haghaidh cásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin agus coiriúla faoi seach, 0.75 pointe i gcás ina raibh an chuid ba mhó de bhreithiúnais (níos mó ná 50 %) ar fáil, agus 0.5 pointe i gcás ina raibh roinnt breithiúnas (níos lú ná 50 %) ar fáil. Maidir le Ballstáit nach bhfuil ach dhá chéim cúirte acu, tugadh pointí le haghaidh trí chéim cúirte trí aithris a dhéanamh ar an gcéim cúirte níos airde faoi seach don chéim nach bhfuil ann. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir dhá réimse dlí (sibhialta/tráchtála agus riaracháin), tugadh an líon céanna pointí don dá réimse. **BE**: maidir le cásanna sibhialta agus coiriúla, tá gach cúirt i gceannas ar chinneadh a dhéanamh i ndáil le foilsiú a breithiúnas féin. **DE**: déanann gach stát feidearálach cinneadh maidir le hinfhaighteacht ar líne na mbreithiúnas ón gCúirt Céadchéime. **AT**: maidir leis an gcéad agus an dara céim, déanann breithiúna cinneadh faoi na breithiúnais a fhoilsítear. Ní fhoilsítear Cinntí ón gCúirt Uachtarach a dhiúltaíonn d'achomharc gan réasúnaíocht shubstaintiúil. Foilsítear Cinntí a dhéanann breithiúna aonair den Chúirt Riaracháin Uachtarach má chinneann an breitheamh lena mbaineann iad a fhoilsiú. Thairis sin, ní fhoilsítear cinntí nach bhfuil iontu ach saincheisteanna dlíthiúla amháin a bhfuil dlí-eolaíocht leanúnach ón gCúirt Riaracháin Uachtarach ann cheana féin agus cinntí neamhchasta a bhaineann le scor imeachtaí. **NL**: déanann cúirteanna cinntí maidir le foilsiú de réir critéir fhoilsithe. **PT**: déanann coimisiún laistigh den chúirt cinneadh faoin bhfoilsiú. **SI**: ní fhoilsítear cinntí nós imeachta nach mbaineann aon suntas don chásdlí leo nó gur beag an suntas don chásdlí a bhaineann leo; maidir le cinntí i gcásanna, atá díreach mar an gcéanna go bunúsach (e.g. cásanna toirte), ní fhoilsítear ach an príomhchinneadh (in éineacht leis an liosta de chomhaid cáis ina bhfuil an t-inneachar céanna). Déanann cúirteanna uachtaracha aonair cinneadh faoi na cinntí is féidir a fhoilsiú. **SK**: ní fhoilsítear cinntí ar roinnt cineálacha cásanna sibhialta, amhail cúrsaí oidhreachta nó cúrsaí a bhaineann le hatharthacht a chinneadh. **FI**: déanann cúirteanna cinneadh faoi na breithiúnais a fhoilsítear.*

**Fíor 48: Socruithe chun cinntí breithiúnacha atá meaisín-inléite a tháirgeadh, 2022 (*)** *(cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla, gach céim) (foinse: An Coimisiún Eorpach ([92]))*




[92] Sonraí ó 2022 a bailíodh i gcomhar leis an ngrúpa teagmhálaithe ar na córais cheartais náisiúnta.

*(*) Uasmhéid féideartha: 24 phointe in aghaidh an chineáil cáis. Maidir le gach ceann de na trí chéim (an chéad chéim, an dara céim, an chéim dheiridh), féadfar 1 phointe amháin a thabhairt má chumhdaítear na cinntí breithiúnacha uile. Mura gcumhdaítear ach roinnt cinntí breithiúnacha ag céim ar leith, ní bhronntar ach leathphointe. I gcás nach bhfuil ach dhá chéim ag Ballstát, tugadh pointí le haghaidh trí chéim trí aithris a dhéanamh ar an gcéim níos airde faoi seach don chéim nach bhfuil ann. Maidir leis na Ballstáit sin nach ndéanann idirdhealú idir cásanna riaracháin agus sibhialta/tráchtála, tugadh an líon céanna pointí don dá réimse dlí.* ***ES:*** *Níl cead bunachar sonraí na Comhairle Ginearálta don Bhreithiúnacht (CGPJ) a úsáid chun críoch tráchtála, ná níl cead lear mór faisnéise a íoslódáil. Maidir le hathúsáid na faisnéise sin chun bunachair sonraí a fhorbairt nó chun críoch tráchtála, ní mór an nós imeachta agus na coinníollacha a shuí CGPJ trína Aonad Doiciméadachta Breithiúnaí a leanúint.* ***IE:*** *déantar breithiúnais a anaithnidiú sa dlí teaghlaigh, i réimse an chúraim leanaí agus i réimsí eile ina n-éilíonn reacht amhlaidh nó ina n-ordaíonn breitheamh nach féidir aitheantais na bpáirtithe nó na ndaoine a nochtadh.*

### 3.2.5. Achoimre ar cháilíocht na gcóras ceartais

Rannchuidíonn rochtain éasca, acmhainní leordhóthanacha, uirlisí measúnaithe éifeachtacha agus an digitiú go léir le córas ceartais ardcháilíochta. Bíonn coinne ag an bpobal agus ag gnólachtaí le cinntí ardcháilíochta ó chóras ceartais éifeachtach. Déantar anailís chomparáideach ar na toscaí sin i Scórchlár Ceartais AE 2023.

*Inrochtaineacht*

I Scórchlár 2023, breathnaítear arís ar roinnt gnéithe a rannchuidíonn le córas ceartais lena dtacaítear leis an bpobal:

1) Tá **tionchar mór ag infhaighteacht cúnaimh dhlíthiúil** agus **leibhéal na dtáillí cúirte** ar rochtain ar an gceartas, go háirithe le haghaidh daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó atá i mbaol bochtaineachta. Léirítear le Fíor 24 nach bhfaigheadh daoine a bhfuil a n-ioncam faoi thairseach bochtaineachta Eurostat cúnamh dlíthiúil i gcúig Bhallstát. D’fhan an leibhéal táillí cúirte (Fíor 25) cobhsaí a bheag nó a mhór ó bhí 2016 ann, cé go raibh táillí cúirte ní b’ísle i gcúig Bhallstát ná a bhí siad in 2021, go háirithe i gcás éilimh ar luach íseal. Leanann an t-ualach táillí cúirte de bheith níos airde go comhréireach i gcás éilimh ar luach íseal. In éineacht, d’fhéadfadh deacrachtaí maidir le cúnamh dlíthiúil a éileamh agus táillí arda cúirte i gceithre Bhallstát daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a dhíspreagadh ó iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar an gceartas.
2) Leanann Scórchlár Ceartais AE 2023 d’anailís a dhéanamh ar na bealaí ina gcuireann Ballstáit úsáid dheonach **modhanna réitigh malartaigh díospóidí (RMD) chun cinn** (Fíor 26), lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid. Níor tháinig aon athrú ar an staid fhoriomlán ó bhí 2021 ann, óir chuir 3 Bhallstát feabhas ar a n-iarrachtaí ach rinne 3 cinn eile laghdú ar an líon beart cur chun cinn. Go ginearálta, is gnách an líon bealaí a úsáidtear chun modhanna RMD a chur chun cinn a bheith níos ísle i gcás díospóidí riaracháin ná i gcás díospóidí sibhialta agus tráchtála, saothair nó tomhaltóra.
3) Den chéad uair riamh, cuirtear san áireamh i Scórchlár Ceartais AE 2023 socruithe sonracha chun tacú le **daoine atá i mbaol idirdhealaithe agus daoine scothaosta** rochtain a fháil ar an gceartas. Léirítear le Fíor 27 go soláthraíonn 17 mBallstát faisnéis maidir le cearta daoine atá i mbaol idirdhealaithe agus go soláthraíonn 22 cheann díobh rochtain fhisiceach éasca ar thithe cúirte. Cuireann 14 cinn díobh ar a gcumas d’eagraíochtaí neamhrialtasacha imeachtaí a thionscnamh nó rannpháirt a ghlacadh iontu thar ceann daoine atá i mbaol idirdhealaithe, nó mar thaca leo, agus chomh maith leis sin déanann siad rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte níos éasca do dhaoine scothaosta. Ina theannta sin, rinne aon trian de na Ballstáit bearta chun cúnamh dlíthiúil a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine scothaosta, ach níor fhiafraigh ach ceithre Bhallstát faoi riachtanais agus leibhéil sástachta daoine atá i mbaol idirdhealaithe i suirbhéanna ar úsáideoirí cúirte in 2021.
4) Léirítear le Fíor 29 gur thug na Ballstáit **cumhachtaí do chomhlachtaí comhionannais freisin chun cuidiú le híospartaigh rochtain a fháil ar an gceartas.** Leis an Scórchlár i mbliana, tugtar forbhreathnú air sin den chéad uair. Is féidir le comhlachtaí comhionannais in aon trian de na Ballstáit cinntí ceangailteacha a dhéanamh i gcásanna idirdhealaithe. In 22

Bhallstát, is féidir leo an rogha a thabhairt do pháirtithe RMD a lorg (nósanna imeachta idirghabhála nó idir-réitigh mar shampla). In 18 mBallstát, is féidir le comhlachtaí comhionannais gníomhú i gcúirt i gcásanna idirdhealaithe thar ceann íospartach nó ina n-ainm féin, agus in 16 Bhallstát is féidir leo barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte mar shaineolaí nó mar *amicus curiae* (nach páirtí é ach a gceadaítear dó cúnamh a thabhairt do chúirt trí fhaisnéis, saineolas nó léargas a chur ar fáil a imríonn tionchar ar na saincheisteanna sa chás).

5) Den chéad uair riamh freisin, déantar mapáil ar shocruithe sonracha roghnaithe le haghaidh **íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin baile**. Léirítear le Fíor 28 cé mhéad de na coimircí a ndearnadh scrúdú orthu atá i bhfeidhm i ngach Ballstát. In 12 Bhallstát, tá na coimircí uile i bhfeidhm, e.g. lena dtugtar cosaint speisialta d’íospartaigh, nó rochtain ar líne ar fhaisnéis shonrach. Ní sholáthraíonn thart ar aon cheathrú de na Ballstáit, áfach, rochtain ar líne ar fhaisnéis shonrach maidir le foréigean teaghlaigh a chosc, maidir le seirbhísí tacaíochta agus cosanta, ná faisnéis dhlíthiúil maidir le leis an bhforéigean in aghaidh na mban/an foréigean baile agus cearta íospartach.

6) Le Scórchlár Ceartais AE 2023 leathnaítear ar an mapáil ar ghnéithe áirithe de **rialú breithiúnach ar ghníomhartha agus neamhghníomhartha riarachán poiblí** bunaithe ar chásanna sonracha gnó (Fíor 30). Léiríonn an fíor aitheantas agus cur i bhfeidhm na gcineálacha sonracha dliteanais stáit faoi chórais dlí na mBallstát i gcás ina ndéantar damáiste de dheasca iompar stáit de shárú ar dhlí an Aontais nó i gcás ina n-eascraíonn an sárú ar dhlí an Aontais as cinneadh ón gcúirt a bhreithníonn sa chéim deiridh. Cuireadh é sin i bhfeidhm cheana i gcásanna coincréiteacha os comhair cúirteanna náisiúnta i gcúig Bhallstát as damáiste de dheasca iompar stáit agus in 10 gcinn eile as damáiste de dheasca cinntí ón gcúirt a bhreithníonn sa chéim deiridh. Cé is moite de na coimircí sonracha sin, d’fhéadfadh cineálacha eile dliteanais stáit a bheith ann ar bhonn níos ginearálta. In 24 Bhallstát, féadfaidh cuideachtaí cúiteamh airgeadais a fháil as damáiste de dheasca cinntí riaracháin nó tost riaracháin agus féadfaidh cúirteanna bac a chur ar fhorfheidhmiú cinntí riaracháin. D’fhéadfaidís sin tionchar a imirt ar mhuinín infheisteoirí, ar thimpeallacht an ghnó agus ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, agus d’fhéadfadh gá a bheith le faireachán níos géire dá ndroim.

7) Soláthraíonn Scórchlár Ceartais AE 2023 forbhreathnú ar bhearta roghnaithe atá i bhfeidhm ag Ballstáit chun **córas ceartais lena dtacaítear le leanaí** a áirithiú. I bhFíor 31 féachtar ar shocruithe sonracha atá ar fáil i gcás ina bhfuil leanbh rannpháirteach i gcás mar íospartach nó mar dhuine atá faoi dhrochamhras/mar dhuine cúisithe. Ar an iomlán, is cosúil gur tháinig feabhas ar an staid i gcomparáid le 2021. Tuairiscítear anois gurb amhlaidh na nithe seo a leanas maidir le 17 mBallstát: soláthraíonn siad an fhéidearthacht go ndéanfar taifeadadh closamhairc ar cheistiú leanaí; áirithíonn siad socruithe lena dtacaítear le leanaí agus rannpháirtíocht éifeachtach leanaí in éisteachtaí; soláthraíonn siad faisnéis ar bhealach atá oiriúnach do leanaí; agus déanann siad socruithe le haghaidh cúnamh dlíodóra. D’ainneoin na bhfeabhsuithe tuairiscithe sin, go háirithe maidir le cúnamh dlíthiúil do leanaí, is lú fós na coimircí sonracha atá ar fáil do leanaí atá bainteach le himeachtaí mar dhaoine atá faoi dhrochamhras nó mar chosantóirí ná mar atá do leanaí atá bainteach leis an gcás mar íospartaigh.

*Acmhainní*

Tá córais cheartais ardcháilíochta i mBallstáit ag brath ar dhóthain acmhainní airgeadais agus daonna a bheith acu. Chuige sin, teastaíonn infheistíocht iomchuí sa bhonneagar fisiciúil agus teicniúil, oiliúint tosaigh agus leanúnach, agus éagsúlacht i measc na mbreithiúna, lena n-áirítear cothromaíocht inscne. Léirítear an méid seo a leanas le Scórchlár Ceartais AE 2023.

8) I dtéarmaí **acmhainní airgeadais**, d'fhan caiteachas ginearálta iomlán rialtais ar chúirteanna dlí cobhsaí, ar an iomlán, in 2021, i bhformhór na mBallstát, ach bhí difríochtaí suntasacha marthanacha ann idir na Ballstáit ó thaobh leibhéil chaiteachais in aghaidh an áitritheora agus mar chéatadán de OTI (Fíoracha 32 agus 33). Mhéadaigh 21 Bhallstát a gcaiteachas mar chéatadán de OTI in 2021 (ar méadú é i gcomparáid le 2020) agus mhéadaigh 3 cinn díobh a gcaiteachas per capita.

9) Den chéad uair, cuirtear i láthair leis an Scórchlár i mbliana an cóimheas idir **tuarastail** bhliantúla breithiúna agus ionchúisitheoirí agus an meántuarastal bliantúil sa tír (Fíor 34).

10) Go fóill, is **mná** iad níos lú ná 50 % de bhreithiúna ag leibhéal na cúirte uachtaraí in 20 Ballstát (Fíor 36), agus is mná iad leath de na breithiúna cúirte uachtaraí nó níos mó ná a leath díobh i seacht mBallstát. Léirítear leibhéil agus treochtaí éagsúla idir na Ballstáit sna figiúirí don tréimhse 3 bliana idir 2020 agus 2022.

11) Chun **feabhas a chur ar chumarsáid** le grúpaí leochaileacha (Fíor 38), soláthraíonn na Ballstáit uile oiliúint i gcumarsáid le hiarrthóirí tearmainn agus/nó le daoine ó chúlraí cultúrtha, reiligiúnacha, eitneacha nó teangeolaíocha éagsúla. Thairis sin, soláthraíonn 15 Bhallstát oiliúint in úsáid na meán sóisialta agus i gcumarsáid leis na meáin, agus músclaíonn 15 Bhallstát feasacht faoina bheith ag dul i ngleic le bréagaisnéis agus soláthraíonn siad oiliúint lena aghaidh.

*Uirlisí measúnaithe*

12) Bhí **úsáid suirbhéanna** i measc úsáideoirí cúirte agus dlíodóirí (Fíor 39) ní b'airde in 2021 ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, agus ní raibh ach deich mBallstát ann nach ndearna aon suirbhé (15 Bhallstát in 2020). Bíonn an inrochtaineacht, seirbhís do chustaiméirí, éisteachtaí cúirte agus muinín fhoriomlán sa chóras ceartais ina n-ábhair a thagann aníos arís agus arís eile sna suirbhéanna, ach níor chuir ach ocht mBallstát ceisteanna maidir le sásamh grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu nó maidir le feasacht daoine aonair faoina gcearta.

*Digitiú*

Ó bhí eagrán 2021 ann, tá roinn mhór mhionsonraithe san áireamh i Scórchlár Ceartais AE ina bhféachtar ar ghnéithe a bhaineann le digitiú an cheartais. Cé go n-úsáideann na Ballstáit réitigh dhigiteacha cheana féin i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar leibhéil éagsúla, d'fhéadfaí feabhas suntasach a dhéanamh fós.

13) Soláthraíonn 26 Bhallstát **faisnéis ar líne maidir lena gcóras ceartais**, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin ar a bhfuil faisnéis shoiléir maidir le rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil, táillí cúirte agus critéir incháilitheachta le haghaidh táillí laghdaithe (Fíor 40). Tá feabhas tagtha ar an staid i gcomparáid leis an gcaoi a raibh sé anuraidh, ach tá roinnt difríochtaí fós ann idir na Ballstáit maidir leis an leibhéal faisnéise agus a mhéid a chomhfhreagraíonn sí do riachtanais daoine. Soláthraíonn 14 Bhallstát ionsamhlú idirghníomhach ar líne, mar shampla, lenar féidir le daoine a fháil amach an bhfuil siad

incháilithe le cúnamh dlíthiúil a fháil, nó soláthraíonn siad oideachas maidir le cearta dlíthiúla trí uirlisí foghlama idirghníomhacha ar líne. Soláthraíonn 24 Bhallstát suíomh gréasáin ar a bhfuil faisnéis shothuigthe maidir le cearta nós imeachta, lena n-áirítear foirmeacha ar líne le haghaidh cuideachtaí agus daoine aonair, chomh maith le faisnéis le haghaidh cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad.

14) Ag ocht mBallstát tá **rialacha nós imeachta atá oiriúnaithe don saol digiteach** (Fíor 41), lena dtugtar caoi go hiomlán nó go páirteach d'úsáid na cianchumarsáide agus d'inghlacthacht fianaise i bhformáid dhigiteach amháin. In 19 mBallstát, ní féidir sin a dhéanamh ach amháin i líon teoranta cásanna. Mar sin féin, tá dul chun cinn seasmhach ar an iomlán déanta ina leith sin ó bhí 2020 ann.

15) Léirítear le Fíor 42 **úsáid teicneolaíochta digití ag cúirteanna agus seirbhísí ionchúisimh**. Léirítear leis nach mbaineann na Ballstáit, cé is moite de dhá eisceacht, úsáid iomlán as an bhféidearthacht a dtugann a rialacha nós imeachta caoi di (cf. Fíor 41). Tá uirlisí digiteacha éagsúla ar fáil cheana féin do chúirteanna, ionchúisitheoirí agus foirne cúirte na mBallstát, amhail córais bainistithe cásanna, córais físchomhdhála agus socruithe teilea-oibre. Mar sin féin, d'fhéadfaí tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach i gcórais leictreonacha leithdháilte cásanna, ina mbeidh dáileadh uathoibríoch bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

16) Tá roinnt **uirlisí leictreonacha slána le haghaidh cumarsáide** ar fáil do chúirteanna sna Ballstáit uile. Tá na huirlisí sin ar fáil le haghaidh cumarsáid i measc cúirteanna agus idir cúirteanna agus dlíodóirí. Ag deich mBallstát, áfach, tá uirlisí fós in easnamh le haghaidh cumarsáid dhigiteach le nótairí, saoráidí coinneála nó báillí/oifigigh bhreithiúnacha (Fíor 43). Déanann na Ballstáit uile foráil anois maidir le cumarsáid leictreonach shlán laistigh de na seirbhísí ionchúisimh, agus idir seirbhísí ionchúisimh agus cúirteanna, ar feabhsú é ar an staid a bhí ann in 2021 (Fíor 44). Mar sin féin, tá uirlisí le haghaidh cumarsáid leictreonach idir na seirbhísí ionchúisimh agus dlíodóirí cosanta fós in easnamh in aon trian de na Ballstáit.

17) I gcásanna sibhialta/tráchtála agus riaracháin, soláthraíonn 21 Bhallstát **rochtain ar líne ar a gcásanna atá ar siúl nó ar a gcásanna dúnta** do dhaoine aonair agus gnólachtaí (nó dá ndlíodóirí) (Fíor 45), cé go bhfuil leibhéil éagsúla rochtana i gceist léi. In 25 Bhallstát, is féidir anois imeachtaí a thionscnamh nó éileamh a chomhdú ar líne, ar feabhas suntasach é ar an staid a bhí ann in 2021. I gcásanna coiriúla in 21 Bhallstát áfach (Fíor 46), níl ach deiseanna an-teoranta ag cosantóirí agus íospartaigh cuid dá gcás a leanúint nó a shaothrú go leictreonach, agus ní sholáthraíonn aon trian de na Ballstáit aon réiteach digiteach, nó gan ach fíorbheagán díobh, i gcásanna coiriúla.

18) Tá beagán feabhais tagtha ar an iomlán ar an **rochtain ar líne ar bhreithiúnais chúirte** (Fíor 47) i gcomparáid le 2021, go háirithe maidir le foilsiú cinntí ó chúirteanna céadchéime agus ó chúirteanna an dara céim. A mhéid a bhaineann leis an gcéim is airde, tá an rochtain ar líne ar bhreithiúnais ag fanacht cobhsaí go ginearálta.

19) Mar a tharla i mblianta roimhe seo, déantar anailís i Scórchlár Ceartais AE 2023 ar **shocruithe maidir le cinntí breithiúnacha meaisín-inléite a tháirgeadh** (Fíor 48). Tá roinnt socruithe ar a laghad i bhfeidhm ag gach Ballstát le haghaidh cásanna sibhialta/tráchtála, riaracháin agus coiriúla cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach eatarthu. Go ginearálta, bítear ag tabhairt tuilleadh socruithe isteach, go háirithe chun breithiúnais a íoslódáil saor in aisce (bunachair sonraí agus réitigh uathoibrithe eile), chun breithiúnais a shamhaltú agus iad a dhéanamh meaisín-inléite, nó chun breithiúnais a dhéanamh anaithnid/na daoine a luaitear iontu a chur

faoi ainm bréige ag úsáid algartam. Thuairiscigh 8 mBallstát feabhsú in 2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus d'fhan an staid cobhsaí i ndeich mBallstát. Maidir le córais cheartais inar cuireadh socruithe i bhfeidhm chun breithiúnais a shamhaltú i gcomhréir le caighdeáin chun go mbeidh siad meaisín-inléite, is cosúil go bhfuil d'acmhainn acu torthaí níos fearr a bhaint amach sa todhchaí.

### 3.3. Neamhspleáchas

An neamhspleáchas breithiúnach, atá ina chuid dhílis de chúram na cinnteoireachta breithiúnaí, is ceanglas é i ndlí an Aontais a eascraíonn as prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 19 CAE, agus as an gceart ar leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte nó binse a dhaingnítear in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais ([93]). Déantar toimhdiú leis an gceanglas sin:

(a) **neamhspleáchas seachtrach**, nuair a fheidhmíonn an comhlacht lena mbaineann a fheidhmeanna go neamhspleách, gan a bheith faoi réir aon srian ordlathach ná aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse in aon chor, agus cosaint a fháil dá réir in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú a d'fhéadfadh breithiúnas neamhspleách a chomhaltaí a lagú agus tionchar a fheidhmiú ar a gcuid cinntí; agus

(b) **neamhspleáchas agus neamhchlaontacht inmheánach**, nuair a chothabháiltear comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin ([94]), agus i gcás ina gcosnaítear breithiúna aonair ó bhrú inmheánach míchuí laistigh den bhreithiúnacht([95]) .

Leis an neamhspleáchas breithiúnach, ráthaítear go dtabharfar cosaint do gach ceart a dhíorthaíonn daoine aonair ó dhlí an Aontais, agus go dtabharfar coimirce do na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta ([96]). Is rud bunúsach do gach saoránach agus gnóthas é dlíchóras an Aontais a chaomhnú, a dtugtar cosaint de réir dhlí an Aontais dá gcearta agus dá saoirsí.

[93] Féach http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:12012P/TXT&from=EN

[94] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Imeachtaí coiriúla in aghaidh WB agus Eile*, Cásanna Uamtha C-748/19 chuig C-754/19, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W. Ż.*, C-487/19, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-791/13, breithiúnas an 2 Márta 2021, *AB*, C-824/18, breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, ECLI:EU:C:2019:982, míreanna 121 agus 122; breithiúnas an 5 Samhain 2019, *An Coimisiún v* an Pholainn, C-192/18, breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-619/18, ECLI:EU:C:2019:531 míreanna 73 agus 74; breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 44; breithiúnas an 25 Iúil 2018, *An tAire Ceartais agus Comhionannais*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 65.

[95] Is fíor-riachtanach iad na Cúirteanna Uachtaracha, mar chúirteanna na céime deiridh, agus na cúirteanna níos airde/cúirteanna achomhairc i gcoitinne, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí i mBallstáit a dhaingniú. Mar sin féin, níor cheart d'eagraíocht bhreithiúnach ordlathach an bonn a bhaint de neamhspleáchas aonair (Moladh CM/Rec(2010)12, mír 22). Níor cheart do chúirteanna uachtaracha treoracha a thabhairt do bhreithiúna faoin gcaoi ar cheart dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna aonair, seachas i gcás réamhrialuithe náisiúnta nó nuair a dhéantar cinneadh faoi leigheasanna dlí i gcomhréir leis an dlí (Moladh CM/Rec(2010)12, mír 23) . Eagraíocht ordlathach na mbreithiúna de réir bhrí fho-ordú na mbreithiúna faoi chéimeanna níos airde ina ngníomhaíocht cinnteoireachta breithiúnaí; bheadh sé ina shárú soiléir ar phrionsabal an neamhspleáchais inmheánaigh, de réir Choimisiún na Veinéise (Coimisiún na Veinéise, Report on the independence of the judicial system, Part I: the independence of courts, Study No. 494/2008, 16 March2010, CDL-AD(2010)004, paras. [Tuarascáil maidir le neamhspleáchas an chórais bhreithiúnaigh, Cuid I: neamhspleáchas na gcúirteanna, Staidéar Uimh. 494/2008, 16 Márta 2010, CDL-AD(2010)004, míreanna ] 68 - 72). Aon nós imeachta chun an cásdlí a aontú, ní mór dó bunphrionsabail scaradh na gcumhachtaí a chomhlíonadh, agus fiú tar éis cinneadh den sórt sin ag cúirteanna níos airde/Cúirt Uachtarach, ní mór do gach cúirt agus breitheamh fanacht inniúil le measúnú a dhéanamh ar a gcásanna go neamhspleách agus go neamhchlaonta, agus idirdhealú a dhéanamh idir cásanna nua ón léirmhíniú a aontaíodh roimhe seo ag cúirteanna níos airde/Cúirt Uachtarach (Scórchlár Ceartais AE 2022, lch. 45).

[96] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v an Pholainn*, C-619/18, ECLI:EU:C:2019:531 mír 44.

Tá leibhéal ard neamhspleáchais bhreithiúnaigh a mheastar a bheith ann ríthábhachtach don mhuinín nach mór a spreagadh i measc daoine aonair i sochaí a rialaítear leis an smacht reachta, agus tá sé ag rannchuidiú le timpeallacht ghnó lena gcothófaí an fás, óir is féidir le heaspa neamhspleáchais a mheastar a bheith ann infheistíochtaí a dhíspreagadh. Áirítear sa Scórchlár táscairí le haghaidh neamhspleáchas na mbreithiúna maidir le héifeachtacht na cosanta infheistíochta. I dteannta leis na táscairí um neamhspleáchas na mbreithiúna a mheastar a bheith ann a thagann ó fhoinsí éagsúla, cuirtear roinnt táscairí i láthair sa Scórchlár ar an gcaoi a n-eagraítear córais cheartais le cosaint a thabhairt do neamhspleáchas na mbreithiúna i gcineálacha áirithe cásanna ina bhféadfadh an neamhspleáchas a bheith i mbaol ([97]). Mar léiriú ar an ionchur ó Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (ENCJ), Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach (NPSJC), agus an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (EGMLTF), agus ó na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh éilliú, léirítear leis an eagrán seo den Scórchlár táscairí maidir le cumhachtaí na gComhairlí um na Breithiúna, maidir leis na húdaráis a bhaineann le ceapadh Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha agus Príomh-Ionchúisitheoirí, agus an chéad fhorbhreathnú i ndáil le comhlachtaí a bhfuil baint acu leis an éilliú a chosc agus a ionchúiseamh agus a gcéimeanna éagsúla speisialtóireachta.

### 3.3.1. Neamhspleáchas na mbreithiúna a mheastar a bheith ann agus éifeachtacht na cosanta infheistíochta

**Fíor 49: Conas a mheasann an pobal i gcoitinne neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([98]) - dathanna éadroma: 2016, 2021 agus 2022, dathanna dorcha: 2023)*

[97] Ó bhí 2020 ann, níor fhoilsigh an Fóram Eacnamaíoch Domhanda ranguithe an Innéacs Iomaíochais Dhomhanda (GCI).

[98] Suirbhé Eorabharaiméadair FL519, a rinneadh idir 16 agus 24 Eanáir 2023. Freagraí ar an gceist: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an gcóras ceartais i (do thír) i dtéarmaí neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, measartha maith, measartha dona, nó fhíordhona air?', féach: https://ec.europa.eu/info/strategy/justice-and-fundamental-rights/effective-justice/eu-justice-scoreboard_ga FL 503 (2022), FL 489 (2021), FL 435 (2016), ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Eorabharaiméadair: https://europa.eu/eurobarometer/screen/home.




*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíormhaith nó cuibheasach maith (maith ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán ag roinnt Ballstát, ansin cuirtear Ballstáit in ord de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíordhona nó cuibheasach dona (dona ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíormhaith é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán agus fíormhaith ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíordhona é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.*

Taispeántar i bhFíor 50 na príomhchúiseanna a thugann freagróirí as an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith sna cúirteanna agus breithiúna. I measc na bhfreagróirí ón bpobal i gcoitinne, a thug rátáil 'chuibheasach dhona' nó 'fhíordhona' ar an gcóras ceartais, d'fhéadfaidís roghnú idir trí chúis lena rátáil a mhíniú. Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 49.

**Fíor 50: Na príomhchúiseanna i measc an phobail i gcoitinne leis an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith ann** *(cion na bhfreagróirí uile - ciallaítear le luach níos airde níos mó tionchair) (foinse: Eorabharaiméadar ([99]))*




**Fíor 51: Conas a mheasann cuideachtaí neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([100]) - dathanna éadroma: 2016, 2021 agus 2022, dathanna dorcha: 2023)*




---

[99] Suirbhé Eorabharaiméadair FL519, freagraí ar an gceist: 'An bhféadfá a insint dom cá mhéad a bhaineann na cúiseanna seo a leanas le do rátáil ar neamhspleáchas an chórais ceartais i (do thír): méid mór, méid éigin, méid beag, méid ar bith?' más 'cuibheasach dona' nó 'fíordhona' é an freagra ar C1.

[100] Freagraí ar an gceist ó shuirbhé Eorabharaiméadair FL520, a rinneadh idir an 16 agus 30 Eanáir 2023: 'Go bhfios duitse, cén rátáil a thabharfá ar an gcóras ceartais i (do thír) i dtéarmaí neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna? An dtabharfá rátáil fhíormhaith, chuibheasach mhaith, chuibheasach dhona, nó fhíordhona air?', féach: https://ec.europa.eu/info/strategy/justice-and-fundamental-rights/effective-justice/eu-justice-scoreboard_ga; ó 2021, méadaíodh méid sampla na gcuideachtaí a ndearnadh suirbhé orthu chuig 500 le haghaidh gach Ballstát ach amháin MT, CY agus LU, i gcás inarbh ionann méid an tsampla agus 250. Sna blianta roimhe

*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíormhaith nó cuibheasach maith (maith ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán ag roinnt Ballstát, ansin cuirtear Ballstáit in ord de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíordhona nó cuibheasach dona (dona ar an iomlán) é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíormhaith é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna; má tá an céatadán céanna maith ar an iomlán agus dona ar an iomlán agus fíormhaith ag roinnt Ballstát, cuirtear in ord ansin iad de réir chéatadán na bhfreagróirí a mhaígh gur fíordhona é neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna.*

Taispeántar i bhFíor 52 na príomhchúiseanna a thugann freagróirí as an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith sna cúirteanna agus breithiúna. I measc na bhfreagróirí is cuideachtaí, a thug rátáil 'cuibheasach dona' nó 'fíordhona' ar an gcóras ceartais, d'fhéadfaidís roghnú idir trí chúis lena rátáil a mhíniú. Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 51.

**Fíor 52: Na príomhchúiseanna i measc an phobail i gcoitinne leis an easpa neamhspleáchais a mheastar a bheith ann** *(cion na bhfreagróirí uile - ciallaíonn luach níos airde níos mó tionchair a bheith ann) (foinse: Eorabharaiméadar ([101]))*




seo bhí méid an tsampla ag 200 le haghaidh gach Ballstát ach amháin DE, ES, FR, PL agus IT, i gcás inarbh ionann méid an tsampla agus 400. FL 504 (2022), FL 490 (2021), FL 436 (2016), ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Eorabharaiméadair: Eorabharaiméadar — Tuairim an phobail san Aontas Eorpach (europa.eu)

[101] Suirbhé Eorabharaiméadair FL520; freagraí ar an gceist: 'An bhféadfá a insint dom cá mhéad a bhaineann na cúiseanna seo a leanas le do rátáil ar neamhspleáchas an chórais ceartais i (do thír): méid mór, méid éigin, méid beag, méid ar bith?' dá mba 'measartha dona' nó 'fíordhona' é an freagra ar C1.

Léirítear le Fíor 53, den dara huair, an táscaire maidir le conas a mheasann cuideachtaí éifeachtacht na cosanta infheistíochtaí a thugtar leis an dlí agus sna cúirteanna a mhéid a bhaineann, ina dtuairimsean, le cinntí éagóracha nó neamhghníomhaíocht an Stáit.

**Fíor 53: Conas a mheasann cuideachtaí éifeachtacht na cosanta infheistíochta a thugtar leis an dlí agus sna cúirteanna** (*) *(foinse: Eorabharaiméadar ([102]) - dathanna éadroma: 2022, dathanna dorcha: 2023)*




*(*) Cuirtear Ballstáit in ord ar dtús de réir an chéatadáin iomláin de fhreagróirí a mhaígh go bhfuil fíormhuinín nó muinín chuibheasach acu sa chosaint infheistíochta ón dlí agus ó na cúirteanna (iomlán muiníneach).*

[102] Suirbhé Eorabharaiméadair FL520; freagraí ar an gceist: 'Cá mhéad muiníne atá agat go dtugtar cosaint do d'infheistíochtaí leis an dlí agus sna cúirteanna i (do thír) má théann rud éigin amú?' Chun críocha an tsuirbhé, sainíodh an infheistíocht le haon chineál sócmhainne a áireamh inti ar le cuideachta í nó a rialaíonn cuideachta, agus a bhfuil mar shaintréith aici gealltanas caipitil nó acmhainní eile, ionchas gnóthachain nó brabúis nó toimhde an riosca.

Taispeántar i bhFíor 54 na príomhchúiseanna a thugann freagróirí as an easpa éifeachtachta a mheastar a bheith ann do chosaint na hinfheistíochta. I measc na bhfreagróirí is cuideachtaí, a thug rátáil 'cuibheasach mímhuiníneach' nó 'fíor-mhímhuiníneach' ar leibhéal a muiníne, d'fhéadfaidís roghnú idir cheithre chúis lena rátáil a mhíniú (agus thug roinnt acu 'eile' le fios). Liostaítear na Ballstáit san ord céanna le Fíor 53.

**Fíor 54: Na príomhchúiseanna i measc cuideachtaí leis an easpa éifeachtachta a mheastar a bheith ag cosaint infheistíochtaí** *(ráta na bhfreagróirí uile - dá airde an luach is ea is mó an tionchar) (foinse: Eorabharaiméadar ([103]))*




[103] Suirbhé Eorabharaiméadair FL520; freagraí ar an gceist: 'Cad iad na príomhchúiseanna imní atá agat maidir le héifeachtacht na cosanta infheistíochta?' dá mba 'cuibheasach mímhuiníneach' nó 'fíor-mhímhuiníneach' é an freagra ar C3.

### 3.3.2. Neamhspleáchas struchtúrach

Éilítear rialacha le ráthaíochtaí an neamhspleáchais struchtúraigh, go háirithe rialacha maidir le comhdhéanamh na cúirte agus ceapadh a comhaltaí, maidir lena bhfad seirbhíse agus maidir leis na forais le staonadh, diúltú agus dífhostú comhaltaí. Leis na rialacha sin, díbrítear aon amhras réasúnach i meon daoine aonair maidir le do-ghabháltacht na cúirte i leith tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i dtaca leis na leasanna os a comhair ([104]). Ní mór go seachnófaí lena gcineál, ní hamháin aon tionchar díreach, i bhfoirm treoracha, ach freisin cineálacha tionchair atá níos indíri agus a mbeadh tionchar acu ar chinntí na mbreithiúna lena mbaineann ([105]).

Táthar tar éis caighdeáin Eorpacha a fhorbairt, go háirithe ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, mar shampla i *Moladh 2010 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le breithiúna: neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus freagrachtaí* ([106]). Cuirtear táscairí áirithe i láthair i Scórchlár Ceartais AE maidir le saincheisteanna áirithe atá ábhartha nuair a dhéantar measúnú ar an gcaoi a n-eagraítear córais cheartais chun coimirce a thabhairt do neamhspleáchas na mbreithiúna.

Tá táscairí nua san eagrán seo den Scórchlár maidir leo seo a leanas: (i) údaráis a bhfuil baint acu le ceapadh Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha (Fíoracha 56 agus 57) ([107]); (ii) comhlachtaí áirithe a bhfuil baint acu leis an éilliú a chosc, a mhéid a bhaineann le roinnt dá bpríomhchumhachtaí (Fíor 58) agus údaráis a bhfuil baint acu lena gceapadh (Fíor 59); (iii)

104

Féach an Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Imeachtaí coiriúla in aghaidh WB agus Eile*, Cásanna Uamtha C-748/19 go C-754/19, mír 67; breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż.*, C-487/19, mír 109; breithiúnas an 15 Iúil 2021, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-791/19, mír 59; breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B.*, C-824/18, mír 117; breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile* (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí), C-585/18, C-624/18 and C-625/18, EU:C:2019:982, míreanna 121 agus 122; breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-619/18, EU:C:2019:531 míreanna 73 agus 74; breithiúnas an 25 Iúil 2018, *LM*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 66; breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, C-64/16, EU:C:2018:117, mír 44. Féach freisin míreanna 46 agus 47 de *Recommendation CM/Rec(2010)12 Judges: Independence, Efficiency and Responsibility* [Neamhspleáchas, Éifeachtúlacht and Freagracht] (arna ghlacadh ag an gCoiste Airí de Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2010) agus meabhrán míniúcháin. Foráiltear leo sin gur cheart don údarás a dhéanann cinntí maidir le roghnú agus gairmréim na mbreithiúna a bheith neamhspleách ar na cumhachtaí feidhmiúcháin agus reachtacha. D'fhonn ráthú a thabhairt dá neamhspleáchas, ba cheart go mbeadh ar a laghad leath de chomhaltaí an údaráis ina mbreithiúna arna roghnú ag lucht a gcomhchéime. I gcás ina bhforordaítear leis na forálacha bunreachtúla nó dlíthiúla eile gurb é an ceann stáit, an rialtas nó an chumhacht reachtach a dhéanann cinntí maidir le roghnú agus gairmréim na mbreithiúna, ba cheart údarú a thabhairt d'údarás neamhspleách agus inniúil arbh as measc na mbreithiúna an chuid is mó díobh (gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le comhairlí le haghaidh na mbreithiúna a fhaightear i gCaibidil IV) chun moltaí a dhéanamh nó tuairimí a chur in iúl a gcloífidh an t-údarás ábhartha ceapacháin sa chleachtas leo.

105 Féach an Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 2 Márta 2021, *A.B.*, C-824/18, mír 119; breithiúnas an 19 Samhain 2019, *A. K. agus Eile* (Neamhspleáchas Sheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí), C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 123; breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *An Coimisiún v. an Pholainn*, C-619/18, EU:C:2019:531 mír 112.

106 Féach Recommendation CM/Rec(2010)12 Judges: Independence, Efficiency and Responsibility, adopted by the Committee of Ministers of the Council of Europe on 17 November 2010 and Explanatory Memorandum [Moladh CM/Rec(2010)12 Breithiúna: Neamhspleáchas, Éifeachtúlacht and Freagracht, arna ghlacadh ag an gCoiste Airí de chuid Chomhairle na hEorpa an 17 Samhain 2010 agus an meabhrán míniúcháin ('Moladh CM/Rec(2010)12')].

107 Tá na fíoracha bunaithe ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir nuashonraithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. Na freagraí a fuarthas ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit nach bhfuil acu aon Chomhairle um na Breithiúna nó nach comhaltaí ENCJ iad (CZ, DE, EE, CY, LU, AT agus PL), fuarthas iad i gcomhar le Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach.

speisialtóireacht údarás a bhfuil baint acu leis an éilliú a chosc (Fíor 60); (iv) údaráis a bhfuil baint acu le ceapadh ceann oifigí ionchúisitheora a bhfuil sé de chúram speisialaithe acu déileáil leis an éilliú (Fíor 61) ([108]); (v) údaráis a bhfuil baint acu le ceapadh an phríomh-ionchúisitheora (Fíor 62) ([109]); agus (vi) an chéad fhorbhreathnú ar na réitigh éagsúla a glacadh sna Ballstáit chun cosaint ceart bunreachtúil a áirithiú ag an gcéim is airde agus cumhachtaí roghnaithe na gcomhlachtaí (Fíoracha 63 agus 64)([110]) . Cuirtear i láthair ann freisin forbhreathnú cothrom le dáta ar chuid de phríomhchumhachtaí na gcomhairlí um na breithiúna (Fíor 55) ([111]) agus figiúirí arna dtabhairt cothrom le dáta maidir le neamhspleáchas barraí agus dlíodóirí (Fíor 65)([112]) . Léirítear sna fíoracha na creataí náisiúnta mar a bhí siad i mí na Nollag 2022.

Ní chuirtear i láthair measúnú leis na figiúirí a thugtar sa Scórchlár ná ní chuirtear sonraí cainníochtúla i láthair leo maidir le héifeachtacht na gcoimircí. Níl siad ceaptha mar léiriú ar an gcastacht agus ar mhionsonraí na nósanna imeachta agus na gcoimircí a ghabhann leo. Is fíor-riachtanach freisin é beartais agus cleachtais a chur chun feidhme chun ionracas a chur chun cinn, agus éilliú a chosc laistigh de na breithiúna chun neamhspleáchas breithiúnach a ráthú. Sa deireadh thiar, éilíonn cosaint éifeachtach neamhspleáchas na mbreithiúna freisin, seachas cibé norm is gá, gurb ann do chultúr an ionracais agus na neamhchlaontachta, atá i gcoiteann i measc na mbreithiúna agus a urramaíonn an tsochaí i gcoitinne.

*– Cumhachtaí na gComhairlí um na Breithiúna –*

Léirítear le Fíor 55 forbhreathnú cothrom le dáta, a cuireadh i láthair den chéad uair i Scórchlár Ceartais AE 2016, ar chuid de phríomhchumhachtaí na gComhairlí um na Breithiúna (comhaltaí ENCJ), amhail cumhachtaí i ndáil le ceapadh breithiúna agus cumhachtaí a dhéanann difear dá ngairmréimeanna. Leathnaíodh é chun go n-áireofar leis cumhachtaí meastóireachta ar fheidhmiú na gcúirteanna (e.g. cáilíocht, éifeachtúlacht), gearáin ó úsáideoirí cúirte maidir leis an bpróiseas, agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon post breithiúnach atá i ngach cúirt.

---

[108] Tá Fíoracha 58-61 bunaithe ar fhreagraí a fuarthas ar cheistneoir arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh éilliú.

[109] Tá Fíor 62 bunaithe ar fhreagraí a fuarthas ar cheistneoir nuashonraithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

[110] Tá Fíoracha 63 agus 64 arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún.

[111] Tá Fíor 55 bunaithe ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir nuashonraithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. Na freagraí a fuarthas ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit nach comhaltaí ENCJ iad (PL), fuarthas iad i gcomhar le Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach.

[112] Tá Fíor 65 bunaithe ar na freagraí a fuarthas ar cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE).

**Fíor 55: Cumhachtaí na gComhairlí um na Breithiúna** (*foinse: Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach ([113])*)




*(*) Ní chuirtear i láthair leis an bhfíor ach cumhachtaí áirithe agus ní liosta uileghabhálach é. Tá cumhachtaí breise ag na Comhairlí um na Breithiúna nach luaitear anseo. I gcás DK, IE, HU, agus PT, tagann sonraí ó cheistneoir 2021 maidir le neamhspleáchas breithiúnach, agus níl aon fhaisnéis ann faoi chumhachtaí ionchasacha na Comhairle sin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na gcúirteanna, maidir le gearáin ó úsáideoirí cúirte a phróiseáil, agus maidir le cinneadh a dhéanamh maidir le líon na bpost breithiúnach i ngach cúirt. EL: léirítear sa cholún cumhachtaí don dá chomhairle, don Ardchomhairle Bhreithiúnach um Cheartas Sibhialta agus Coiriúil agus don Ardchomhairle Bhreithiúnach um Cheartas Riaracháin; tá cumhacht bhreise ag an Ardchomhairle Bhreithiúnach um Cheartas Riaracháin cinneadh a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus úsáid TFC sna cúirteanna. IT: leis an gcolún, léirítear cumhachtaí an dá chomhairle, an chomhairle um chúirteanna sibhialta agus coiriúla (CSM) agus an chomhairle um chúirteanna riaracháin (CPGA); Tá cumhacht bhreise ag CPGA buiséad a leithdháileadh ar chúirteanna ar leith; LV: feidhmíonn comhlachtaí breithiúnacha féinrialaithe eile cumhachtaí áirithe, e.g. i leith smachta agus eitice.*

*– Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha a cheapadh –*

Is fíor-riachtanach iad na Cúirteanna Uachtaracha, mar chúirteanna na céime deiridh, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí sna Ballstáit a áirithiú. Tá ról tábhachtach ag Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha mar is minic a shanntar dóibh cumhachtaí bainistíochta ar an gCúirt Uachtarach. Tá sé faoi na Ballstáit an nós imeachta maidir le breithiúna agus uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha a cheapadh chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú. Ina leith sin, ceanglaítear le dlí an Aontais ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh breithiúna, ar cheapadh dóibh, saor ó thionchar nó brú ón údarás ceapacháin nuair a bheidh a gcúraimí á

[113] Sonraí bailithe trí cheistneoir nuashonraithe a tharraingítear suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. I gcás PL, sonraí a bhailítear trí NPSC.

ndéanamh acu ([114]). Is gá a áirithiú freisin go mbeidh na coinníollacha substainteacha agus na rialacha nós imeachta mionsonraithe lena rialaítear glacadh cinntí ceapacháin i riocht agus nach dtiocfaidh amhras réasúnach aníos i meon daoine aonair maidir le do-ghabhháltacht na mbreithiúna lena mbaineann i leith tosca seachtracha agus maidir lena neodracht i dtaca leis na leasanna os a gcomhair ([115]). Rannpháirtíocht comhlachtaí neamhspleácha, amhail Comhairlí um na Breithiúna, sa phróiseas ceapacháin bhreithiúnaigh, d'fhéadfadh sí, i bprionsabal, a bheith de chineál a rannchuideoidh leis an bpróiseas sin a dhéanamh níos oibiachtúla, ar choinníoll go bhfuil comhlacht den sórt sin neamhspleách go leordhóthanach ar an reachtas agus ar an bhfeidhmeannas agus ar an údarás a bhfuil ceangal air tuairim a chur faoina bhráid ([116]).

Léirítear le Fíor 56 forbhreathnú ar na comhlachtaí agus na húdaráis a mholann iarrthóirí lena gceapadh mar Uachtaráin Cúirteanna Uachtaracha agus ar na húdaráis a cheapann iad, chomh maith leis na húdaráis a dtéitear i gcomhairle leo (e.g. breithiúna na gCúirteanna Uachtaracha, Comhairlí um na Breithiúna).

**Fíor 56: Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha a cheapadh: údaráis a mholadh agus a cheapadh** (*) (*foinsí: Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach ([117])*)

[114] Ó bhí 2019 ann, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais roinnt cinntí maidir le ceapacháin bhreithiúnacha agus ceanglais dhlí an Aontais ina leith sin (féach breithiúnas an 20 Aibreán 2021 i gcás C-896/19, *Repubblika agus Il-Prim Ministru,* mír 56; breithiúnas an 2 Márta 2021 i gcás C-824/18, *AB,* mír 122; breithiúnas an 19 Samhain 2019 i gcásanna uamtha C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, *AK et al,* mír 133).

[115] Breithiúnas an 20 Aibreán 2021 i gcás C-896/19, *Repubblika agus Il-Prim Ministru*, mír 57, ECLI:EU:C:2021:311; breithiúnas an 02 Márta 2021, i gcás C-824/18, *AB,* mír 123, ECLI:EU:C:2021:153; breithiúnas an 19 Samhain 2019 i gcásanna uamtha C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, *AK et al,* míreanna 134 agus 135, ECLI:EU:C:2019:982.

[116] Breithiúnas an 20 Aibreán 2021 i gcás C-896/19, *Repubblika agus Il-Prim Ministru,* mír 66; breithiúnas an 2 Márta 2021 i gcás C-824/18, *AB,* míreanna 66, 124 agus 125; breithiúnas an 19 Samhain 2019 i gcásanna uamtha C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, *AK et al,* míreanna 137 agus 138.

[117] Sonraí bailithe trí cheistneoir nuashonraithe a tharraingítear suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. Freagraí ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit nach bhfuil acu aon Chomhairle um na Breithiúna agus nach comhaltaí ENCJ iad, fuarthas i gcomhar le NPSC iad.




*(*) **BE**: togra: Comhairle um na Breithiúna maidir le comhairle éigeantach ón gCúirt Uachtarach; ceapadh: an Ceann Stáit (Rí). **BG**: Triúr comhaltaí ar a laghad de Dhlísheomra na mBreithiúna den Chomhairle um na Breithiúna, an tAire Ceartais agus Seisiúin Iomlánacha na Cúirte Achomhairc agus na Cúirte Riaracháin Uachtaraí, déanann siad réamhthograí i dtaobh iarrthóirí. Tar éis próiseas roghnúcháin ag Seisiún Iomlánach den Chomhairle um na Breithiúna, seoltar an togra oifigiúil i dtaobh iarrthóra amháin chuig Uachtarán na Poblachta a cheapann ansin an tUachtarán ar an gCúirt Achomhairc Uachtarach nó ar an gCúirt Riaracháin Uachtarach. **CZ**: Is é Uachtarán na Poblachta a cheapann Uachtarán na Cúirte Uachtaraí as measc bhreithiúna eile na Cúirte Uachtaraí. Is é Uachtarán na Poblachta a cheapann duine de bhreithiúna na Cúirte Riaracháin Uachtaraí mar Uachtarán na Cúirte Riaracháin Uachtaraí le comhshíniú an Phríomh-Aire. **DK**: Is iad breithiúna eile na Cúirte Uachtaraí a thoghann Uachtarán na Cúirte Uachtaraí. **IE**: togra: roghnaíonn an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha iarrthóirí nach bhfuil post breithiúnach acu cheana agus molann sé don rialtas iad mar iarrthóirí atá oiriúnach lena gceapadh i bpost breithiúnach. Féadfaidh an rialtas breithiúna a roghnú lena gceapadh i bpost breithiúnach níos airde; ceapadh: an tUachtarán de réir chomhairle an rialtais. **AT**: togra: An tAire Ceartais bunaithe ar thogra ó 'phainéal foirne' ar a bhfuil breithiúna; ceapadh: Uachtarán na Cónaidhme. **LU**: moladh agus ceapadh: Cour supérieure de justice. **DE**: togra: An tAire Dlí agus Cirt; ceapadh: Rialtas uile na Cónaidhme de réir comhairle chomhairleach ó Präsidialrat (soláthraíonn Comhairle Uachtaránachta na Cúirte Uachtaraí, ina bhfuil a huachtarán agus breithiúna arna dtoghadh ag breithiúna uile na cúirte, tuairim réasúnaithe maidir le hinniúlacht phearsanta agus ghairmiúil gach iarrthóra) agus le toiliú éigeantach Richterwahlausschuss (Coiste Toghcháin Breithiúna, ina bhfuil airí ceartais na 16 stát cónaidhme agus 16 chomhalta arna dtoghadh ag an bparlaimint chónaidhme (Bundestag)); ceapadh oifigiúil ag an Uachtarán. Lena cheapadh mar Uachtarán na Cúirte Cónaidhme Uachtaraí, ceanglaítear freisin a thoghadh mar bhreitheamh ar an gcúirt chónaidhme sin. Ina leith sin, níl aon ghné speisialta ag baint le breitheamh cónaidhme a thoghadh. **EE**: togra: Uachtarán na Poblachta; ceapadh: An Pharlaimint. **EL**: Uachtaráin na dtrí chúirt is uachtaraí (an Chomhairle Stáit, an Chúirt Uachtarach, an Chúirt Iniúchóireachta), ceaptar iad de réir an nós imeachta chéanna; togra: an rialtas, bunaithe ar thogra ón Aire Ceartais agus tuairim ó chomhlacht parlaiminteach; ceapadh: Uachtarán na Poblachta trí fhoraithne uaidh. **NL:** togra: An Chúirt Uachtarach; ceapadh: rialtas. **PL:** Is é Uachtarán Phoblacht na Polainne a cheapann Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, tar éis na tuairime ó Chéad*

*Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, ar feadh téarma oifige 3 bliana as measc triúr iarrthóirí arna roghnú ag tionól na mbreithiúna i ndlísheomra den Chúirt Uachtarach.* ***PT****: Is iad breithiúna eile na Cúirte Uachtaraí a thoghann Uachtarán na Cúirte Uachtaraí.* ***RO****: Is í an Uaschomhairle Giúistíseachta (an Roinn Breithiúna) a cheapann Uachtarán, Leas-Uachtaráin agus Uachtaráin Ranna na hArd-Chúirte um Cheartas agus um Achomharc tar éis agallaimh ina gcuirtear an plean bainistíochta i láthair agus ina bhfíoraítear na scileanna bainistíochta agus cumarsáide, ag díriú go bunúsach ar chumas eagraíochtúil, luas cinnteoireachta, athléimneacht ó strus, féinfheabhsú, cumas anailíse, sintéis, réamhaisnéisiú, straitéis agus pleanáil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tionscnaíocht, inoiriúnaitheacht mhear, cumas líonraithe agus cumarsáide, agus ina bhfíoraítear eolas sonrach an róil/an phoist ar chuir an t-iarrthóir isteach air.* ***CY****: Is é an tUachtarán a cheapann de réir chomhairle na Comhairle Breithiúnaí Comhairlí (an Dlí maidir le Riaradh an Cheartais Uimh. 145(I)/2022).* ***ES****: Is é an Rí a cheapann Uachtarán na Cúirte Uachtaraí trí fhoraithne ríoga arna comhshíniú ag Uachtarán an Rialtais de réir chomhairle na Comhairle um na Breithiúna. Glacann an t-iarrthóir mionn nó déanann sé gealltanas os comhair an Rí agus téann i mbun oifige os comhair Sheisiún Iomlánach na hArd-Chúirte. Ar cheapadh an Uachtaráin, má tá gairmréim bhreithiúnach aige, dearbhaítear é a bheith i staid seirbhíse speisialta (Airteagail 351.a agus 593 den Dlí Orgánach maidir leis na Breithiúna). Bíonn fad tréimhse an téarma oifige i gcomhthráth le téarma na Comhairle a thogh é, agus ní fhéadfar é a atoghadh agus a cheapadh ach uair amháin le haghaidh téarma nua oifige (Airteagal 587 den Dlí Orgánach maidir leis na Breithiúna).* ***LT****: Léirítear leis an gcairt an próiseas atá ann maidir le hUachtarán na Cúirte Uachtaraí; togra: Uachtarán na Poblachta (is é an Coiste Roghnúcháin a roghnaíonn na hiarrthóirí); ceapadh: An Pharlaimint. Is é Uachtarán na Poblachta a cheapann Cathaoirleach na Cúirte Riaracháin Uachtaraí.* ***LV****: togra: Seisiún iomlánach den Chúirt Uachtarach de réir comhairle éigeantach ón gComhairle Bhreithiúnach; ceapadh: An Pharlaimint.* ***LU****: moladh agus ceapadh: Cour supérieure de justice. Athrófar an nós imeachta ón 1 Iúil 2023 nuair a thosóidh an Chomhairle um na Breithiúna ag oibriú.* ***IT****: togra: an Uaschomhairle Giúistíseachta (CSM) nó an Chomhairle um na Breithiúna le haghaidh breithiúna riaracháin (CPGA); ceapadh: Uachtarán na Poblachta.* ***FR****: togra: Ard-Chomhairle um na Breithiúna (CSM); ceapadh: Uachtarán na Poblachta. Eisíonn an Chomhairle 'glao ar iarrthóirí', agus féadann na breithiúna uile iad féin a mholadh mar iarrthóir. Is é Uachtarán na Poblachta a cheapann Uachtarán na Cúirte Riaracháin Uachtaraí (Conseil d'Etat).* ***HR****: togra: Uachtarán na Poblachta tar éis dó an liosta d'iarrthóirí cáilithe a chuir isteach ar an bhfolúntas a fháil; Tugann Tionól Ginearálta na Cúirte Uachtaraí agus an coiste parlaiminteach inniúil a dtuairimí faoi na hiarrthóirí sula molann an tUachtarán an t-iarrthóir nó ina dhiaidh sin. Mar a shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil (U-I-1039/2021), níl na tuairimí sin, nach mór a thabhairt faoi na hiarrthóirí uile, ceangailteach ar Uachtarán na Poblachta. ceapadh: An Pharlaimint.* ***HU****: togra: Uachtarán na Poblachta bunaithe ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha arna tharraingt suas ag OBT (an Chomhairle Bhreithiúnach Náisiúnta). Cuireann an coiste parlaiminteach um cheartas agallamh ar an iarrthóir; ceapadh: Toghann an Pharlaimint an t-iarrthóir le tromlach dhá thrian de na vótaí ar feadh 9 mbliana. Ní féidir atoghadh.* ***MT****: Is é an tUachtarán, ag gníomhú dó i gcomhréir le rún ón bParlaimint, a cheapann an Príomh-Bhreitheamh agus tacaíocht aige ó vótaí dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí go léir.* ***SI****: togra: An tAire Ceartais tar éis dó tuairim ón gComhairle Bhreithiúnach a fháil. Cuireann an Chomhairle Bhreithiúnach agallamh ar iarrthóirí a chuir isteach ar an bhfolúntas agus iarrann sé seisiún iomlánach den Chúirt Uachtarach chun go dtabharfaidh sí a tuairim. D'fhéadfadh an tAire Ceartais a bheith i láthair ag an agallamh freisin agus tá sé de cheart aige ceisteanna a chur; ceapadh: An Pharlaimint.* ***SK****: togra: An Chomhairle Bhreithiúnach; ceapadh: Uachtarán.* ***FI****: togra: An Chúirt Uachtarach; ceapadh: Uachtarán na Poblachta.* ***SE****: togra: An Bord um Thograí Breithiúna; ceapadh: rialtas.*

Cuirtear i láthair le Fíor 57 inniúlacht na cumhachta feidhmiúcháin agus na parlaiminte maidir le hiarrthóirí a cheapadh mar Uachtaráin Cúirte Uachtaraí tar éis aighneacht a fháil ó na húdaráis mholta (e.g. Comhairle um na Breithiúna nó Cúirt Uachtarach). Braitheann airde an cholúin ar an bhfuil deis ag an bhfeidhmeannas nó ag an bparlaimint diúltú d'iarrthóir ar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, an bhfuil orthu roghnú as measc na n-iarrthóirí molta nó an féidir leo aon iarrthóir eile a roghnú agus a cheapadh, fiú mura molann an t-údarás inniúil é. Mura gceaptar iarrthóir, is coimirce thábhachtach í an oibleagáid go dtabharfar cúiseanna leis([118]) agus an fhéidearthacht go ndéanfar athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh([119]) . Is cur i láthair fíorasach ar an gcóras dlí í an fhíor agus ní dhéantar measúnú cáilíochtúil léi ar éifeachtacht na gcoimircí. In 13 Bhallstát,

[118] Breithiúnas an 20 Aibreán 2021 i gcás C-896/19, *Repubblika agus Il-Prim Ministru,* mír 71.
[119] Breithiúnas an 19 Samhain 2019 i gcásanna uamtha C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, *AK et al,* mír 145.

mar shampla, tá sé de chumhacht ag an bhfeidhmeannas nó ag an bparlaimint diúltú d'iarrthóir ar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí. Níor feidhmíodh an chumhacht sin riamh, áfach, nó níor feidhmíodh sna 5 bliana seo caite í (2018-2022) (i.e. in BE, BG, DE, EE, LV, LU, MT, NL, AT, PL, SK, FI agus SE), nó feidhmíodh i gcásanna ar leith í (i.e. in EL, HR, SI agus LT).

**Fíor 57: Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha a cheapadh: inniúlacht an fheidhmeannais agus na parlaiminte** (*) *(foinse: Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna agus Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Breithiúnacha Uachtaracha den Aontas Eorpach ([120]))*




*(*) **BG**: Tá sé de cheart ag Uachtarán na Poblachta ceapadh an iarrthóra mholta a chrosadh. Ansin ní mór do Sheisiún Iomlánach na Comhairle um na Breithiúna vótáil arís le haghaidh na n-iarrthóirí a moladh dóibh. Má atoghann an Seisiún Iomlánach an t-iarrthóir céanna, tá oibleagáid ar an Uachtarán é a thoghadh. **IE**: Léirítear inniúlacht an rialtais leis an bhfíor. Faoi Airteagal 13.9 den Bhunreacht (i.e. ceanglas bunreachtúil seachas cleachtas), ní féidir leis an Uachtarán a chumhacht cheapacháin a fheidhmiú ach de réir chomhairle an rialtais. I gcás ina molfaidh an rialtas comhairle a thabhairt don Uachtarán maidir le ceapachán chun oifig an Phríomh-Bhreithimh, ní mór dó féachaint ar dtús do cháilíochtaí agus oiriúnacht na ndaoine atá ag feidhmiú mar bhreithiúna cheana. **EL**: Cúirt Uachtarach (ag déileáil le cásanna sibhialta agus tráchtála) agus Comhairle Stáit (ag déileáil le cásanna riaracháin): roghnú as measc Leas-Uachtaráin na Cúirte Uachtaraí agus Breithiúna Cúirte Uachtaraí (a bhfuil 4 bliana seirbhíse ar a laghad acu sa phost sin) nó roghnú as measc comhaltaí na Comhairle Stáit (Leas-Uachtaráin agus Comhairleoirí). I gcás Uachtarán na Cúirte Uachtaraí agus na Comhairle Stáit: Cumhacht lánroghnach iomlán an rialtais (Comh-aireacht). Ní gá réasúnú a thabhairt. I gcás Uachtarán agus Leas-Uachtaráin na Cúirte Uachtaraí, ní cheadaítear achomharc/athbhreithniú de réir foráil dlí. I gcás post an Leas-Uachtaráin nó Uachtarán na Comhairle Stáit, tá an t-athbhreithniú breithiúnach an-teoranta. **ES:** Mar údarás ceapacháin, ní mór go héigeantach don Cheann Stáit (an Rí) déanamh de réir an togra ón gComhairle um na Breithiúna maidir le ceapacháin agus arduithe céime breithiúnacha. Dá bhrí sin, níl aon discréid ag an Rí ná aon oibleagáid air cúiseanna a thabhairt. Foraithne Ríoga atá i gcinneadh an Rí a fhoilsítear san Iris Oifigiúil agus ní fhéadfar agóid a dhéanamh*

[120] Sonraí bailithe trí cheistneoir nuashonraithe a tharraingítear suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar le ENCJ. Freagraí ar an gceistneoir cothrom le dáta ó Bhallstáit nach bhfuil acu aon Chomhairle um na Breithiúna agus nach comhaltaí ENCJ iad, fuarthas i gcomhar le NPSC iad.

*ina haghaidh. An cinneadh a rinne an Chomhairle roimhe sin iarrthóir a mholadh le haghaidh ceapachán nó ardú céime breithiúnach, is é an cinneadh sin ar féidir achomharc a dhéanamh air, trí achomharc riaracháin ar dtús (arna chinneadh ag Seisiún Iomlánach den Chomhairle) agus trí athbhreithniú breithiúnach ina dhiaidh sin os comhair Rannóg Riaracháin na Cúirte Uachtaraí.* ***IT****: Maidir leis an togra ón Uaschomhairle Giúistíseachta (CSM) nó on gComhairle um na Breithiúna le haghaidh breithiúna riaracháin (CPGA), ar tograí ceangailteacha iad sa chleachtas, eisíonn Uachtarán na Poblachta foraithne maidir le ceapadh Uachtarán na Cúirte Uachtaraí nó Uachtarán na Comhairle Stáit, faoi seach, gan aon chumhacht lánroghnach a bheith aige ina leith sin.* ***CY****: Agus Uachtarán na Cúirte Uachtaraí á cheapadh, níl aon oibleagáid bhunreachtúil nó dhlíthiúil ar Uachtarán na Poblachta déanamh de réir na tuairime comhairlí, ach, mar riail, déanann. Ceapadh comhalta sinsearach na Cúirte Uachtaraí mar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí go dtí seo.* ***MT****: Is é an Pharlaimint an t-údarás a chuirtear i láthair. Is é an tUachtarán, ag gníomhú dó i gcomhréir le rún ón bParlaimint, a cheapann an Príomh-Bhreitheamh agus tacaíocht aige ó vótaí dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí go léir.* ***NL****: togra: An Chúirt Uachtarach; ceapadh: an rialtas ar ainmniú ón Aire Ceartais.* ***AT****: Féadfaidh Uachtarán na Cónaidhme diúltú don iarrthóir a mhol an tAire Ceartais, ach ní fhéadfaidh sé duine nár moladh a cheapadh.* ***LT****: Is féidir leis an iarrthóir, ar bhonn nós imeachta amháin, athbhreithniú breithiúnach speisialta a iarraidh ar an nós imeachta roghnúcháin os comhair na Cúirte Uachtaraí maidir le tuairim an Choimisiúin Roghnúcháin (níl an tuairim sin ceangailteach ar Uachtarán na Poblachta).* ***LU:*** *Níl aon téacs ceangailteach ann i dtaobh an ábhair sin ach, go dtí seo, níor dhiúltaigh an t-údarás ceapacháin riamh d'ainmniú iarrthóra a mhol an Chúirt.* ***HR:*** *Shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil, i gcinneadh uaithi an 23 Márta 2021 (U-I-1039/2021), gur féidir le hUachtarán na Poblachta daoine a roghnú as measc na n-iarrthóirí a chuir isteach ar an bhfolúntas agus as a measc sin amháin; is féidir leis an Uachtarán freisin, áfach, cinneadh a dhéanamh gan aon duine de na hiarrthóirí a chuir isteach a mholadh agus an Pharlaimint a chur ar an eolas faoi sin. Is féidir le hiarrthóir nár éirigh leis athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh na Parlaiminte os comhair na Cúirte Bunreachtúla.* ***PL:*** *Níl oibleagáid de réir an dlí ar Uachtarán na Poblachta cúiseanna a thabhairt le gan Uachtarán na Cúirte Uachtaraí a cheapadh. Ní féidir le hiarrthóir ar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí ná iarrthóir ar uachtarán seomra den Chúirt Uachtarach achomharc a dhéanamh. Céad Uachtarán na Cúirte Uachtaraí nó uachtarán seomra, ní féidir le hUachtarán na Poblachta diúltú dá gceapadh as measc na n-iarrthóirí arna roghnú ag breithiúna Thionól Ginearálta na Cúirte Uachtaraí.* ***SI****: Ní cheanglaítear ar an Aire Ceartais ná ar an bParlaimint cúiseanna a thabhairt le gan an t-iarrthóir a mholadh/a cheapadh. Ní cheanglaítear ar an gComhairle Bhreithiúnach cúiseanna a thabhairt lena tuairim maidir leis na hiarrthóirí. Ní dhéantar aon athbhreithniú breithiúnach ar chinntí nó ar thuairimí sa nós imeachta.* ***SK:*** *Cé nár tharla sé riamh, mura gceaptar iarrthóir ar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, cheanglófaí ar an gcomhlacht/údarás ceapacháin na cúiseanna leis an gcinneadh a thabhairt dó, agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh air os comhair na Cúirte Riaracháin Uachtaraí.* ***FI****: Thabharfadh Uachtarán na Poblachta cúiseanna leis an gcinneadh, cé nach luaitear sin sa dlí.* ***SE****: Is féidir leis an rialtas cinneadh a dhéanamh gan iarrthóir ar Uachtarán na Cúirte Uachtaraí a cheapadh agus is féidir leis aon iarrthóir eile a roghnú, fiú murar chuir an t-údarás molta a ainm faoina bhráid. Ní mór iarratas an iarrthóra a roghnaítear, áfach, a bheith ar cheann de na hiarratais ar an bpost a ndéanann an Bord um Thograí Breithiúna próiseáil orthu.*

### *– Frithéilliú –*

Is feiniméan ilghnéitheach é an t-éilliú, ar ann dó san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Tá tionchar diúltach aige ar rath agus fás eacnamaíoch, ar chomhtháthú sóisialta agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na creataí náisiúnta frithéillithe faoin Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta agus freisin faoin Seimeastar Eorpach agus faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. An 3 Bealtaine 2023, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, chomh maith le togra le haghaidh Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil([121]) . Den chéad uair riamh, tá sonraí á gcur i láthair ag Scórchlár Ceartais an Aontais in 2023 maidir leis na comhlachtaí a bhfuil saineolas acu ar éilliú a chosc, agus tugtar forléargas ar chineál cumhachtaí na gcomhlachtaí sin (Figiúr 58) agus ar na rialacha maidir le ceapadh na gcomhlachtaí céanna sin (Figiúr 59). Tá comhlacht amháin, nó níos mó ná comhlacht amháin, ag formhór na mBallstát a bhfuil ról acu i gcosc an éillithe. Níor thug naoi mBallstát tuairisc ar chomhlacht coisctheach speisialaithe a bheith ann ach

[121] Togra le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac COM (2023) 234 agus Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe JOIN(2023) 12 final.

ar údaráis a dhéileálann, seachas a gcúraimí eile, le héilliú a chosc. Cé is moite de chumhachtaí na sainchomhlachtaí a chuirtear i láthair san fhigiúr, féadfaidh údaráis náisiúnta eile (féadfaidh) cumhachtaí eile a bheith acu maidir le héilliú a chosc.

**Fíor 58: Cumhachtaí comhlachtaí speisialaithe a dhéileálann leis an éilliú a chosc** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta Frith-Éillithe([122]) )*




*(*) Tá comhlacht amháin nó roinnt comhlachtaí ag na Ballstáit a bhfuil ról éigin ar a laghad acu i gcosc an éillithe. Ar mhaithe le soiléireacht agus inchomparáideacht, ní chuirtear i láthair leis an gcairt ach cumhachtaí údaráis amháin in aghaidh an Bhallstáit, atá speisialaithe i gcosc an éillithe. Liostaítear ina dhiaidh seo na húdaráis a bhfuil a gcumhachtaí léirithe. Níl údaráis den sórt sin ag Ballstáit áirithe, ach tá roinnt díobh ag Ballstáit eile, a bhfuil inniúlachtaí éagsúla acu. **BE**: An tAonad Sláine laistigh de Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme um Beartas agus Tacaíocht (FOD BOSA/FPS BOSA). **BG**: An Coimisiún um Éilliú a Chomhrac agus Maoin a Fhaightear go Neamhdhleathach a Fhorghéilleadh (CCCFIAP). **CZ**: An Roinn um Choinbhleachtaí Leasa agus Frithéilliú (An Aireacht Ceartais). **IE**: An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tá ról le himirt ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch freisin maidir le héilliú a chosc. **EL**: An tÚdarás Trédhearcachta Náisiúnta. **ES**: An Oifig um Choinbhleachtaí Leasa. **FR**: Tá dhá chomhlacht frith-éillithe ann — L'Agence française*

[122] Sonraí arna mbailiú trí cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe.

*anticorruption (AFA) agus la Haute Autorité pour la transparence de la vie publique (HATVP). Tá feidhmeanna comhlántacha acu i ndáil le cosc an éillithe. Cuireann an chairt cumhachtaí an AFA i láthair.* ***HR****: An Coimisiún um Choinbhleachtaí Leasa a Réiteach.* ***IT****: An tÚdarás Náisiúnta in aghaidh Éilliú.* ***CY****: An tÚdarás Neamhspleách in aghaidh Éilliú.* ***LV****: An Biúró um Éilliú a Chosc agus a Chomhrac.* ***LT****: Tá dhá údarás ann a dhéileálann le héilliú a chosc — an tSeirbhís um Imscrúdú Speisialta (STT), a chuirtear i láthair sa chairt, agus an Príomh-Choimisiún Eitice Oifigiúil (COEC).* ***HU****: An tÚdarás Sláine. Aistríodh an inniúlacht dearbhuithe sócmhainní feidhmeannaigh pholaitiúla shinsearacha a fhíorú chuig an Údarás Sláine in 2022 Ina theannta sin, áirítear leis an nós imeachta faoin Rialachán Coinníollachta agus faoi Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hUngáire athchóirithe chun cumhachtaí an Údaráis Sláine a leathnú chun dearbhuithe sócmhainní poiblí na n-oifigeach ardriosca uile a bhfuil a ndearbhuithe sócmhainní ar fáil go poiblí a fhíorú go díreach, agus, i gcás dearbhuithe sócmhainní neamhphoiblí, iarraidh ar na comhlachtaí inniúla an fíorú a dhéanamh agus torthaí an fhíoraithe a fháil. Tá dhá údarás eile ann a bhfuil ról acu maidir le héilliú a chosc — an tSeirbhís Náisiúnta Cosanta agus an Oifig um Chosaint Bunreachta.* ***AT****: An Biúró Cónaidhme Frith-Éillithe (BAK).* ***PL****: An Lárbhiúró Frith Éillithe.* ***PT****: An Sásra Náisiúnta Frith-Éillithe* ***RO****: An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Shláine.* ***SI****: An Coimisiún chun an tÉilliú a Chosc.* ***SE****: Cuirtear ceapachán an AFA i láthair sa chairt.*

**Fíor 59: Ceapadh comhlachtaí speisialaithe a dhéileálann leis an éilliú a chosc** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta Frith-Éillithe([123]) )*




*(*) Tá comhlacht amháin, nó níos mó ná comhlacht amháin, ag na Ballstáit a bhfuil ról éigin acu i gcosc an éillithe. Ar mhaithe le soiléireacht agus inchomparáideacht, ní chuirtear i láthair leis an gcairt ach cumhachtaí údaráis amháin in aghaidh an Bhallstáit, atá speisialaithe i gcosc an éillithe. Liostaítear ina dhiaidh seo na húdaráis a bhfuil a gcumhachtaí léirithe. Níl údaráis den sórt sin ag Ballstáit áirithe, ach tá roinnt díobh ag Ballstáit eile.* ***BE****: An tAonad Sláine laistigh de Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme um Beartas agus Tacaíocht (FOD BOSA/FPS BOSA).* ***BG****: An Coimisiún um Éilliú a Chomhrac agus Maoin a Fhaightear go Neamhdhleathach a Fhorghéilleadh (CCCFIAP).* ***CZ****: An Roinn um Choinbhleachtaí Leasa agus Frithéilliú (An Aireacht Ceartais).* ***IE****: An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tá ról le himirt ag Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch freisin maidir le héilliú a chosc.* ***EL****: An tÚdarás Trédhearcachta Náisiúnta.* ***ES****: An Oifig um Choinbhleachtaí Leasa.* ***FR****: Tá dhá chomhlacht frith-éillithe -.L'Agence française anticorruption agus la Haute Autorité pour la transparence de la vie publique (HATVP). Tá feidhmeanna comhlántacha acu i ndáil le cosc an éillithe. Cuirtear ceapachán an AFA i láthair*

[123] Sonraí arna mbailiú trí cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe.

*sa chairt.* ***HR****: An Coimisiún um Choinbhleachtaí Leasa a Réiteach.* ***IT****: An tÚdarás Náisiúnta in aghaidh Éilliú.* ***CY****: An tÚdarás Neamhspleách in aghaidh Éilliú.* ***LV****: An Biúró um Éilliú a Chosc agus a Chomhrac.* ***LT****: Tá dhá údarás ann a dhéileálann le héilliú a chosc — an tSeirbhís um Imscrúdú Speisialta (STT), a chuirtear i láthair sa chairt, agus an Príomh-Choimisiún Eitice Oifigiúil (COEC).* ***HU****: An tÚdarás Sláine. Is é Uachtarán na Poblachta a cheapann Uachtarán agus Leas-Uachtaráin an Údaráis Ionracais ar feadh téarma sé bliana, ar thogra ó Uachtarán na hOifige Iniúchóireachta Stáit.* ***AT****: An Biúró Cónaidhme Frith-Éillithe (BAK).* ***PL****: An Lárbhiúró Frith Éillithe.* ***PT****: An Sásra Náisiúnta Frith-Éillithe* ***RO****: An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Shláine.* ***SI****: An Coimisiún chun an tÉilliú a Chosc.* ***SE****: Tá cur chuige díláraithe ann maidir le héilliú a chosc agus tá SE tar éis an cúram sin a chur de chúram ar go leor gníomhaireachtaí agus comhlachtaí éagsúla.*

Tá ról mór ag an ionchúiseamh poiblí sa chóras ceartais choiriúil chomh maith leis an gcomhar idir Ballstáit i gcúrsaí coiriúla. Is ríthábhachtach é feidhmiú cuí na seirbhíse ionchúisimh náisiúnta le haghaidh an chomhraic éifeachtaigh in aghaidh na coireachta, lena n-áirítear an choireacht eacnamaíoch agus airgeadais, amhail sciúradh airgid, agus éilliú. De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir leis an gCinneadh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach ([124]), is féidir oifig an ionchúisitheora phoiblí a mheas mar údarás breithiúnach Ballstáit chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú cibé uair is féidir leis gníomhú go neamhspleách, gan bheith curtha i mbaol teacht faoi réir orduithe nó treoracha, ar bhonn díreach nó indíreach, i gcás sonrach ón bhfeidhmeannach, amhail Aire Ceartais ([125]). Tá éagsúlachtaí in eagrú na seirbhís ionchúisimh náisiúnta ar fud an Aontais, agus níl aon samhail aonfhoirmeach le haghaidh gach Ballstáit ann. Thug Comhairle na hEorpa dá haire áfach treocht fhorleathan go mbeadh oifig ionchúisitheora níos neamhspleáiche ann, seachas ceann atá fo-ordaithe nó nasctha leis an bhfeidhmeannas ([126]). De réir Chomhairle Chomhairleach na nIonchúisitheoirí Eorpacha, is ceann de cholúin stáit dhaonlathaigh í seirbhís ionchúisimh éifeachtach agus uathrialach atá tiomnaithe chun seasamh leis an smacht reachta agus le cearta an duine i riar an cheartais ([127]).

---

[124] Cinneadh Réime 2002/584/JHA ón gComhairle maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

[125] An Chúirt Bhreithiúnais, breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *OG agus PI (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí in Lübeck agus Zwickau)*, Cásanna Uamtha C-508/18 agus C-82/19 PPU, míreanna 73, 74 agus 88, ECLI:EU:C:2019:456; breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, C-509/18, mír 52, ECLI:EU:C:2019:457; féach freisin breithiúnais an 12 Nollaig 2019, *Parquet général du Grand-Duché de Lucsamburg agus Openbaar Ministerie (Ionchúisitheoirí Poiblí Lyon agus Tours)*, i gCásanna Uamtha C-566/19 PPU agus C-626/19, ECLI:EU:C:2019:1077; *Openbaar Ministerie (Údarás Ionchúisimh na Sualainne)*, C-625/19 PPU, ECLI:EU:C:2019:1078, agus *Openbaar Ministerie (Ionchúisitheoir Poiblí sa Bhruiséil)*, C-627/19 PPU, ECLI:EU:C:2019:1079; breithiúnas an 24 Samhain 2020, *AZ*, C-510/19, mír 54, ECLI:EU:C:2020:953. Féach freisin breithiúnas an 10 Samhain 2016, *Kovalkovas*, C-477/16 PPU, míreanna 34 agus 36, ECLI:EU:C:2016:861, agus breithiúnas an 10 Samhain 2016, *Poltorak*, C-452/16 PPU, mír. 35, ECLI:EU:C:2016:858 maidir leis an téarma 'breithiúna' 'nach mór idirdhealú a dhéanamh […] i gcomhréir le prionsabal scaradh na gcumhachtaí atá mar shaintréith d'oibriú an smachta reachta, idir iad agus an feidhmeannach'. Féach freisin *Opinion No. 13(2018) Independence, accountability and ethics of prosecutors, adopted by the Consultative Council of European Prosecutors (CCPE), recommendation xii.*[Tuairim Uimh. 13(2018) Neamhspleáchas, cuntasacht agus eitic na n-ionchúisitheoirí, arna glacadh ag Comhairle Chomhairleach na nIonschúisitheoirí Eorpacha (CCPE), moladh xii.]

[126] CDL-AD(2010)040-e Report on European Standards as regards the Independence of the Judicial System: [CDL-AD(2010)040-e Tuarascáil um Chaighdeáin Eorpacha maidir le Neamhspleáchas an Chórais Bhreithiúnaigh:] *Part II - the Prosecution Service - Adopted by the Venice Commission - at its 85th plenary session (Venice, 17-18 December 2010), para. 26.*[Cuid II - an tSeirbhís Ionchúisimh - Arna ghlacadh ag Coimisiún na Veinéise - ag a 85ú seisiún iomlánach (an Veinéis, 17-18 Nollaig 2010), mír. 26.]

[127] Thairis sin, i sochaí dhaonlathach, ní mór do na cúirteanna agus do na húdaráis imscrúdaitheacha fanacht saor ó bhrú polaitiúil. Ciallaíonn coincheap an neamhspleáchais go mbíonn ionchúisitheoirí saor ó chur isteach

Coir chasta a bhíonn san éilliú go minic agus d'fhéadfadh gá a bheith le speisialtóireacht chun imscrúdú a dhéanamh air agus é a ionchúiseamh. Aithnítear an méid sin freisin sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le héilliú a chomhrac tríd an dlí coiriúil agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe([128]) . Cuirtear i láthair le Fíor 60 mapáil ar chomhlachtaí atá speisialaithe san imscrúdú ar éilliú agus ina ionchúiseamh. Cé go gceadaíonn na Ballstáit uile do na póilíní agus na comhlachtaí ionchúisimh rialta foirmeacha áirithe den éilliú a imscrúdú agus a ionchúiseamh, tá foirm éigin de phóilíní speisialaithe i bhfeidhm i ngach Ballstát seachas dhá cheann chun cásanna éillithe sonracha a imscrúdú, mar shampla nuair atá siad níos tromchúisí, níos casta nó nuair a bhaineann siad le catagóir áirithe de dhaoine faoi dhrochamhras. Maidir le héilliú a ionchúiseamh, tá ionchúisitheoirí speisialaithe ag gach Ballstát seachas seacht gceann chun déileáil leis na cásanna éillithe sin.

**Fíor 60: Údaráis a bhfuil baint acu leis an imscrúdú ar éilliú agus lena ionchúiseamh - forbhreathnú** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta Frith-Éillithe([129]) )*

neamhdhleathach i gcleachtadh a ndualgas ionas go n-áiritheofar lánurraim don dlí agus do phrionsabal an smachta reachta agus dá gcur i bhfeidhm agus nach mbíonn siad faoi réir aon bhrú pholaitiúil ná tionchair neamhdhleathaigh d'aon chineál. Ní hamháin go bhfuil feidhm ag an neamhspleáchas ar an tseirbhís ionchúisimh ina hiomláine, ach tá feidhm aige freisin maidir lena comhlachtaí áirithe agus ar ionchúisitheoirí aonair freisin. Cé acu samhail den chóras ceartais choiriúil atá ann nó den traidisiún dlí ina ndaingnítear é, éilíonn caighdeáin Eorpacha go ndéanann Ballstáit bearta éifeachtacha chun ráthaíocht a thabhairt gur féidir le hionchúisitheoirí poiblí a ndualgais agus freagrachtaí gairmiúla a chomhlíonadh faoi dhálaí dlíthiúla agus eagraíochtúla leordhóthanacha agus gan cur isteach nach bhfuil údar leis.
Féach Consultative Council of European Prosecutors (CCPE) Opinion No. 15 (2020) on the role of prosecutors in emergency situations, in particular when facing a pandemic.[Comhairle Chomhairleach na nIonschúisitheoirí Eorpacha (CCPE) Tuairim Uimh. 15 (2020) maidir le ról na n-ionchúisitheoirí i gcásanna éigeandála, go háirithe le linn paindéime.]; Opinion No. 16 (2021) on the Implications of the decisions of international courts and treaty bodies as regards the practical independence of prosecutors, para. 13.[Comhairle Chomhairleach na nIonschúisitheoirí Eorpacha (CCPE) Tuairim Uimh. 16 (2021) um Impleachtaí chinntí na gcúirteanna agus na gcomhlachtaí conartha idirnáisiúnta maidir le neamhspleáchas praiticiúil na n-ionchúisitheoirí, mír 13.]. Féach freisin Recommendation Rec(2000)19 on the role of public prosecution in the criminal justice system, adopted by the Committee of Ministers of the Council of Europe on 6 October 2000 (the 2000 Recommendation), paras. 4, 11 agus 13. *Opinion No. 13(2018) Independence, accountability and ethics of prosecutors, adopted by the Consultative Council of European Prosecutors (CCPE), recommendations i and iii;*[Tuairim Uimh. 13(2018) Neamhspleáchas, cuntasacht agus eitic na n-ionchúisitheoirí, arna glacadh ag Comhairle Chomhairleach na nIonschúisitheoirí Eorpacha (CCPE), moltaí i agus iii;] Grúpa Stát in aghaidh an Éillithe (GRECO), an ceathrú babhta meastóireachta 'Corruption prevention - Members of Parliament, Judges and Prosecutors', a vast number of recommendations ask for the introduction of arrangements to shield the prosecution service from undue influence and interference in the investigation of criminal cases [Cosc an éillithe - Feisirí Parlaiminte, Breithiúna agus Ionchúisitheoirí, líon ollmhór moltaí ina n-iarrtar socruithe a thabhairt isteach leis an tseirbhís ionchúisimh a chosaint ó thionchar míchuí agus ó chur isteach in imscrúdú cásanna coiriúla.]

[128] Airteagal 36 de UNCAC 'áiritheoidh gach Stát is Páirtí, de réir phrionsabail bhunúsacha a chórais dlí, go mbeidh comhlacht nó comhlachtaí nó daoine ann atá speisialaithe sa chomhrac in aghaidh an éillithe trí fhorfheidhmiú an dlí. Deonófar don chomhlacht nó do na comhlachtaí nó do na daoine sin an neamhspleáchas is gá, de réir phrionsabail bhunúsacha chóras dlí an Stáit is Páirtí, chun go mbeidh sé nó siad in ann a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach gan aon tionchar míchuí. Ba cheart an oiliúint agus na hacmhainní iomchuí a bheith ag na daoine sin nó ag foireann an chomhlachta nó na gcomhlachtaí sin chun a gcúraimí a chur i gcrích.

[129] Sonraí arna mbailiú trí cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe.

| | Ballstát | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Póilíní | Déanann gnáthphóilíní imscrúdú ar éilliú | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| | Déanann póilíní speisialaithe imscúdú ar éilliú | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● |
| Oifig an Ionchúisitheora | Déanann gnáthionchúisitheoirí imscrúdú ar éilliú | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| | Déanann ionchúisitheoirí speisialaithe imscrúú | | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● |

*(*) **ES**: Tá dhá údarás forfheidhmithe dlí speisialaithe san imscrúdú ar éilliú — Póilíní Náisiúnta: An tAonad um Choireacht Eacnamaíoch agus Fhioscach (UDEF) — Cuerpo Nacional de Policía, Unidad Central de Delincuencia Económica y Fiscal (UDEF) agus Garda Sibhialta: An Láraonad Oibriúcháin (UCO) — Guardia civil, Unidad Central operativa (UCO). **IT**: Níl aon oifigí ionchúisimh phoiblí speisialaithe ach amháin chun éilliú a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Mar sin féin, tá meithleacha ag cuid acu a dhéanann speisialtóireacht i gcoireanna i gcoinne an riaracháin phoiblí, lena bhféadfaí éilliú a áireamh freisin.*

Cuirtear i láthair le Fíor 61 na nósanna imeachta ceapacháin um chinn oifigí ionchúisitheora atá speisialaithe i ndéileáil le héilliú (i gcás inar ann dóibh). I 12 Bhallstát, níl aon oifig ionchúisitheora speisialaithe nó má tá oifig ann, déantar a ceann a cheapadh tríd an gnáthnós ceapacháin chun cinn nó oifigí ionchúisitheora a cheapadh.

**Fíor 61: Nósanna imeachta ceapacháin um chinn oifigí ionchúisitheora a bhfuil sé mar shainchúram acu déileáil le héilliú** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta Frith-Éillithe(*[130]*) )*




*(*) Ní dhíríonn an fíor seo ach ar na Ballstáit ag a bhfuil oifig speisialaithe ionchúisitheora a dhéileálann leis an éilliú a thoirmeasc beag beann ar leibhéal an speisialaithe. Léirítear faisnéis ann atá difriúil leis an mapáil san fhíor roimhe, ina thugtar forbhreathnú níos ginearálta ar an speisialú.* ***CZ****: Oifigí na nArd-Ionchúisitheoirí.* ***DK****: An tAonad Náisiúnta Speisialta um Choireacht.* ***IE****: Aonad Frithbhrí agus Frithéillithe, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.* ***EL****: Oifig an Ionchúisitheora Airgeadais.* ***ES****: Oifig an Stiúrthóra Speisialta Ionchúiseamh Poiblí in aghaidh an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe.* ***HR****: Oifig an Aturnae Stáit, Oifig um Thoirmeasc an Éillithe agus na Coireachta Eagraithe (USKOK). Tugann an tAire Dlí agus Cirt agus Riaracháin Phoiblí agus an Chomhairle in Oifig Stát-Aighne Phoblacht na Cróite a dtuairim i nós imeachta ceapacháin.* ***FR****: Airgeadóir náisiúnta iontlaise (PNF).* ***CY****: Tascfhórsa in aghaidh an éillithe arna mbunú faoi inniúlacht oifig an Ard-Aighne, le hoifigí speisialaithe ó institiúidí ábhartha.* ***LV****: Rannáin um Chomhordú an Chomhraic in aghaidh an Éillithe in Oifig an Ard-Ionchúisitheora agus Oifig an Ionchúisimh um Imscrúdú ar Chionta Mí-iompair ag Sealbhóirí Oifige Poiblí.* ***NL****: Oibríonn na hionchúisitheoirí poiblí a bhfuil baint acu le Foireann Frith-Éillithe na Seirbhíse Ionchúiseamh Poiblí go neamhspleách ar an leibhéal oibríochtúil agus feidhmiúil. Is í oifig an Ionchúisitheora a roghnaíonn (agus a mholann) na hionchúisitheoirí poiblí go léir. Ceaptar iad le foraithne ríoga, ach is foirmiúlacht é sin (níl aon chur isteach ag an rí ar an nós imeachta roghnúcháin d'ionchúisitheoirí poiblí).* ***AT****: Lároifig an Ionchúisitheora Phoiblí chun Coireanna Eacnamaíocha agus Éilliú a Chomhrac (WKStA).* ***PL****: Roinn Coireachta Eagraithe agus Éillithe Oifig an Ionchúisitheora Náisiúnta.* ***PT****: An tSeirbhís Ionchúisimh Phoiblí – An Lár-Roinn um Imscrúdú agus Ionchúiseamh Coiriúil (DICAP).* ***RO****: An Stiúrthóireacht Náisiúnta Frithéillithe* ***SI****: Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe Stáit Phoblacht na Slóivéine.* ***SK****: Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe.* ***SE****: An tAonad Frith-éillithe Náisiúnta [The National Anti-corruption Unit/(NACU)] (Riksenheten mot korruption).*

[130] Sonraí arna mbailiú trí cheistneoir cothrom le dáta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta sa chomhrac in aghaidh an éillithe.

I bhFíor 62 léirítear forbhreathnú ar na comhlachtaí agus na húdaráis a mholann iarrthóirí lena gceapadh mar ard-ionchúisitheoirí, na húdaráis a cheapann iad, agus na húdaráis a dtéitear i gcomhairle leo.

**Fíor 62: Moladh agus ceapadh an Ard-Ionchúisitheora** (*) *(Foinse: An Coimisiún Eorpach leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac([131]) )*




*(*) **BG**: Déanann triúr comhaltaí ar a laghad de Dhlísheomra na n-Ionchúisitheoirí i gComhairle na mBreithiúna agus an tAire Ceartais réamh-mholtaí le haghaidh iarrthóirí. Tar éis phróiseas roghnúcháin ag Seisiún Iomlánaíoch de Chomhairle na mBreithiúna, seoltar an moladh oifigiúil maidir le hiarrthóir amháin chuig Uachtarán na Poblachta a cheapann an tArd-Ionchúisitheoir ansin. Tá sé de cheart ag an Uachtarán ceapadh an iarrthóra mholta a chrosadh. Ansin ní mór don Seisiún Iomlánaíoch de Chomhairle na mBreithiúna vótáil arís le haghaidh liosta na n-iarrthóirí a moladh dóibh. Má atoghann siad an t-iarrthóir céanna, cuirtear d'oibleagáid ar an Uachtarán iad a thoghadh. **CZ**: Molann an tAire/an Aireacht Ceartais an tArd-Aighne, agus ceapann an rialtas iad. **DK**: Molann an tAire/an Aireacht Ceartais an tArd-Aighne, agus ceapann Coiste Fostaithe an rialtais iad. **DE**: Ceaptar an tArd-Ionchúisitheoir Poiblí Feidearálach ag Uachtarán na Gearmáine ar bhonn molta ón Aire Feidearálach Ceartais, agus ní mór don Chomhairle Fheidearálach an ceapachán a fhaomhadh. **EE**: Ceapann Rialtas na Poblachta an tArd-Ionchúisitheoir chun oifige ar bhonn molta ag an aire atá freagrach as an réimse tar éis thuairim Choiste Gnóthaí Dlí an Riigikogu a bhreithniú. **IE**: Roghnaíonn coiste a chuimsíonn an Príomh-Bhreitheamh, Cathaoirleach Chomhairle an Bharra, Uachtarán an Chumann Dlí, an tArd-Rúnaí don Rialtas agus Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne iarrthóirí le ceapadh tar éis comórtais oscailte agus agallaimh. **EL**: Molann an tAire/an Aireacht Ceartais an tArd-Ionchúisitheoir, agus ceapann Comhairle na mBreithiúna iad, tar éis foraithne ón uachtarán. **FR**: Togra le haghaidh ceapacháin: cinneann an tAire Ceartais le tuairim neamhcheangailteach roimh ré ó Chomhairle na mBreithiúna. **HR**: togra: an rialtas; ceapadh: An Pharlaimint bunaithe ar thuairim an choiste pharlaimintigh inniúil. **IT**: Cinneadh le haghaidh ceapacháin: tar éis mholadh na Comhairle, eisíonn an tAire Ceartais foraithne aire, gan aon discréid acu gan an t-ionchúisitheoir iarrthóra atá molta a cheapadh. **CY**: Molann agus ceapann an Ceann Stáit an tArd-Ionchúisitheoir. **LV**: Togra le haghaidh ceapacháin: An Chomhairle Bhreithiúnach. Cinneadh le haghaidh ceapacháin: An Pharlaimint. **LT**: Togra le haghaidh ceapacháin: an Coimisiún um Roghnú Ionchúisitheoirí (a chuimsíonn beirt ionchúisitheoirí a ainmníonn an Chomhairle Choláisteach, beirt ionchúisitheoirí a ainmníonn an tArd-Aighne, agus triúr comhaltaí eile, a gceaptar gach duine acu ag Uachtarán na Poblachta, Urlabhraí an Seimas agus an*

[131] Sonraí bailithe trí cheistneoir nuashonraithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac.

*Príomh-Aire faoi seach).* ***LU****: Molann an tAire/an Aireacht Ceartais an tArd-Aighne, agus ceapann an tArd-Diúc iad. Athrófar an nós imeachta ón 1 Iúil 2023 nuair a thosóidh Comhairle na mBreithiúna ag feidhmiú.* ***NL****: Glactar cinneadh um cheapadh le foraithne ríoga (le hoibleagáid cloí leis an moladh an t-iarrthóir a cheapadh chuig post an ionchúisitheora). Glactar cinneadh maidir leis an dífhostú le foraithne ríoga.* ***AT****: Togra le haghaidh ceapacháin: comhlacht pearsanra neamhspleách. Cinneadh le haghaidh ceapacháin: Tarmligeann an tUachtarán Feidearálach an cinneadh chuig an Aire Ceartais.* ***PL****: Is iad an tAire Ceartais an t-Ard*-Ionchúisitheoir *freisin. Déantar iad a cheapadh agus a dhífhostú ag Uachtarán Phoblacht na Polainne de réir mholadh an Phríomh-Aire.* ***RO****: Molann an tAire/an Aireacht Ceartais an tArd-Aighne, agus ceapann an Ceann Stáit iad.* ***SI****: Togra: Comhairle Ionchúiseach an Stáit; ceapadh: An Pharlaimint, tar éis tuairim a fháil ón rialtas.* ***SK****: Féadtar moladh amháin um thoghadh iarrthóra le haghaidh Ard-Ionchúisitheora a chur faoi bhráid na Comhairle Náisiúnta ag comhalta den Pharlaimint, an Aire Ceartais, ag Cosantóir Poiblí na gCeart, Comhairle Ionchúisitheoirí Phoblacht na Slóvaice, an eagraíocht ghairmiúil dlíodóirí, dámh an dlí in ollscoil atá bunaithe i bPoblacht na Slóvaice agus Institiúid an Stáit agus an Dlí in Acadamh Eolaíochtaí na Slóvaice.* ***SE****: Níl aon údarás molta i gceist.*

– *Dlínsí bunreachtúla* –

Tá an ceartas bunreachtúil ina ghné lárnach de shrianta agus ceartúcháin i ndaonlathas bunreachtúil. Tá ról ríthábhachtach ag cúirteanna bunreachtúla maidir le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus iad ag áirithiú dhlí ordúil an Aontais, agus ag cinneadh na bprionsabal bunúsach a chuimsíonn riail an dlí. Chomh luath le 1970, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do Bhallstáit mar bhonn na cosanta Eorpaí ar chearta bunúsacha. ([132]). Níos déanaí fós, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl go bhfuil prionsabail riail an dlí, mar a forbraíodh i gcásdlí na Cúirte ar bhonn chonarthaí an Aontais, bunaithe ar luachanna coiteanna a aithníonn na Ballstáit agus a gcuireann siad i bhfeidhm ina gcórais dlí féin([133]) .

Tagann eagrú an cheartais, lena n-áirítear bunú, comhdhéanamh agus feidhmiú cúirte bunreachtúla, faoi réir inniúlacht na mBallstát([134]) . Ina theannta, d'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh cúirteanna bunreachtúla, i gcás inar ann dóibh, ina gcuid de na breithiúna. Mar a chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, áfach, agus iad ag feidhmiú na hinniúlachta sin, ceanglaítear ar Bhallstáit a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh a dhíorthaíonn ó dhlí an Aontais, agus, go háirithe, na luachanna a chomhlíonadh ar a bhfuil an tAontas bunaithe([135]). Thug Coimisiún na Veinéise faoi deara freisin nach ann do cheanglas ginearálta chun cúirt bhunreachtúil a bhunú ([136]). Léirítear i bhFíor 63 céad fhorbhreathnú ar na réitigh éagsúla a glacadh i mBallstát d'fhonn cosaint cheart bhunreachtúil a áirithiú ag an gcéim is airde.

[132] CBAE, breithiúnas an 17 Nollaig 1970, *Internationale Handelsgesellschaft*, 11/70, EU:C:1970:114.

[133] CBAE, breithiúnais an 16 Feabhra 2022, *An Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, EU:C:2022:97, mír. 237, agus an 16 Feabhra 2022, *An Pholainn* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-157/21, EU:C:2022:98, mír. 291.

[134] CJEU, breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:31.

[135] CJEU, breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *RS (Éifeacht cinntí cúirte bunreachtúla)*, C-430/21, EU:C:2022:99, mír 38.

[136] Tiomsú tuairimí, tuarascálacha agus staidéar ar cheartas bunreachtúil ó Choimisiún na Veinéise, lch. 6.

**Fíor 63: An chéim is airde ag feidhmiú dlínse** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach)*

| Ballstát | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL[1] | PT | RO | SI | SK | FI | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cúirt Bhunreachtúil | ● | ● | ● | | ● | | | | ● | | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | |
| Cúirt Uachtarach | | | | ● | | ● | ● | ● | | | | | ● | | | | | | ● | | | | | | | ● | ● |
| Cúirt Riaracháin Uachtarach | | | | | | | | ● | | | | | | | | | | | | | | | | | | ● | ● |
| Comhairle Bhunreachtúil | | | | | | | | | | ● | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[1] Meabhraítear gur chinn an Coimisiún, an 15 Feabhra 2023, an Pholainn a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais ag a Binse Bhunreachtúil agus a cásdlí. Measann an Coimisiún i.a. nach gcomhlíonann an Binse Bhunreachtúil an ceanglas maidir le cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta a bunaíodh roimhe leis an dlí i bhfianaise ceapadh mírialta breithiúna chuig poist a bhí líonta cheana féin agus mar gheall ar neamhrialtachtaí maidir le ceapadh an Uachtaráin atá uirthi faoi láthair.

*(*) Is iad na dlínsí a bhreithnítear chun críocha na cairte seo:* ***BE:*** *Cour Constitutionnelle, Grondwettelijk Hof (Cúirt Bhunreachtúil na Beilge).* ***BG****: Конституционен съд на Република България (Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire).* ***CZ****: Ústavní soud (Cúirt Bhunreachtúil na Seicia).* ***DK****: Højesteret (Cúirt Uachtarach na Danmhairge).* ***DE****: Bundesverfassungsgericht (An Chúirt Bhunreachtúil Fheidearálach). Tá gach cúirt inniúil chun bunreachtúlacht na reachtaíochta a athbhreithniú. Is é is ábhar don athbhreithniú cibé acu an nglactar acht i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos leis an mBunreacht agus le Buanorduithe na Parlaiminte agus an gcomhlíonann ábhar an achta an Bunreacht.* ***EE****: Riigihokus (Dlísheomra na Cúirte Uachtaraí um Athbhreithniú Bunreachtúil agus an Chúirt Uachtarach en banc).* ***IE****: Cúirt Uachtarach na hÉireann.* ***EL****: Areios Pagos (An Chúirt Uachtarach) agus Symvoulio Tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit). Níl aon chúirt bhunreachtúil ann. Tá an chumhacht ag gach breitheamh chun bunreachtúlacht an dlí a rialú (Airteagal 87, mír 2 den Bhunreacht: 'is faoi réir an Bhunreachta agus na ndlíthe amháin a bheidh breithiúna; ní chuirfear d'oibleagáid orthu, i gcás ar bith, na forálacha atá achtaithe a chomhlíonadh de shárú ar an mBunreacht').* ***ES****: Tribunal Constitucional de España (Cúirt Bhunreachtúil na Spáinne).* ***FR****: Conseil Constitutionnel (An Chomhairle Bhunreachtúil). HR: Ustavni sud Republike Hrvatske (Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Cróite).* ***IT****: Corte Costituzionale (An Chúirt Bhunreachtúil).* ***CY****: Ανώτατο Δικαστήριο (Cúirt Uachtarach Phoblacht na Cipire).* ***LV****: Latvijas Republikas Satversmes tiesa (Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Laitvia).* ***LT****: Lietuvos Respublikos Konstitucinis Teismas (Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Liotuáine).* ***LU****: Cour constitutionnelle de Luxembourg (Cúirt Bhunreachtúil Lucsamburg).* ***HU****: Alkotmánybíróság (Cúirt Bhunreachtúil na hUngáire). Féadann gach cúirt foirm dhíláraithe athbhreithnithe 'bhunreachtúil' a dhéanamh de réir conarthaí a bhfuil feidhm dhíreach acu.* ***MT****: An Chúirt Bhunreachtúil.* ***NL****: Hoge Raad der Nederlanden (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre) — Feidhmíonn Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre mar chúirt achomhairc i gcásanna sibhialta, coiriúla agus cánach.* ***AT****: Alkotmánybíróság (Cúirt Bhunreachtúil na hOstaire).* ***PL****: Trybunal Konstytucyjny (Binse Bunreachtúil na Polainne).* ***PT****: Tribunal Constitucional (An Chúirt Bhunreachtúil).* ***RO****: Curtea Constituțională (Cúirt Bhunreachtúil na Rómáine).* ***SI****: Ustavno sodišče Republike Slovenije (Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Slóivéine).* ***SK****: Ústavný súd Slovenskej republiky (Cúirt Bhunreachtúil na Slóvaice)* ***FI****: Korkein oikeus ja Korkein hallinto-oikeus (Cúirt Uachtarach agus Cúirt Riaracháin Uachtarach na Fionlainne). Níl aon chúirt bhunreachtúil san Fhionlainn. Féadann gach cúirt athbhreithnithe ex post a dhéanamh ar bhunreachtúlacht cásanna nithiúla, agus is iad an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Riaracháin Uachtarach an chéim is airde i ngach brainse de na breithiúna.* ***SE****: Högsta Domstolen Högsta och Förvaltningsdomstolen (An Chúirt Uachtarach agus Cúirt Riaracháin na Sualainne). Féadann gach cúirt athbhreithniú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na ndlíthe don Bhunreacht nó do reachtanna níos uachtaráin agus cásanna nithiúla á mbreithniú agus ní mór di aon fhorálacha neamh-chomhoiriúnacha a léiriú.*

Bíonn na hinniúlachtaí a shanntar do na dlínsí bunreachtúla sin éagsúil freisin, agus níl aon chaighdeáin Eorpacha infheidhme chuige sin. Léirítear sa chleachtas go bhfuil ról ag roinnt Ballstát maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtreachtaíocht le príomhról na gCúirteanna Bunreachtúla in athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar noirm([137]) . I roinnt cásanna, ceadaítear faoin dlí náisiúnta do dhaoine aonair agus d'eintitis dhlítheanacha achomharc a dhéanamh chun na ndlínsí bunreachtúla; d'fhéadfadh an ceart sin a bheith teoranta do chásanna de neamhbhunreachtúlacht líomhanta na reachtaíochta is infheidhme go ginearálta, cé go bhféadfadh go gclúdódh sé, i gcásanna eile, an ceart chun dúshlán a thabhairt d'achtanna aonair. I bhFíor 64 tugtar forbhreathnú ar na hinniúlachtaí éagsúla a chleachtann na dlínsí bunreachtúla is airde de chuid Ballstát, agus é dírithe ar shraith roghnaithe inniúlachtaí a chuirtear i leith na ndlínsí sin go minic.

**Fíor 64: Inniúlachtaí roghnaithe na céime is airde a chleachtann dlínse bhunreachtúil** (*)
*(foinse: An Coimisiún Eorpach)*

| Ballstát | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL[1] | PT | RO | SI | SK | FI | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Athbhreithniú bunreachtúil ar dhréachtreachtaíocht | | | | | | ● | ● | | ● | ● | | | | | | | ● | | | | ● | ● | ● | ● | | ● | |
| Athbhreithniú bunreachtúil ar reachtaíocht agus ar noirm eile is infheidhme go ginearálta | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Gearán bunreachtúil le daoine (nádúrtha nó dlítheanacha) a cheistíonn norm is infheidhme go ginearála a chuirtear i bhfeidhm ina gcás sonrach | ● | | ● | | ● | | ● | | ● | ● | ● | | | ● | ● | | ● | ● | | ● | ● | | ● | ● | | | |
| Gearán bunreachtúil le daoine (nádúrtha nó dlítheanacha) a cheistíonn gníomh aonair d'údarás poiblí (lena n-áirítear cinntí breithiúnacha) a dhéanann difear dá gcearta | | | ● | | ● | | ● | | ● | | | | | ● | | | ● | ● | | ● | | | | | ● | | |

[1] Meabhraítear gur chinn an Coimisiún, an 15 Feabhra 2023, an Pholainn a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais ag a Binse Bunreachtúil agus a cásdlí. Measann an Coimisiún i.a. nach gcomhlíonann an Binse Bunreachtúil an ceanglas maidir le cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta a bunaíodh roimhe leis an dlí i bhfianaise ceapadh mírialta breithiúna chuig poist a bhí líonta cheana féin agus mar gheall ar neamhrialtachtaí maidir le ceapadh an Uachtaráin atá uirthi faoi láthair.

*(*) **CZ**: Ní dhéanann an Chúirt Bhunreachtúil athbhreithniú ex ante ach i gcás go bhfuil measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht conartha idirnáisiúnta leis an mBunreacht agus le dlíthe bunreachtúla. Ní fhéadann duine aonair dúshlán a thabhairt do norm ginearálta os comhair na Cúirte Bunreachtúla ach in imthosca teoranta. **DK:** Féadann gach cúirt athbhreithniú a dhéanamh ar bhunreachtúlacht na reachtaíochta. Is é is ábhar don athbhreithniú cibé acu an nglactar acht i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos leis an mBunreacht agus le Buanorduithe na Parlaiminte agus an gcomhlíonann ábhar an achta an Bunreacht. **IE:** Foráiltear le hAirteagal 26 den Bhunreacht go bhféadann Uachtarán na hÉireann dréachtreachtaíocht a chur faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí le tuairim a fháil faoina bailíocht bhunreachtúil. **EL:** Níl aon chúirt bhunreachtúil ann. Tá an ceart agus tá sé dhualgas ag gach breitheamh bunreachtúlacht na ndlíthe a rialú (smacht bunreachtúil díláraithe). Ní fhéadann an chúirt an dlí atá á iniúchadh a dhearbhú mar neamh-infheidhme ach le haghaidh an cháis atá idir lámha. **ES:** Féadann an Chúirt Bhunreachtúil réamh-achomhairc a dhéanamh ar mhíbhunreachtúlacht maidir le tograí um reachtanna neamhspleáchais. **IT:** Féadann gach gnáthbhreitheamh agus breitheamh riaracháin ceist a ardú maidir le bailíocht bhunreachtúil na norm nach mór dóibh a chur i bhfeidhm ar an gcás roimhe. Féadann rialtais stáit agus réigiúnacha*

[137] Coimisiún na Veinéise, CDL-AD(2011)001 An Ungáir – Tuairim ar thrí cheist dlí a tháinig chun cinn agus an Bunreacht Nua á dhréachtú, mír 34-37.

*saincheisteanna bunreachtúlachta a chur faoi bhráid na Cúirte go díreach, agus iad ag maíomh gur sáraíodh a chuid inniúlachtaí atá ráthaithe leis an mbunreacht.* ***LU:*** *Ní fhéadtar seiceáil ar bhunreachtúlacht a thionscain ach i gcás go n-ardaíonn páirtí ceist maidir le comhréire dlí leis an mBunreacht roimh ghnáthchúirteanna nó chúirteanna riaracháin.* ***CY:*** *Beidh cúirt bhunreachtúil (Ανώτατο Συνταγματικό Δικαστήριο) ag an gCipir ó mhí Iúil 2023 i leith. Foráiltear leis an reachtaíocht do chóras chun ceisteanna a bhaineann le bunreachtúlacht dlí a chur faoi bhráid na Cúirte Bunreachtúla ag gnáthchúirteanna. Ní fhéadann an Chúirt Bhunreachtúil athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin aonair.* ***HU:*** *Féadfaidh an Pharlaimint nó Uachtarán na Poblachta athbhreithnithe ex ante ar dhréachtdlíthe a iarraidh. Féadann an rialtas, ceathrú de chomhaltaí na Parlaiminte, an Coimisinéir um Chearta Bunúsacha (an tOmbudsman), uachtarán an Kúria (An Chúirt Uachtarach) agus an tArd-Ionchúisitheoir athbhreithniú ex post a dhéanamh ar dhlíthe.* ***NL:*** *Féadann gnáthchúirteanna foirm dhíláraithe athbhreithnithe bhunreachtúil a dhéanamh in éagmais Cúirte Bunreachtúla láraithe. Cé nach bhféadfar achtanna Parlaiminte a athbhreithniú de réir an Bhunreachta, féadtar athbhreithniú a dhéanamh de réir conarthaí a bhfuil feidhm dhíreach acu. Cuireann Rannán Comhairleach Chomhairle an Stáit comhairle neamhspleách ar fáil maidir le dréachtreachtaíocht, lena n-áirítear maidir lena comhoiriúnacht leis an mBunreacht.* ***PT:*** *Cuimsíonn athbhreithniú ex post seiceáil bhunreachtúil ar an easnamh na bearta reachtacha riachtanacha a ghlacadh le noirm bhunreachtúla a chur i gcrích.* ***SI:*** *Tar éis togra a fháil ó Uachtarán na Poblachta, ón rialtas nó ó thrian de chomhaltaí an Tionóil Náisiúnta, eisíonn an Chúirt Bhunreachtúil tuairim faoi chomhréireacht conartha idirnáisiúnta leis an mBunreacht, le linn phróiseas daingnithe an chonartha. Tá an Tionól Náisiúnta faoi cheangal thuairim na Cúirte Bunreachtúla.*

*– Neamhspleáchas na mbarraí agus dlíodóirí san Aontas Eorpach –*

Feidhmíonn dlíodóirí agus a gcomhlachais ghairmiúla ról bunúsach chun cosaint na gceart bunúsach a áirithiú agus chun an smacht reachta a neartú ([138]). Éilítear de réir chóras cóir um cheartas a riar go mbíonn an tsaoirse ag dlíodóirí dul i mbun a gcuid gníomhaíochtaí comhairle a thabhairt dá gcliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a sonsan. Is le comhaltas na ndlíodóirí i saorghairm agus leis an údarás a thagann ón gcomhaltas sin a chuidítear leis an neamhspleáchas sin a choinneáil ar bun, agus feidhmíonn comhlachais bharra ról tábhachtach chun cuidiú le neamhspleáchas dlíodóirí a ráthú. Éilítear de réir na gcaighdeán Eorpach, i measc nithe eile, an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh chomh maith le neamhspleáchas na gcomhlachas barra. Leagtar síos freisin leis na caighdeáin sin na bunphrionsabail um imeachtaí araíonachta in aghaidh dlíodóirí ([139]).

[138] ‘Lawyers play an important role in protecting the rule of law and judicial independence, while respecting the separation of powers and fundamental rights.’ [‘Feidhmíonn dlíodóirí ról tábhachtach um chosaint an smachta reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna, agus urraim á léiriú do scaradh cumhachta agus cearta bunúsacha.’], ‘Access to a lawyer and rule of law’ [Rochtain ar dhlíodóir agus an smacht reachta], plépháipéar na hUachtaránachta le haghaidh chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 3 agus 4 Márta 2022: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6319-2022-INIT/en/pdf.

[139] Moladh Uimh. R(2000)21 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa.

**Fíor 65: Independence of Bars and lawyers, 2022 [Neamhspleáchas Barraí agus dlíodóirí, 2022]** (*) *(foinse: An Coimisiún Eorpach in éineacht le Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa ([140]))*




*(*) Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, d'fhéadfadh Ballstáit scór suas le 9 bpointe ar a mhó a fháil. Rinneadh an suirbhé ag tús 2023. Le haghaidh na ceiste faoi ráthaíochtaí le haghaidh rúndacht an chaidrimh idir dlíodóir agus cliant dámhadh 0.5 pointe ar gach ceann de na cásanna a clúdaíodh go hiomlán (cuardach agus urghabháil r-shonraí i seilbh an dlíodóra, cuardach ar áitreabh an dlíodóra, idirghabháil cumarsáide idir dlíodóir agus cliant, faireachas ar an dlíodóir nó ar a (h)áitreabh, iniúchadh cánach agus seiceálacha riaracháin eile). Le haghaidh gach critéir eile atá comhlíonta ina iomláine, dámhadh 1 phointe amháin. Níor dámhadh aon phointí murar comhlíonadh an critéar.* ***MT:*** *freagraí ó 2020, curtha in oiriúint don mhodheolaíocht nua.* ***EE:*** *Tá cumhachtaí maoirseachta leathana ag an Aireacht Ceartais ar eagrú an chórais cúnaimh dhlíthiúil.* ***LT:*** *I gcomhréir leis an dlí um an mBarra, féadann Comhairle an Bharra gníomhaíocht araíonachta a ghlacadh in aghaidh dlíodóirí. Leagtar síos leis freisin, áfach, go bhfuil an ceart sin ag an Aire Ceartais. Má chinneann an tAire Ceartais gníomh araíonachta a thionscain in aghaidh dlíodóra, níl cead aighnis ag an mBarra sna himeachtaí sin, agus téann an cás díreach chuig an gCúirt Araíonachta. Anuas air sin, tá an Chúirt Araíonachta déanta suas de chúigear dlíodóirí, atá ina gcomhaltaí den Bharra. Toghann Comhthionól Ginearálta an Bharra triúr as an gcúigear, agus ceapann an tAire Ceartais an bheirt eile.* ***PL:*** *Tá ról maoirseachta ag an Aireacht Ceartais ar an mBarra, eagraíonn sí scrúduithe an Bharra, agus rialaíonn sí an scéim maidir le híostáillí dlí.* ***SI****: Déantar imeachtaí araíonachta a iompar laistigh de Chomhairle an Bharra féin go heisiach. Féadtar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh Choiste Araíonachta na céime is airde, a dhéanann Coiste Araíonachta na dara céime a bhreithniú. Ní fhéadtar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh Choiste Araíonachta na dara céime. Cinntear sin le hAirteagal 65 d'Acht na n-Aturnaetha: 'Beidh cinntí na gcomhlachtaí araíonachta de chuid Chumann an Bharra infhorfheidhmithe.';* ***SK****: Is é an Coiste Maoirseachta neamhspleách de chuid Chumann Barra na Slóvaice go príomha a chomhdaíonn achainí bunaithe ar an ngearán. Féadfaidh an tAire Ceartais imeacht araíonachta a thionscain freisin, áfach, más amhlaidh 'gur ghlac dlíodóir gníomh a d'fhéadfaí a mheas mar mhí-iompar gairmiúil faoi na rialacha a bhí i bhfeidhm go dtí sin, nó féadfaidh an tAire Ceartais (agus iad ag gníomhú ina gcáil mar achainíoch) iarratas ar an imeacht araíonacha a thosú faoin Acht seo a chur faoi bhráid chomhlacht rialaithe an Bharra iomchuí laistigh den teorainn ama a bhain le tosú an imeachta araíonachta faoin riail a bhí i bhfeidhm go dtí sin.'*

---

[140] Ba trí fhreagraí ó chomhaltaí CCBE ar cheistneoir a bailíodh na sonraí in 2022.

### 3.3.3. Achoimre maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna

Is gné bhunúsach de chóras ceartais éifeachtach é neamhspleáchas na mbreithiúna. Baineann ríthábhacht leis chun an smacht reachta, cothroime na n-imeachtaí breithiúnacha agus muinín na saoránach agus na ngnólachtaí sa chóras dlí a chaomhnú. Ar an gcúis sin, ba cheart go ndéanfaí an smacht reachta a chaomhnú le haon athchóiriú ar an gceartas, agus go gcomhlíonfadh sé aon chaighdeáin Eorpacha um neamhspleáchas na mbreithiúna. Taispeántar treochtaí i Scórchlár 2023 i mbraistintí an phobail i gcoitinne agus na gcuideachtaí ar neamhspleáchas na mbreithiúna. Léirítear leis an eagrán seo freisin roinnt táscairí nua maidir le hUachtaráin Chúirte Uachtaraí agus Ard-Ionchúisitheoirí a cheapadh, maidir le comhlachtaí a ghabhann do chosc agus thoirmeasc an éillithe, agus maidir le dlínsí bunreachtúla a chleachtadh ag na céimeanna is airde. Ní cheadaítear sna táscairí struchtúracha conclúidí a tharraingt maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna de chuid na mBallstát, ach feidhmíonn siad mar ghnéithe féideartha a d'fhéadfaí a ghlacadh mar thúsphointe le haghaidh anailís den sórt sin.

a) Cuirtear i láthair i Scórchlár 2023 na forbairtí maidir leis an **neamhspleáchas a bhraitear** ó shuirbhéanna ar an bpobal i gcoitinne (Eorabharaiméadar FL519) agus ar chuideachtaí (Eorabharaiméadar FL520):
    - Taispeántar san ochtú suirbhé Eorabharaiméadair i measc an phobail i gcoitinne (Fíor 49) go bhfuil *feabhas* tar éis teacht ar bhraistint an neamhspleáchais in 15 Bhallstát i gcomparáid le 2016. Tá *feabhas* tagtha ar bhraistint an phobail i gcoitinne ar an neamhspleáchas in ocht mBallstát a bhfuil dúshláin shonracha os a gcomhair i gcomparáid le 2016. I gcomparáid leis an mbliain anuraidh, tháinig *feabhas* ar bhraistint an phobail i gcoitinne ar an neamhspleáchas i 12 Bhallstát, agus i 8 mBallstát a bhfuil dúshláin shonracha os a gcomhair, ach in dhá Bhallstát, tá an leibhéal neamhspleáchais a bhraitear fós cuibheasach íseal.
    - Taispeántar san ochtú suirbhé Eorabharaiméadair i measc na gcuideachtaí (Fíor 51) go bhfuil *feabhas* tar éis teacht ar bhraistint an neamhspleáchais in 12 Bhallstát i gcomparáid le 2016. I gcomparáid leis an mbliain anuraidh, áfach, tháinig *laghdú* ar bhraistint an phobail i gcoitinne ar an neamhspleáchas in 13 Bhallstát, agus i 9 mBallstát a bhfuil dúshláin shonracha os a gcomhair. In dhá Bhallstát, fanann leibhéal an neamhspleáchais bhraite cuibheasach íseal.
    - I measc na gcúiseanna leis an easpa neamhspleáchais a bhraitear sna cúirteanna agus i measc na mbreithiúna, ba é *cur isteach nó brú ó rialtas agus polaiteoirí* an fáth ba mhó a luadh, agus *brú ó leasanna eacnamaíocha agus sonracha eile* ina dhiaidh sin. I gcomparáid leis na blianta roimhe sin, is suntasach fós iad an dá fháth le haghaidh an dá Bhallstát ina bhfuil an neamhspleáchas braite fíor-íseal (Fíoracha 50 agus 52).
    - I measc na bhfáthanna leis an dea-bhraistint ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbreithiúna, d'ainmnigh beagnach ceithre chúigiú de chuideachtaí agus den phobal i gcoitinne (coibhéiseach le 38 % agus 42 % de gach freagróir, faoi seach) na *ráthaíochtaí a thugtar le stádas agus le suíomh na mbreithiúna*.

b) Ó 2022, taispeántar i Scórchlár Ceartais AE torthaí an tsuirbhé Eorabharaiméadair ar an gcaoi a mbraitheann cuideachtaí **éifeachtacht na cosanta infheistíochta faoin dlí agus na cúirteanna** i dtaca le cinntí gan údar nó neamhghníomhaíocht ag an Stát ina dtuairimsean (Fíor 53). Is príomhthosca lena mbaineann suntas inchomparáide fós iad

iompraíocht riaracháin, cobhsaíocht agus cáilíocht an phróisis reachtóireachta, chomh maith le héifeachtacht na gcúirteanna agus na cosanta maoine don mhuinín i gcosaint na hinfheistíochta (Fíor 54). I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tháinig feabhas ar mhuinín i gcosaint na hinfheistíochta i 16 Bhallstát.

c) Léirítear i bhFíor 55 forbhreathnú nuashonraithe ar phríomhchumhachtaí na gComhairlí Breithiúna i dtíortha ina bhfuil a leithéid de chomhlachtaí.

d) Léirítear i bhFíoracha 56 go 57 an staid maidir le hUachtarán Cúirte Uachtaraí a cheapadh i ngach Ballstát. I bhFíor 56 léirítear na húdaráis a mholann iarrthóirí lena gceapadh mar Uachtaráin Cúirte Uachtaraí agus na húdaráis a cheapann iad. Léirítear i bhFíor 57 inniúlacht na cumhachta feidhmiúcháin agus na parlaiminte maidir le hUachtaráin Cúirte Uachtaraí a cheapadh tar éis aighneachta ag na húdaráis mholta.

e) Den chéad uair, léiríonn Scórchlár Ceartais an Aontais Eorpaigh sraith táscairí atá tiomnaithe go sonrach don fhrithéilliú. Léirítear le Fíoracha 58 agus 59 léargas comparáideach ar chumhachtaí agus ar cheapachán na gcomhlachtaí speisialaithe a dhéileálann le héilliú a chosc. Léirítear i bhFíoracha 60 agus 61 céad fhorbhreathnú ar chomhlachtaí maidir lena speisialtóireacht i ndáil le héilliú a thoirmeasc agus na nósanna imeachta ceapacháin um chinn oifigí ionchúisitheoirí a bhfuil sé mar réimse speisialtóireachta acu déileáil leis an éilliú.

f) Léirítear i bhFíor 62, den chéad uair, na húdaráis a cheapann na hArd-Ionchúisitheoirí.

g) Léirítear i bFíoracha 63 agus 64, mar rud úrnua san eagrán seo den Scórchlár, céad fhorbhreathnú ar na réitigh éagsúla a glacadh i mBallstát d’fhonn cosaint cheart bhunreachtúil agus a gcuid inniúlachtaí roghnaithe a áirithiú ag an gcéim is airde.

h) Taispeántar i bhFíor 65 cé go bhfeidhmíonn an feidhmeannach ról maoirseachta éigin i naoi mBallstát maidir leis an mBarra, bíonn neamhspleáchas na ndlíodóirí faoi ráthaíocht ar bhonn ginearálta, rud a thugann saoirse do dhlíodóirí chun dul i mbun a gcuid gníomhaíochtaí comhairle a thabhairt dá gcliaint agus ionadaíocht a dhéanamh ar a son.

## 4. CONCLÚIDÍ

Cuirtear i láthair i Scórchlár Ceartais AE 2023 pictiúr éagsúil ar éifeachtacht na gcóras ceartais sna Ballstáit. Léiríonn sé go bhfuil iarrachtaí ar siúl i go leor dlínsí chun éifeachtúlacht, cáilíocht agus neamhspleáchas na gcóras ceartais a fheabhsú. Tá dúshláin fós ann, áfach, chun muinín iomlán na saoránach i gcórais dlí gach Ballstáit a áirithiú. Is rannchuidiú é an fhaisnéis i Scórchlár Ceartais AE leis an bhfaireachán a dhéantar faoi chuimsiú Shásra Eorpach an Smachta Reachta, agus cuireann sí le tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin um an Smacht Reachta.